



# Comhairle Contae Annual Report 2022

# Ár Misean

Feidhmiú mar Chomhairle atá bríomhar, ag féachaint chun cinn agus á rith go héifeachtach, a léiríonn ceannaireacht agus a ghlacann le héagsúlacht agus le deiseanna.

# Clár na nÁbhar

Réamhfhocal an Mhéara	Leathanach 4
Réamhrá an	Leathanach 6
Phríomhfheidhmeannaigh	Leathanach 9
Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Ghine Gall	Leathanach 14
Príomhéachtaí Chomhairle Contae Fhine Gall	Leathanach 16
Athbhreithniú ar an bPlean Corparáideach	Leathanach 38
Tuarascálacha Cláir an Choiste um Beartas Straitéiseach	Leathanach 51
Comhaltacht agus Gníomhaíochtaí an Chomhchoiste	Leathanach 54

## **TUARASCÁLACHA MAIDIR LE SOLÁTHAR SEIRBHÍSE**

Údarás Inniúil Torainn Aerárthaí Ailtirí	Leathanach 60
Forbairt Pobail & Spóirt Seirbhísí	Leathanach 61
Corparáideacha	Leathanach 63
Seirbhísí Digiteacha	Leathanach 70
Forbairt Gheilleagrach, Fiontair, Turasóireachta & Chultúrtha Timpeallacht, Athrú Aeráide & Taisteal	Leathanach 72
Gníomhach	Leathanach 74
Airgeadas	Leathanach 77
Tithíocht Dlí	Leathanach 81
Leabharlan	Leathanach 88
na	Leathanach 89
Oibríochtaí	Leathanach 93
Seirbhísí do Dhaoine	Leathanach 94
Bonneagar Pleanála & Straitéiseach	Leathanach 98
Seirbhísí Uisce	Leathanach 101

Aguisín I	Comhaltaí den Chomhairle	Leathanach 110
Aguisín II	Comhaltacht Comhairleoirí de Bhuanchoistí na Comhairle	Leathanach 113
Aguisín III	Comhaltacht Comhairleoirí de Chomhlachtaí Eile	Leathanach 115
Aguisín IV	Cruinnithe reáchtáilte in 202	Leathanach 117
Aguisín V	Tinreamh ag Cruinnithe in 2022	Leathanach 118
Aguisín VI	An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999	Leathanach 120
Aguisín VII	Íocaíochtaí le Comhairleoirí	Leathanach 122
Aguisín VIII	Comhdhálacha/Seimineáir/Cúrsaí Oiliúna ar fhreastail Comhairleoirí	Leathanach 123
Aguisín IX	orthu in 2022 Cuid 15 An	Leathanach 126
Aguisín X	tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 - Sáruithe	Leathanach 127
Aguisín XI	Alt 22 d'Acht um Nochtadh Cosanta, 2014	Leathanach 128
Aguisín XII	Iarratais Saorála Faisnéise/Fiosrúcháin ón Ombudsman/Gearáin ó Chustaiméirí	Leathanach 130



# Réamhfhocal

---

**Howard Mahony**  
Méara Fhine Gall



I mí an Mheithimh ba mhór an phribhléid dom a bheith tofa mar 17<sup>ú</sup> Méara Fhine Gall ag mo chomh-Chomhairleoirí, go háirithe de bhrí nár thosaigh mé ag obair leo go dtí 2016. Tá mo shaol caite agam i mbun seirbhís phoiblí, agus dá bhrí sin, is mór an onóir dom an deis a fháil ionadaíocht a dhéanamh ar an gContae álainn agus bualadh le pobal na háite agus le lucht gnó Fhine Gall.

Agus muid ag druidim le deireadh 2022, sílim go bhfuil sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta againn agus an méid atá bainte amach againn d'fhonn a chinntiú gur áit iontach í seo le bheith ag maireachtáil inti agus ag obair inti a cheiliúradh. Ag croílár na hoibre seo bhí an uaillmhian caighdeán beatha gach duine i bhFine Gall a fheabhsú, rud a chiallaigh go bhfuil an bonneagar ceart forbartha againn, go bhfuilimid ag tacú leis tionscnaimh a spreagfaidh an geilleagar áitiúil agus a chuirfidh dlús le fás geilleagrach, agus go bhfuil tionscadail á gcur i bhfeidhm againn ar féidir leo tacú le difríocht dhearfach i measc an phobail.

Chun cabhrú leis na tionscnaimh seo, tuigimid nach mór dúinn infheistiú sa todhchaí agus chuige sin chomhaontaigh Comhairleoirí gur mbeadh buiséad 2023 socraithe ag €333 milliún, figiúr arb ionann é agus méadú 11% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Is ionann é sin agus caiteachas €1,013 in aghaidh an duine agus ceadaíonn sé don Chomhairle leanúint leis an obair agus cur leis na seirbhísí atá á gcur ar fáil don phobal. Ciallaíonn sé seo go mbeidh maoiniú breise ar fáil do chlár oibreacha, páirceanna agus spásanna oscailte, leithris phoiblí, saoráidí pobail, tithíocht agus an timpeallacht.

Tá iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh againn an méid atá ar fáil do dhaoine sa Chontae a fheabhsú, rud a chiallaigh go bhfuil ár spásanna glasa forbartha agus go bhfuil taitneamhachtaí amuigh faoin aer ar fáil. Tionscadal amháin ar chuir mé féin an-spéis ann é Conair Ghleann na Life a tharraingíonn aird ar 29 láthair inspéise ina bhfuil éagsúlacht shaibhir de láithreáin stairiúla, nithe is díol spéise do chualteoirí, ionaid siopadóireachta agus gníomhaíochtaí áineasa i mBaile Átha Cliath 15 ar féidir le daoine taitneamh a bhaint astu.

Tá spriocanna uaillmhianacha sonraithe ag Comhairle Contae Fhine Gall maidir le tithíocht, agus glacaimse le tithíocht mar phríomhréimse tosaíochta. Dá réir sin, cúis dóchais dom an méid atá á thógáil sna LEAnna éagsúla i bhFine Gall agus cúis áthais dom gur bunaíodh Scéim Tithíochta Sóisialta Thobar Mhuire i Mullach Eadrad mar shampla. Tá neart fós le déanamh i ndáil le forbairt tithíochta, atá tá pleananna suntasacha déanta ag Comhairle Contae Fhine Gall a bhfuil sé mar aidhm leo thart ar 3,300 teach sóisialta nua a thógáil roimh 2026, mar aon le 1,000 teach breise inacmhainne agus a bheidh ar cíos de réir costais i rith na tréimhse céanna.

I mbliana leagamar an-bhéim ar Phlean Forbartha Fhine Gall 2023-2029 a chríochnú. Léiríodh neart spéise sa Phlean seo, agus cuireadh díospóireacht phoiblí agus ionchur ón bpobal, lucht gnó, grúpaí pobail agus páirtithe leasmhara eile san áireamh ann. Fuaireamar breis is 1,900 aighneacht agus breathnóireacht i rith an chomhairliúcháin phoiblí, próiseas fada, agus is mian liom aitheantas a thabhairt don obair iontach a rinne Comhairleoirí nuair a bhíomar ar fad ag smaoineamh ar an méid is féidir a dhéanamh d'fhonn a chinntiú gur féidir le Fine Gall fás ar bhealach inbhuanaithe.

Cúis áthais ar leith dom i mbliana ba ea gur réachtáladh mórimeacht an Chontae, Blasanna Fhine Gall ag Teach & Feirm Dhroichead Nua i rith an tsamhraidh. Bhí an Seó Contae dhá lá is mó in Éirinn deich mbliana ar an bhfód i mbliana agus cúis áthais dom an oiread sin daoine as gach cúinne d'Fhine Gall a fheiceáil ag baint taitnimh as gach rud, na feirmeoirí agus a gcuid táirgí ina measc.

I bhFine Gall tá pobal bríomhar agus fáiltiúil do theaghlach agus do dhaoine aonair araon agus is mian leis an gComhairle leanúint ar aghaidh ag tacú le forbairt saoráidí agus ionaid áineasa nua, chun tacú le daoine níos sin, baill de phobail mionlaigh eitnigh, daoine óga nó leanaí. Tá ról lárnach ag cumhacht na comhpháirtíochta pobail san obair seo agus is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl do na grúpaí pobail éagsúla i bhFine Gall a dhéanann obair mhór ar mhaithe leis an tsochaí.

Anois ó tharla deireadh 2022 a bheith beagnach buailte linn, is mian liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe sa Chomhairle as a dtiomantas obair a dhéanamh thar ceann phobal Fhine Gall agus as tacú go leanúnach le cúiseanna a bhfuil spéis acu iontu. Is mian liom buíochas a ghabháil freisin leis an Leas-Mhéara, an Comhairleoir C. Boland, as a thaithí a roinnt linn ar fad.

Ar deireadh, is mian liom buíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach, AnnMarie Farrelly as a comhairle chríonna, ceannaireacht agus fíis stuama, agus is mian liom aitheantas a thabhairt freisin d'iarrachtaí fhoireann uile na Comhairle a dhéanann tréaniarracht i gcónaí saol gach duine mórthimpeall orthu a fheabhsú.





# Réamhrá

---

**AnnMarie  
Farrelly**



D'éirigh linn filleadh ar an saol mar a bhí in 2022, i ndiaidh deireadh a bheith tagtha le paidéim Covid, agus d'éirigh le Comhairlí Contae Fhine Gall díriú an athuair ar a cuid tionscadal. Faoi dheireadh 2022, bhí 40 tionscadal bunaithe againn, arbh fhiú €140m iad, agus bhíomar ag leanúint leis an obair a raibh mórthorbairetí tithíochta ina measc atá ionann is críochnaithe faoin tráth seo.

I mí na Samhna, thaistil an Taoiseach, Micheál Martin, chomh fada le Mullach Eadrad chun súil a chaitheamh ar an mbealach nuálach atá in úsáid againn chun an chéad 67 teach teaghlaigh a fhorbairt mar chuid de thionscadal Ghoirt an Teampaill, tionscadal a mbeidh 1,000 teach sóisialta, inacmhainne agus ar chíos costais á gcur ar fáil mar thoradh air chun freastal ar an éileamh suntasach atá ar thithíocht i mBaile Átha Cliath 15.

As seo go ceann 18 mhí, cuirfear 58 tionscadal i gcrích, a mbeidh luach €128m luaithe leo, agus áirítear ina measc na bpleananna atá againn 48 tionscadal, a bhfuil luach €234m luaithe leo, a gcuirfear tús leo idir seo agus Meitheamh 2024. San áireamh anseo beidh ionad cathartha agus cultúrtha nua mar chuid de Cheathrú Chultúrtha Shoirid agus athfhorbairt Shráid na Cé agus an ceantar mórthimpeall ar an gCuan mar chuid de Thionscadal Athghiniúna Ár mBaile Brigín.

Is cuid den fhís don Chontae é Fine Gall a fhorbairt mar áit iontach le cónaí inti ach tá níos mó i gceist leis ná mórthionscadail bhonneagair. Ceann de na tionscadail ar éirigh thar cionn leis in 2022 ba ea gur cuireadh obair i gcrích le hÚdarás Áitiúla eile i mBaile Átha Cliath a raibh sé mar aidhm léi póna madraí agus seirbhís maorachta madraí nua a bhunú don réigiún.

Síleann ár 329,000 cónaitheoir go mbaineann tábhacht ar leith le sráideanna, páirceanna agus tránna glan agus dá bhrí sin, leanamar ar aghaidh lenár mbuiséad oibríochtaí a mhéadú ionas go bhféadfaí níos mó airgid a chaitheamh ar ár gcláir oibreacha, cothabháil bóithre, páirceanna agus spásanna oscailte.

Táimid chomh tiomanta is a bhí riamh do na gníomhaíochtaí atá le fáil inár bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a chomhlíonadh agus tá fianaise ar an méid sin le fáil inár mbeartais agus pleananna. Tá an chuma ar an scéal go n-éireoidh linn ár n-ídiú fuinnimh a laghdú 50% faoi 2030 agus tá 95% de na soilse poiblí i bhFine Gall athraithe go LED againn agus táimid ag leanúint ar aghaidh leis na bearta Taistil Ghníomhaigh a rolladh amach. Chomh maith leis sin, tá tús curtha againn le clár a bhfuil sé mar aidhm leis éifeachtúlacht fuinnimh ár stoic tithíochta a fheabhsú agus d'éirigh linn ár spriocanna a shárú in 2022, tráth ar chuireamar tús leis an aistear a chinntiú go bhfuil rátáil íosta BER B2 ag ár stoc tithíochta sóisialta faoi 2030.

Tá Fóram Freagartha na hÚcráine Fhine Gall, a bhfuil go leor páirtithe leasmhara a bhí páirteach inár bhFóram Freagartha Pobail Covid páirteach ann, ag obair chun déileáil leis an líon daoine atá easáitithe mar thoradh ar an bpaidéim sa Úcráin.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an Méara, an Comhairleoir Howard Mahony, agus a réamhtheachtaí, an Comhairleoir Seána Ó'Rodaigh, as an treoir agus as an bhfís a léirigh siad le linn dóibh a bheith i mbun an róil le 12 mhí anuas.

Níorbh fhéidir linn aon obair a dhéanamh gan tacaíocht a fháil ónár 40 Comhairleoir. Is mian liom buíochas a ghabháil leo as an obair a rinne siad ar an bPlean Forbartha nua, a chuirfear i gcrích ag tús na Bliana Nua, agus a bheidh mar bhonn le fás inbhuanaithe ár gcontae as seo go ceann sé bliana.

Chomh maith leis sin, is mian liom buíochas speisialta a ghabháil le 1,600 ball foirne na







---

# **Elected Members**

## **2022**



---

# Méaraí Fhine Gall





Méara  
**Seána Ó Rodaigh**  
Eanáir-Meitheamh



An  
Méara **Howard Mahony**



An Leas-Mhéara  
**Daniel Whooley** Eanáir-  
Meitheamh 2022



An Leas-  
Mhéara **Cathal Boland** Meitheamh-



Comhairleoirí Fhine Gall  
2022

Baile Brigín



Gráinne Maguire  
Neamhspleách



Tony Murphy  
Neamhspleác




Seána Ó Rodaigh  
Páirtí an Lucht



Tom O'Leary  
Fine Gael



Karen Power  
Comhaontas  
Glas



Caisleán  
Cnucha



Pamela Conroy  
Comhaontas  
Glas



Ted Leddy  
Fine Gael



Howard Mahony  
Fianna Fáil



Siobhan Shovlin  
Fine Gael



Natalie Treacy  
Sinn Féin



John Walsh  
Páirtí an



Binn Éadair  
-Mullach Íde



Jimmy Guerin  
Neamhspleác



David Healy  
Comhaontas  
Glas



Joan Hopkins  
Na



Anthony Lavin  
Fine Gael



Brian McDonagh  
Páirtí an Lucht



Eoghan O'Brien  
Fianna Fáil



Aoibhinn Tormey  
Fine Gael



Baile Bhlainséir  
-Mullach Eadrad



John Burtchaell  
Comhar Críostaí



Breda Hanaphy  
Sinn Féin





**Mary McCamley**  
Páirtí an Lucht



**JK Onwumereh**  
Fianna Fáil



**Punam Rane**  
Fine Gael



**Sord**



**Darragh Butler**  
Fianna Fáil



**Ian Carey**  
Comhaontas  
Glas



**Ann Graves**  
Sinn Féin



**James Humphreys**  
Páirtí an Lucht




**Brigid Manton**  
Fianna Fáil



**Dean Mulligan**  
Neamhspleáigh  
ar son an



**Joe Newman**  
Neamhspleá



**Ongar**



**Kieran Dennison**  
Fine Gael



**Aaron O'Rourke**  
Sinn Féin (go  
dtí Feabhra



**Angela Donnelly**  
Sinn Féin  
(ó Mhárta 22)



**Tania Doyle**  
Neamhspleá



**Tom Kitt**  
Fianna Fáil



**Daniel Whooley**  
Comhaontas  
Glas



**An Ros  
-Lusca**



**Cathal Boland**  
Neamhspleá



**Brian Dennehy**  
Fianna Fáil



**Adrian Henchy**  
Fianna Fáil



**Paul Mulville**  
Na



**Robert O'Donoghue**  
Páirtí an Lucht Oibre



---

# Príomhéachtaí

## 2022



## Buaicphoi

- Clár Caipitil €989m (2023-2025)
- Coimisiún Ealaíne Poiblí Nua Fhine Gall le haghaidh Na Bruacha, Baile Brigín
- Comhairle Contae Fhine Gall, Ionad Tyrone Guthrie agus Gradam Cónaitheachta Fhéile Bealtaine 2022

### *She Leads* Fhine Gall

- Móil Nasctha Nua oscailte Conair Cois Cósta
- Bhaile Átha Cliath seolta
- Taipéis Mhná Fhine Gall seolta Caisleán Shoir: Tochailte na Staire
- Ceithre Ghradam LAMA
- Seoladh Spás Saothair Fhine Gall i Leabharlann Bhaile Bhlainséir
- Cruinniú na nÓg 2022 réachtáilte Stádas Brait
- Ghoirm agus príomhthrána
- Tionscadal 'Rothaíocht do Gach Aois' Fhine Gall Preabthionscnamh Linn Snámha
- Tionscadal Tuíodóireachta Fhine Gall
- Aip 'Fingal Connect' seolta
- Féile Litríocht na Leanaí Fhine Gall
- Scéim Feabhsaithe Sráid-dreacha Baile agus Sráidbhaile
- Sé Bhrat Ghlasa Bronnta
- Cárta JAM bunaithe i ngach leabharlann
- Naoi ngradam ag Gradaim Institiúid Tírdhreacha na hÉireann
- Gradam an Uachtaráin bronnta ar Thionscadal Innilt Gabhar Cheann Bhinn Éadair
- 
- 
- 

- An Mórhallá Cóisire i gCaisleán Mhullach Íde athoscailte
- Féile 'Blasanna Fhine Gall' eagraithe arís
- Féilte Lá Fhéile Pádraig
- 

## Tuarascálacha/Pleanann

- Iarrachtaí déileáil leis an athrú aeráide ar fud an Chontae
- Tuarascáil maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní 2022
- Straitéis Crann 'Fóraois Fhine Gall' bunaithe
- Dréachtphlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Fhine Gall (2022 - 2030)

## Deonta

- Deontais sa bhreis ar €42,000 ceadaithe chun cabhrú le spásanna poiblí a dhearadh i mBaile Brigín
- Cruicéad pobail áitiúil a mhaoiniú Scéim Athnuachana
- Baile agus Sráidbhaile
- Maoiniú €48,600 bronnta ar Ionad Cultúrtha nua i Lusca
- €3.9m curtha ar fáil d'fhorbairt tithíochta Bhaile Hae Mór faoin gCiste Tithíochta Inacmhainne (AHF)
- €150,000 bronnta faoi Scéim an Bhonneagair Áineasa Amuigh faoin Aer (ORIS)
- Maoiniú luach €25.5m curtha ar fáil do Thaisteal Gníomhach
- Deontas €300,000 curtha ar fáil faoi Chiste Infheistíochta na nIonad Pobail (CCIF) d'Ionaid Phobail
- An Ciste Séadchomharthaí Pobail
- 
- 
- 



---

## **Athbhreithniú ar Phlean Corparáideach 2019-2024**







Téama 1:  
Caighdeán  
Saoil



Téama 2:  
Caighdeán na  
Timpeallachta atá  
Seasmhach ó  
thaobh na  
hAeráide



Téama 3:  
Timpeallacht Ghnó  
ar Ardchaighdeán



Téama 4:  
Caighdeán ár  
gcuid Oibre



# Tacú le Riachtanais Éagsúla Phobal Fhine Gall

**Freastal ar fhorbairt inbhuanaithe an chontae trí athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Contae - agus ullmhú plean nua.**

Cuireadh an dara agus an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí i gcrích i mí Bealtaine agus i mí na Nollag i mbliana. Tá sé beartaithe Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir le hAthruithe Ábhartha a eisiúint chuig baill i mí Eanáir 2023, agus tá sé beartaithe glacadh leis an bPlean i mí Feabhra 2023. Táthar ag súil go mbeidh Plean Forbartha Fhine Gall 2023 – 2029 i bhfeidhm i mí Aibreáin 2023.

**Tacú le soláthar tithíochta, poiblí agus príobháideach, sa chontae, chun roghanna tithíochta inbhuanaithe, ar ardchaighdeán, inacmhainne, tionachta measctha a sholáthar trí ghníomhachtú talamhúsáide agus bainistíocht forbartha.**

Lean an Chomhairle ar aghaidh le láithreáin tithíochta straitéiseacha a shealbhú chun tacú le soláthar tithíochta ar fud an chontae. Thacaigh an Rannóg Réadmhaoine chun láithreáin tithíochta agus láithreáin straitéiseacha a shealbhú trí thacu le príomhbhonneagar a sholáthar ar fud an chontae.

**Tacú le caighdeáin mhaithe cóiríocht phríobháideach ar cíos ar mhaithe le caighdeán saoil daoine aonair agus teaghlach atá ina gcónaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos a fheabhsú.**

Tá Rannóg Iniúchta na Cóiríochta Príobháidí Ar Cíos ag leanúint ar aghaidh le cigireachtaí a dhéanamh ar chóiríocht phríobháideach ar cíos d'fhonn a chinntiú go bhfuil Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin le haghaidh Tithe ar Cíos), 2019, a gcomhlíonadh. In 2022 rinneadh breis is 2,798 cigireacht, agus céad chigireacht ba ea 2,183 díobh sin. Ar aon dul le Straitéis 'Atógáil Éireann' don Earnáil Chíosa, tá Comhairlí Contae Fhine Gall tiomanta do chaighdeáin mhaireachtála tionónta i dtithíocht phríobháideach ar cíos i gceantar Fhine Gall a fheabhsú.

**Iarracht a dhéanamh a chinntiú go spreagtar gach pobal i bhFhine Gall, beag beann ar aois, náisiúntacht, eitneacht, cúlra reiligiúnach nó cultúrtha, chun páirt a ghlacadh in agus tairbhe a bhaint as na seirbhísí atá á gcur ar fáil ag an gComhairle.**

Cheap an Chomhairle Oifigeach um Ionchuiamsiú agus bhunaigh sí foireann um ionchuiamsiú i rith 2022 chun tacú leis an obair chomhtháthaithe atá á déanamh. Tacaíonn an fhoireann um ionchuiamsiú leis an obair atá á déanamh ag an bhFóram um Imeascadh Imirceach chun tacú le comhtháthú agus idirchultúrachas. Tacaíodh le cur chuige na heagraíochta uile maidir le comhtháthú agus comhionannas trí 5 Cholún Straitéiseacha a sainaithníodh chun cuspóirí na Straitéise um Imeascadh Imirceach agus um Chomhtháthú Sóisialta a chomhlíonadh. Fuair LCDC Fhine Gall maoiniú ó DRCD chun tionscadal píolótach rannpháirtíochta a bhunú leis an bpobal LGBT maidir leis an LECP nua.

## **Ríocht phoiblí sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar chun tacú le riachtanach gach saoránach sa Chontae.**

Ní mór go mbeadh an ríocht phoiblí, eadhon an gréasán bóithre, cosáin agus limistéir phábháilte, slán, inrochtana, nasctha agus i ndea-bhail. Cabhraíonn obair chothabhála ar ardchaighdeán ar an ríocht phoiblí le híomhá dhearfach a chruthú agus le braistint pobail a bhunú. Ní mór freastal ar riachtanais a bhaineann le hinrochtaineacht/ soghluaisteacht/ gealltanais aoisbhácha nuair a bhíonn an ríocht phoiblí á haisfheistiú e.g. pábháil thadhlaigh, áiseanna torainn ag trasrianta, socrúchán mol soghluaisteachta agus troscán sráide. Clár Oibreacha a chur i gcrích, cláir chothabhála choisctheacha agus freagartha d'fhonn a chinntiú go bhfuil ríocht phoiblí ar ardchaighdeán á cur ar fáil do shaoránaigh an Chontae agus dóibh siúd a thugann cuairt ar an gContae. Chomh fada is a bhaineann le hinbhuanaitheacht, tá an Chomhairle tiomanta do phrionsabail an bhonneagair ghlais a chur san áireamh agus costas lánsaoil i ndáil le hathchur agus uasghrádú an bhonneagair atá ann cheana féin. Déanfar athdhearadh agus aiseistiú freisin, d'fhonn a chinntiú go bhfuil an ríocht phoiblí ag freastal níos fearr ar riachtanais na saoránach.

## **Aitheantas ealaín agus cultúir Fhine Gall a fhorbairt agus a fheabhsú, spás a chruthú do na healaíona chun daoine agus smaointe a nascadh lena chéile agus chun rannpháirtíocht i ngach foirm ealaine a spreagadh.**

Leanadh ar aghaidh le Plean Forbartha Ealaíon Fhine Gall 2019-2025 a chur i bhfeidhm in 2022 agus leis an gClár Ealaíon Pobail dar teideal 'Infrastructure' agus bronnadh deontais, coimisiúin agus sparánachtaí.

Leanadh leis na gníomhaíochtaí a d'eascair as an ggreat-chomhaontú ocht mbliana leis an gComhairle Ealaíon in Éirinn in 2022 agus díriodh ar dhá ghné den chomhaontú:

- a) Taighde & Forbairt
- b) Acmhainn a fhorbairt

i ndáil le Ceathrú Chultúrtha Shoird, Ár mBaile Brigín agus forbairt stiúideonna d'ealaíontóirí ag 2-4 Sráid Bhaile Átha Cliath, Baile Brigín.

## **Spásanna agus seirbhísí leabharlainne atá dinimiciúil agus ionchuimsitheach a chur ar fáil don phobal.**

Leanadh ar aghaidh le cuspóirí Phlean Forbartha Leabharlann Fhine Gall 2018-2023 a chur chun feidhme in 2022. Cuireadh tús leis an obair a bhain le hathchóiriú agus síneadh a chur le Leabharlann na Sceirí. D'oibrigh Roinn na Leabharlann le foireann dearaidh a raibh Ailtire i gceannas uirthi chun pleananna mionsonraithe a fhorbairt don Leabharlann Contae nua atá le forbairt i gCeathrú Chultúrtha Shoird. Osclaíodh Leabharlann Bhaile Dúill mar an chéad 'Mo Leabharlann Oscailte' i bhFine Gall. Ciallaíonn seirbhís 'Mo Leabharlann Oscailte' go bhfuil síneadh curtha leis na huaireanta oscailte, agus go bhfuil an leabharlann oscailte idir 8:00am - 10:00pm, 365 lá sa bhliain. Cuireadh síneadh leis na huaireanta oscailte a raibh baill foirne i láthair i leabharlann Bhaile Dúill, an Rois agus sa leabharlann shealadach in Na Sceirí i rith 2022.

**Tacú le cultúr agus le caitheamh aimsire agus litearthacht, oideachas agus forbairt gheilleagrach a chumasú trí chlár nuálacha.**

Na cláir a bhfuil LCDDC ag tacú leo trí SICAP agus Clár Tuaithe LEADER Bhaile Átha Cliath, atá dírithe ar litearthacht, litearthacht dhigiteach, oideachas agus forbairt gheilleagrach.

Thacaigh Tionscadal Urbact Let's Play an Rois le cruthaitheacht agus le spraoi i measc gach aois i mbaile an Rois.

Ghlac Roinn na Leabharlann páirt in, trí chlár cosúil le Éire Ildánach, Éire Sláintiúil ag Do Leabharlann, Ceart Léitheoireachta, *Work Matters* agus *Europe Direct* agus trí imeachtaí cosúil le Féile na Scríbhneoirí, Féile Staire Fhine Gall, Féile Litríochta na Leanaí, Conair Scéalaíochta Chruinniú na nÓg Story agus taispeántas Frank Lawless agus roinn siad eolas le saoránaigh i rith 2022.

**Cosáin éifeachtacha a chruthú do shaoránaigh Fhine Gall chun patrún saoil de rannpháirtíocht sa spórt, caitheamh aimsire agus stíleanna maireachtála sláintiúla a fhorbairt agus cur chuige inbhuanaithe maidir le forbairt spóirt a bhunú.**

Oibríonn an Rannán Forbartha Pobail agus Spóirt i gcomhpháirt le grúpaí pobail deonacha, gníomhaireachtaí agus soláthraithe seirbhíse chun pobail a neartú agus a chumhachtú chun caighdeán saoil shaoránaigh Fhine Gall a fheabhsú. Soláthraíonn na comhpháirtíochtaí inbhuanaithe seo tacaíocht do phobail trí shaoráidí pobail, áineasa agus spóirt a sholáthar, mar aon le cláir oideachais, scéimeanna maoinithe deontais, seirbhísí tacaíochta & comhairle ionas gur féidir pobail atá láidir, féintuilleamaíoch, inbhuanaithe agus bríomhara a fhorbairt. Thacaigh LCDDC le cláir atá di dírithe ar mhaireachtáil fholláin agus folláine trí Clár Éireann.

## A Chinntiú go bhfuil ár bPobail Sheanbhunaithe & Nua Sábháilte, Ionchuimsitheach & Inbhuanaithe

### Pleananna a fhorbairt chun tacú leis an soláthar tithíochta sa chontae a mhéadú.

Forbairtí cónaithe leanúnacha:

- Bhí 67 láithreán cónaithe gníomhach ann i mí na Nollag 2022 agus bhí 2,933 aonad á dtógáil. Tógadh 2,083 aonad i rith an 12 mhí go dtí deireadh Ráithe 4 2022. Tá 49 láithreán neamhghníomhach ann agus d'fhéadfaí 7,626 aonad eile a chur ar fáil.
- Táthar ag leanúint leis na hoibreacha tógála ag Páirc Hans. Tá seacht n-iarratas pleanála déanta ar thailte SDZ faoi láthair, agus tá cúig cinn de na láithreáin seo gníomhach. Go dtí seo, tá 1,568 aonad áitithe/ críochnaithe ar thailte SDZ ó bunaíodh an scéim. Ceadáíodh Iarratas Pleanála amháin an ráithe seo - iarratas a bhaineann le 174 Árasán. Ag An Seanbhaile/Baile na Móna (MUHDS/LIHAF), tá sé láithreán ghníomhacha ar na tailte seo. Bhí 254 aonad á dtógáil i Ráithe 4 2022.
- I nDomhnach Bat (MUHDS/LIHAF), mhéadaigh an ghníomhaíocht tógála idir Ráithe 3 2022 agus Ráithe 4 2022. Tá deich n-iarratas pleanála déanta a bhaineann le Domhnach Bat, agus tá sé iarratas fós gníomhach. As measc na gceithre iarratas pleanála atá fós le tosú, is Iarratas SHD é ceann amháin díobh.
- In An Choill Thuaidh, Seantrabh, táthar ag leanúint leis an obair thógála ar cheithre láithreán gníomhacha, agus is SHD é ceann acu, agus cuireadh tús le hIarratas Pleanála nua amháin i Ráithe 4 2022. Tá sé chead ar marthain a bhfuil 294 aonad luaite leo nach bhfuil tosaithe fós agus tá 381 aonad ar fad ceadaithe nach bhfuil tosaithe a bhaineann le deich gcead atá luaite leis an gceantar seo.
- Sráidbhailte Tuaithe: Tá 10 nIarratas Pleanála Ceadaithe, agus is SHD é ceann amháin acu. Tá naoi gcinn de na hIarratais gníomhach i gcúig Shráidbhaile i bhFine Gall agus tá sé beartaithe tús a chur le hIarratas Pleanála nua amháin i Ráithe 4. Chuir Tionscadal Talamh dlús le forbairt chun cur leis an soláthar tithíochta ag Baile Mastún trí Iarratas LRD a dhéanamh le haghaidh 432 teaghais.
- 

### Braistint láidir áite, aitheantais agus folláine a fhorbairt trí phobail chomhionanna, ionchuimsitheacha agus nasctha a fhorbairt.

Is é an aidhm atá ag an Oifig Forbartha Pobail (CDO) pobail láidre, rannpháirteacha chomhtháite a fhorbairt ar fud Fhine Gall áit a mbeidh na daoine atá ina gcónaí ann bródúil aisti agus áit a mbeidh rochtain acu ar dheiseanna éagsúla sóisialta, cultúrtha agus forbartha agus áit ar féidir leo cur leis na próisis chinnteoireachta áitiúla. Cuirtear obair CDO i gcrích faoi chúig cholún:

1. Tacaíocht Idirghníomhaireachta
2. Tacaíocht d'Fhorbairt Pobail
3. Tacaíocht Straitéiseach
4. Tacaíocht do Shaoráidí
5. Tacaíocht Maoinithe



## **Braistint áite, aitheantais agus folláine láidir a fhorbairt trí phobail chomhionanna, ionchuimsitheacha agus nasctha a fhorbairt (ar lean).**

San áireamh i measc na bpríomhthosaíochtaí tá tacú le comhionannas agus ionchuimsiú, tacú le rannpháirtíocht agus í a spreagadh, oibriú i gcomhpháirt le raon leathan grúpaí agus eagraíochtaí a chinntiú go gcomhlíontar straitéisí Náisiúnta agus Áitiúla a thacaíonn le rannpháirtíocht phoiblí agus cuimsiú sóisialta.

Chuir foireann Ár mBaile Brigín dlús le feabhsuithe ar an ríocht phoiblí sa bhaile trí phríomhádálacha a chur i gcrích, dlús a chur le soláthar foirne dearaidh chomhtháite agus leanúint ar aghaidh leis an obair phleanála agus dearaidh a bhain le tionscadail shainaitheanta. Reáchtáil Ár mBaile Brigín Scéim Deontais Comhfhobartha Áite chun maoiniú a chur ar fáil do ghrúpaí chun athruithe claochlaitheacha a dhéanamh sa bhaile agus reáchtáladh sraith haiceatón le mic léinn Idirbhliana i 3 scoil i mBaile Brigín agus an Haiceatón Rannpháirtíochta Saoránach dar teideal 'The Changing Face of Balbriggan' mar chuid de Chlár Bhaile Brigín Cliste.

Mar thoradh ar Thionscadal Urbact Let's Play an Rois forbraíodh tuiscint láidir ar ómós áite in An Ros mar aon le haitheantas spráúil don bhaile agus anuas air sin tacaíodh le folláine lucht cónaithe an bhaile trí ghníomhaíochtaí spráúla.

## **Tacú le comharsanachtaí láidre agus seasmhacha a fhorbairt.**

Oibríonn an Chomhairle i ndlúthpháirt le soláthraithe seirbhíse eile ar fud an chontae chun coireacht agus iompar frithshóisialta a chosc, i.e. Baile Brigín trí Ghrúpa Cholún Bhaile Brigín Sábháilte. Tacaíonn an Chomhairle le tionscnaimh éagsúla spóirt ar fud an Chontae a bhfuil sé mar aidhm leo díriú ar ghrúpaí sonracha cosúil le peil buail isteach, craobhchomórtais oíche, tabhair cúl don chiníochas, agus tacaítear le clubanna peile agus le clubanna nua eile a bhunú i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste, agus cuirtear cláir oibre i gcrích le grúpaí spóirt mhionlaigh cosúil le himreoirí cispheile agus úsáideoirí na Páirce Scátála i mBaile Anraí, Sord.

Thacaigh an LCDC le forbairt comharsanachtaí láidre agus seasmhacha trí chlár mhaoinithe éagsúla a ritheadh in 2022 i.e. CEP/Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte/Ciste na nGníomhaíochtaí Pobail/SICAP etc.

## **Páirceanna agus spásanna oscailte ar ardchaighdeán a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais gach úsáideora agus timpeallacht shláintiúil a chruthú.**

Tá an Chomhairle ag infheistiú go leanúnach sna páirceanna agus spásanna oscailte réigiúnacha trí an gClár Oibreacha Caipitil agus tríd an gClár Oibreacha. Soláthraíonn páirceanna agus spásanna oscailte deiseanna do chaitheamh aimsire éighníomhach agus gníomhach. Tarraingíodh aird ar an luach agus ar an tábhacht a bhaineann lenár bpáirceanna agus spásanna oscailte i rith Covid de bhrí gur acmhainn thábhachtach ba ea iad do lucht cónaithe an Chontae agus do chuirteoirí ar an gContae. Cabhraíonn páirceanna agus spásanna oscailte chun naisc idir pobail a fhorbairt agus a threisiú, trí dhaoine a thabhairt le chéile chun freastal ar imeachtaí pobail, lena n-áirítear daoine ó chúlra eitneach nó sóisialta éagsúil. Is fianaise é an gréasán de pháirceanna súgartha deimhnithe ar ardchaighdeán dár dtiomantas don tábhacht a bhaineann le súgradh agus forbairt an linbh. Mar chuid dár Straitéis Súgartha rinneadh iniúchadh ar shaoráidí ar fud an Chontae agus úsáidfean an Straitéis seo chun forbairt saoráidí súgartha d'aoisghrúpaí éagsúla amach anseo a threorú. Leanadh ar aghaidh ag infheistiú i bpáirceanna spóirt, moil áineasa agus le trealamh aclaíochta amuigh faoin aer a shuiteáil a fhreastalaíonn ar riachtanais go leor grúpaí eile sa phobal, leibhéil chumais éagsúla agus aoisghrúpaí éagsúla. Tá béim shuntasach leagtha ar shaoráidí aoisbhácha a chur ar fáil ar fud an chontae le blianta beaga anuas.



## Ceannaireacht chomhoibríoch a chothú i measc páirtithe leasmhara sa phobal áitiúil agus forbairt gheilleagrach.

Thacaigh Clár SICAP Fhine Gall le folláine fhisiciúil agus mheabhrach trí shábháilteacht agus comhtháthú pobail Chlár Éire na Sláinte LCDC.

Tá LCDC Fhine Gall freagrach as Clár Tuaithe LEADER Bhaile Átha Cliath, agus ceadaíodh an maoiniú ar fad a bhí ar fáil faoin gClár sin i rith 2022.

Thacaigh maoiniú breise a cuireadh ar fáil faoin gClár Feabhsaithe Pobail, an Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte, Saoráidí Pobail, Scéimeanna Deontas Pobail agus Deontas Spóirt le forbairt phobail agus gheilleagrach áitiúil trí chistí a thacaigh le himeachtaí ar líne, bearta chun spásanna oscailte a úsáid ar bhealaí difriúla, tacaíochtaí don scaradh sóisialta in ionaid phobail agus trealamh a chur ar fáil do ghrúpaí pobail agus do chlubanna spóirt.

Tá ról ceannaireachta ag Grúpa Ceannaireachta an Chláir Ár mBaile Brigín, a bhfuil páirtithe leasmhara sinsearach poiblí, príobháideacha agus pobail páirteach ann, a bhfuil cathaoirleach neamhspleách freagrach as, i ndáil le forbairt phobail agus gheilleagrach áitiúil i mBaile Brigín agus in 2022, mar thoradh ar aiseolas a fuarthas ón pobail, chuir an Clár an cúigiú colún san áireamh chun díriú ar shábháilteacht an phobail.

## Tacú le pobail atá láidir, sábháilte agus rannpháirteach a fhorbairt chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa saol poiblí agus ceiliúradh a dhéanamh ar ár n-aitheantas trí na healaíona, cultúr, oidhreacht agus spóirt.

Tá Oifig Spóirt Chomhairle Contae Fhine (FCC) páirteach i Líonra Spóirt Éireann de Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt (LSPanna). Is é an aidhm atá le Líonra LSP cabhrú le daoine a bheith gníomhach agus fáil réidh le bacainní ar spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil a d'fhéadfadh a bheith ann.

Cuireann an Oifig Spóirt raon leathan gníomhaíochtaí i gcrích a bhfuil sé mar aidhm leo leibhéal rannpháirtíochta i gcúrsaí spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil ina bpobail áitiúla a mhéadú.

San áireamh i measc na ngníomhaíochtaí tá:

- Obair a dhéanamh chun clubanna, cóitseálaithe, oibríthe deonacha a fhorbairt agus tacú le comhpháirtíochtaí idir clubanna spóirt áitiúla, eagraíochtaí pobail agus gníomhaireachtaí earnála.
- Deiseanna a chruthú chun rochtain ar oiliúint agus oideachas a chinntiú i ndáil le spóirt agus gníomhaíochtaí fhisiciúla a sholáthar.
- Cláir, imeachtaí agus tionscnaimh spriocdhírthe a sholáthar a bhfuil sé mar aidhm leo gníomhaíocht fhisiciúil agus rannpháirtíocht i gcúrsaí spóirt a mhéadú.
- Eolas maidir le spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil a chur ar fáil chun tacú le feasacht agus rochtain.

Tacaíonn agus soláthraíonn an Oifig Spóirt cláir a bhfuil sé mar aidhm leo leibhéal rannpháirtíochta i gcúrsaí spóirt a mhéadú, díriú ar ghrúpaí sonracha cosúil le leanaí, daoine óga atá i mbaol, grúpaí faoi mhíbhuntáiste, cailíní sna déaga, mná atá páirteach i spóirt, aosaigh níos sine agus daoine faoi mhíchumas.

Sholáthair an Oifig Spóirt – trí Oifigigh Forbartha Spóirt FCC' agus a naoú Oifigeach NGB Cómhainithe, 1,195 clár, ar léirigh 65,583 rannpháirtí spéis iontu.

Seo a leanas cuid de na buaicphointí 'spriocdhírthe':

- Cúrsaí cumhdaigh.
- 'A Seachtain Amuigh Faoin Aer' i mí Lúnasa – Tionscnamh Spóirt Éireann, ina tugadh deis do mhná páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht 'nua'.



**Tacú le pobail atá láidir, sábháilte agus rannpháirteach a fhorbairt chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa saol poiblí agus ceiliúradh a dhéanamh ar ár n-aitheantas trí na healaíona, cultúr, oidhreacht agus spórt (ar lean).**

D'eagraigh Oifig Spóirt FCC 'seisiún' laethúil difriúil, lena n-áirítear:

- Snorcláil / Treodóireacht / Rothaíocht / 'Léargas ar Thrí-Atlan' / Rámháíocht / 'Seachtain Dianaclaíochta', seachtain a bhí dírithe ar dheis a thabhairt do rannpháirtithe faoi mhíchumas triail a bhaint as gníomhaíocht nua. D'eagraigh Oifig Spóirt FCC imeachtaí laethúla lena n-áirítear Treodóireacht / Cadhcáil / Rothaíocht - Trishaw / Baineadh triail as trealamh sa ghiom áitiúil i bPáirc na Mílaoise. Fuinnmiú & Aclaíocht – in 12 scoil, tugadh deis do 480 cailín sna déaga triail a bhaint as gníomhaíochtaí 'nua' a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le roghanna stíl mhaireachtála dearfacha.
- Léargas tosaigh ar (agus leanúint ar aghaidh le) Cispheil Oíche Aoine Bhaile an Phléimeannaigh, imeacht a mheall go leor daoine agus a d'éascaigh cainéil chumarsáide neamhfhoirmiúla idir an Garda Pobail agus spriocghrúpa 'ar deacair dul i bhfeidhm air'. D'éascaigh an Oifig Spóirt an 'chéad' imeacht 'élite' Eitpheil Trá ar Thrá Bhaile Brigín - agus mar thoradh air seo beidh líon 'poiblí' ar fáil i mí Aibreáin agus i rith an tsamhraidh in 2023. Eagraíodh 'Sociaball' i Ráithe 4 i mBaile
- Lotrail - imeacht a bhfuil sé mar aidhm leis mná a d'imir cispheil blianta ó shin a spreagadh chun an cluiche a imirt arís i dtimpeallacht spraiúil, agus tá níos mó rannpháirtithe ag triail ar an imeacht seachtain i ndiaidh seachtaine.
- Aird a tharraingt ar 'Liathróid Láimhe Oilimpeach' i scoileanna - léargas tosaigh ar 'Spórt Mionlaigh' a bhfuil go leor spéise á léiriú ag go leor pobal 'nua' ann.
- 

'Bain Triail as Cluichí Raoin & Faiche' - idirghabháil bhunscoile eile a bhfuil sé mar aidhm léi lúthchleasaíocht a spreagadh agus aird múinteoirí, agus scoileanna, a tharraingt ar an gcoincheap go leanúnach.

Tosaíodh ag obair le Comhairligh ar 'Straitéis Spóirt' 2023-2027 FCC.

Chomh maith leis sin, chuir an Oifig Spóirt tús leis an bpróiseas a bhain le Comhairleach a fhostú chun oibriú ar 'Iniúchadh Spóirt agus Saoráidí Áineasa' do Chomhairle Contae Fhine Gall agus 10km lasmuigh de theorainneacha na Comhairle.

I mí Lúnasa, d'éascaigh an Oifig Spóirt Lá Gníomhaíochta Lasmuigh ar an Trá agus Gníomhaíochtaí Spóirt Uisce i mBaile Brigín agus ghlac breis is 1,500 duine páirt in imeachtaí an lae.

Ghlac 40 leanbh bunscoile páirt sa chlár 'MarathonKids' clár a bhfuil sé mar aidhm leis tacú le haclaíocht leanúnach i mbunscoileanna. Lena chois sin, bhain 42 bunscoil tairbhe as imeachtaí reathaíochta 'Craobhchomórtas Lúthchleasaíochta' Chomhairle Contae Fhine Gall.

Cuireadh Trealamh Spóirt, luach €102,942, ar fáil do bhreis is 44 grúpa chun cabhrú leo trealamh a cheannach chun críche uasghrádaithe agus chun ballraíocht a mhéadú agus cur ar chumas clubanna oibriú le daoine óga. Anuas air sin, Deontais Spóirt Óige ar 24 club, luach €950 euro an ceann, agus Scéim Deontais a chosain €22,800 ar fad.

**Tacú le pobail áitiúla agus leis an lucht cónaithe freastal ar riachtanais na ndaoine is leochailí sa tsochaí trí bheith ag obair le gníomhaireachtaí eile i bhFine Gall.**

I rith 2022, chuir an Oifig Forbartha Pobail (CDO) tacaíocht riaracháin agus airgeadais ar fáil do 35 Ionad Pobail. Cinntíonn an tacaíocht leanúnach go bhfuil saoráidí faoi úinéireacht na Comhairle, agus saoráidí a bhfuil an Chomhairle ag tacú leo, á n-oibriú agus á mbainistiú ag caighdeán ard, agus go bhfuil aird á tabhairt ar inbhuanaitheacht agus ar inrochtaineacht don phobal trí chéile. Chomh maith leis sin, sholáthair CDO tacaíocht riaracháin agus airgeadais do 35 Ionad Pobail i rith 2022. Cinntíonn an tacaíocht leanúnach go bhfuil saoráidí faoi úinéireacht na Comhairle, agus saoráidí a bhfuil an Chomhairle ag tacú leo, á n-oibriú agus á mbainistiú ag caighdeán ard, agus go bhfuil aird á tabhairt ar inbhuanaitheacht agus ar inrochtaineacht don phobal trí chéile.





## Tacú le pobail áitiúla agus leis an lucht cónaithe freastal ar riachtanais na ndaoine is leochailí sa tsochaí trí bheith ag obair le gníomhaireachtaí eile i bhFine Gall (ar lean).

Tacaíonn agus forbraíonn CDO Lónra Saoráidí Pobail Fine Gall a sholáthraíonn struchtúr tacaíochta líonraithe do bhainisteoirí, baill foirne agus oibríthe deonacha saoráidí pobail ar fud chontae Fine Gall. Tacaíonn Lónra Saoráidí Pobail Fine Gall leis an obair atá á déanamh ag 31 saoráid phoiblí agus ionad pobail a bhfuil baint ag Comhairle Contae Fine Gall leo.

Tá an Oifig Forbartha Pobail, le tacaíocht ó roinn na nAiltirí, ag leanúint ar aghaidh ag obair ar na moltaí a sainithníodh trí shuirbhéanna riochtaithe a raibh sé mar aidhm leo díriú ar obair chothabhála a dhéanamh ar shaoráidí poiblí níos sine i bhFine Gall.

I rith 2022, próiseáladh maoiniú Deontais luach €71k le haghaidh saoráidí nach raibh faoi úinéireacht na comhairle faoi scéim deontais oibreacha feabhais na saoráidí nach bhfuil faoi úinéireacht na comhairle chun tacú le costais athchóirithe chaipitil sna saoráidí sin.

I rith 2022, chuir an Oifig Forbartha Pobail maoiniú deontais ar fáil chun tacú le Tionscadail don Samhradh agus d'Oíche Shamhna, Maoiniú Gníomhaíochtaí agus Scéimeanna Maoinithe Speisialta cosúil le hAnás Míosta, tionscadail idirghlúine agus tacaíocht do Chumainn Cónaitheoirí. Cuireadh maoiniú ar fáil freisin do Chomhairle Oibríthe Deonacha na hÉireann chun tacú le clár na nOibríthe Deonacha Pobail agus leis an obair leanúnach a bhaineann le pobail a nascadh trí obair dheonach.

Soláthraíonn CDO tacaíocht leanúnach don PPN trí roinnt ceardlann Ionduchtaithe agus PPN a eagrú agus trí nuachtlitreacha míosúla a dháileadh ar bhaill chun eolas a roinnt leo agus feasacht a ardú.

Tacaíonn an Roinn Pobail leis an bhFóram um Imeascadh Imirceach chun a chuid oibre a fhorbairt ar mhaithe le tacú le imeascadh agus idirchultúrachas faoi na 5 Cholún Straitéiseacha atá leagtha amach i Straitéis um Imeascadh Imirceach agus um Chomhtháthú Sóisialta 2019 – 2024.

Soláthraíonn CDO tacaíocht leanúnach do Chomhairle na nÓg Fine Gall chun cabhrú le forbairt a dhéanamh ar na hábhair atá roghnaithe ag na grúpaí. Chomh maith leis sin, tacaíonn an roinn leis an obair atá á déanamh ag Aoisbhá Fine Gall chun Straitéis Aoisbhách 2019-2024 a chur chun feidhme.

Thacaigh LCDG agus a ghníomhaireachtaí comhpháirteacha le pobail áitiúla agus le lucht cónaithe na háite agus freastalaíodh ar riachtanais na ndaoine is leochailí sa tsochaí trí bheith ag obair le gníomhaireachtaí eile trí SICAP.



# Tuilleadh Rannpháirtíochta lenár Saoránaigh

A chinntiú gur féidir lenár saoránaigh, gnóthaí agus eagraíochtaí cumarsáid a dhéanamh leis an gComhairle go héasca.

Leanúint ar aghaidh lena chinntiú go bhfuil ár gcuid faisnéis ar fáil i mBéarla sothuigte, soléite agus go bhfuil an fhaisnéis á haistriú go teangacha difriúla.

**Rannpháirtíocht a dhéanamh le agus dul i gcomhairle le saoránaigh agus páirtithe leasmhara ar bhealach a chiallaíonn gur féidir tuairimí éagsúla a chur san áireamh, trí phróisis reachtúla agus neamhreachtúla a úsáid.**

Leanúint ar aghaidh leis an rannpháirtíocht agus comhairliúchán le heagraíochtaí ar fud an Chontae cosúil le PPN Fhine Gall, Comhairle na nÓg, an Comhaontas Aoisbhá agus tairseach chomhairliúcháin na Comhairle chun críocha reachtúla agus neamhreachtúla.

**Páirtithe leasmhara agus soláthraithe reachtúla a threisiú agus tacú leo trí chomhoibriú i ndáil le forbairt gheilleagrach agus shóisialta an chontae.**

Thacaigh an Chomhairle le forbairt gheilleagrach agus shóisialta trí bheith ag obair i gcomhpháirt le Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath-Fhine Gall ar thionscnaimh éagsúla in 2022 lena n-áirítear comhoibriú le páirtithe leasmhara tionsclaíocha agus oideachais maidir le Straitéis Scileanna Fhine Gall a chur chun feidhme. Rinne an Rannóg Réadmhaoine dul chun cinn i ndáil le roinnt príomhádálacha agus príomhdhúscairtí chun tacú le forbairt gheilleagrach an chontae.

Cheadaigh LEADER LAG Tuaithe Bhaile Átha Cliath 25 tionscadal a raibh luach €1,090,918 luaite leo, agus bhí 89% lonnaithe i bhFhine Gall.

Lean trí Ionad Fiontraíochta na Comhairle ag tacú le fiontair nuathionscanta trí mhoil chianoibre a sholáthar trí chlár na Mol Nasctha.

Rinne an Rannóg Réadmhaoine dul chun cinn i ndáil le roinnt príomhádálacha agus príomhdhúscairtí chun tacú le forbairt gheilleagrach an chontae. Tacaíonn Oifig an Chláir Ár mBaile Brigín le cúig cholún oibre, agus cuirtear obair chomhpháirteach i gcrích a bhaineann le forbairt gheilleagrach agus shóisialta: an Geilleagar Áitiúil, Oideachas, Scileanna & Fostaíocht, Sábháilteacht an Phobail, an Ríocht Phoiblí agus Gnóthaí Pobail.

**An obair atá á déanamh ag Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN) Fhine Gall a threisiú, tacú léi agus í a fhorbairt.**

Tá LCDC Fhine Gall ag leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt le Ballraíocht PPN Fhine Gall trí chlár LCDC. Lean an Clár SICAP ag tacú le agus ag soláthar seirbhís mheantóireachta i ndáil le forbairt Fiontar Sóisialta sa Chontae, ar Baill PPN go leor acu.



# Gníomhaíocht maidir leis

**Obair a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí sonracha atá luaite sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide chun seasmhacht aeráide a fheabhsú.**

Táthar ag leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí atá sonraithe in CCAP 2019-2024 a chur chun feidhme agus tá dul chun cinn maith á dhéanamh. Tá an tríú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn ullmhaithe, roinnte agus curtha faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

**Ról ceannaireachta a imirt i ndáil leis an aistriú chuig sochaí dícharbónaithe.**

Bhí ról ceannaireachta ag an gComhairle i ndáil leis an aistriú chuig sochaí dícharbónaithe trína héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 41.8% faoi mhí na Nollag 2022 agus tríd an éifeacht a bhí ag gníomhaíochtaí atá sonraithe in CCAP 2019-2024 a chomhlíonadh. San áireamh i measc na ngníomhaíochtaí seo tá bonneagar do thaisteal gníomhach agus bonneagar eile a sholáthar a chumasóidh dícharbónú.

**Tacú le bithéagsúlacht an chontae agus í a chosaint agus obair a dhéanamh chun éiceachórais agus seirbhísí éiceachórais a athchóiriú.**

Ullmhaíodh agus ceadaíodh Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Fhine Gall 2023-2030 nua. Ullmhaíodh 22 plean bithéagsúlachta níos lú do gach grúpa bailte slachtmhara i bhFine Gall. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis na hoibreacha athchóirithe bogach ag Bóthar Íde i nDomhnach Bat. Táthar ag leanúint le hiar-ionad Turvey a ghlanadh agus tá sé beartaithe ionaid oideachais dúlra a fhorbairt ann. Táthar ag leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí atá sonraithe i bPlean Oibríochtúil SAO Bhinn Éadair agus Straitéis Caomhnaithe Dúlra Bithsféir Chuan Bhaile Átha Cliath a chur chun feidhme, lena n-áirítear falcaithe a bhainistiú, bogaigh a athchóiriú agus an tionscadal innilte gabhar.

**Tacú le cultúr comhlíonta a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú sa chontae chun dlús a chur le gealltanais a bhaineann le Gníomhú ar son na hAeráide.**

Tacaíonn an tOifigeach Feasachta um Gníomhú ar son na hAeráide leis an Oifigeach Feasachta Comhshaoil chun aird a tharraingt ar gníomhú ar son na haeráide laistigh den chontae.

**Tacú le geilleagar áitiúil láidir trí ghnóthaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.**

In 2022 lean Tionscnamh Fhine Gall Inbhuanaithe ag tacú le bearta gnó inbhuanaithe de réir na gcuspóirí atá sonraithe i bPlean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide na Comhairle. San áireamh sa Tionscnamh seo bhí MoU a shíniú le DCU agus DAA chun dlús a chur le nuálaíocht i dtionscadail inbhuanaithe chomhoibríocha.

Bhunaigh Grúpa Forfheidhmithe Straitéis Scileanna Fhine Gall foghrúpa chun díriú ar fhorbairt Scileanna Glasa.



# Ár dTimpeallacht & Oidhreacht a Chosaint

## Tacú le hoidhreacht thógtha agus chultúrtha an chontae agus í a chosaint.

Tá an Oifig Chaomhantais bunaithe i Roinn na nAiltirí agus tá sí freagrach as clár oibre a bhaineann le hoidhreacht thógtha Fhine Gall. San áireamh san obair seo tá 3 scéim deontais a riar – Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha, ciste na nDéanmhas Stairiúil agus deontas don chlár *Stitch in Time*. Chomh maith leis sin ullmhaíonn sé tuarascálacha mar chomhairlí inmheánach don Roinn Pleanála, glacann sé páirt i gcruinnithe réamhphleanála, cuireann sé comhairle ar an Roinn Pleanála maidir le hoidhreacht ailtireachta an chontae don athbhreithniú ar an bPlean Forbartha, soláthraíonn sé ionchur do Chlár Séadchomharthaí/Déanmhas i mBaol FCC, soláthraíonn sé ionchur do Thionscnaimh an Athraithe Aeráide a bhaineann leis an timpeallacht thógtha stairiúil, freagraíonn sé fiosrúcháin agus ceisteanna ó Bhaill Tofa, freagraíonn sé comhfhreagras/ríomhphoist ón pobal agus ó dhaoine eile a bhaineann leis an timpeallacht thógtha. Chomh maith leis sin, déanann sé athbhreithniú ar agus nuashonraíonn sé Taifead na nDéanmhas Cosanta don Chontae. Is Ailtire Grád 1, cláraithe le RIAI, é Ailtire an Chontae agus tá creidiúnú aonair ag roinnt ball den Roinn freisin. Cuireann an Roinn comhairle ar chliantanna maidir le punann réadmhaoine na Comhairle de dhéanmhas stairiúil agus cosanta agus soláthraíonn foireann na Roinne seirbhísí ailtireachta freisin do thionscadail a bhfuil baint ag déanmhas cosanta leo.

## Tacú le carachtar uathúil thírdhreach uirbeach, tuaithe agus cósta Fhine Gall.

Slí an Mhóinéir Leathain - Tá tús curtha le conarthaí réamhoibreacha.

Slí Chósta Fhine Gall - Comhairliúchán maidir leis an mbealach is dealraithe a roghnófar curtha i gcrích.

Cill Fhionntain-Mullach Íde - Comhairliúchán maidir leis an mbealach is dealraithe a roghnófar curtha i gcrích, doiciméid phleanála á n-ullmhú le cur faoi bhráid an Bhoird Pleanála in 2023.

Talamh faighte do Ghlasbhealach na Canálach Ríoga agus iarratas phleanála le déanamh in 2023. Ongar-Cnoc an Sciobóil - Tús curtha leis an tairiscint agus é beartaithe conraitheoir a cheapadh in 2023.

Bóthar Anraí Mhic Raghnaill - Tús curtha leis an tairiscint agus é beartaithe conraitheoir a cheapadh in 2023.

Creataí comhairleoireachta tosaithe do Shord, Cionn Sáile agus Domhnach Bat, atá dírithe ar thionscadail éagsúla sna ceantair seo.

Straitéis Shoird Inbhuanaithe foilsithe ina moltar bonneagar iompair éagsúil do Shord.

## Tacú le hoidhreacht chultúrtha uathúil Fhine Gall agus leis an nGaeilge.

Leithdháileadh buiséad de €319,215 in 2022 le haghaidh 49 tionscadal/tionscnamh cruthaitheach difriúil a bhain le 3 shruth maoinithe ar leith Pobail Ildánacha, Cruinniú na nÓg agus an Clár Comórtha Céad Bliain.

## Tacú le bainistíocht inbhuanaithe dramhaíola & an gheilleagair chiorclaigh.

Tarraingíodh aird air seo tríd an gclár oibre forfheidhmithe dramhaíola agus feasachta comhshaoil (lena n-áirítear Clár na Scoileanna Glasa) agus trí thionscnamh Fhine Gall inbhuanaithe freisin. Ghlac an Chomhairle le dearbhú na gCathracha Chiorclacha i mí Eanáir 2023.



### **Tacú le bainistíocht inbhuanaithe dramhaíola & an gheilleagair chiorclaigh (ar lean).**

Tacaíodh le hinbhuanaitheacht trí thionscnamh Fhine Gall Inbhuanaithe. Bhunaigh Grúpa Forfheidhmithe Straitéis Scileanna Fhine Gall foghrúpa chun díriú ar fhorbairt Scileanna Glasa.

### **Tionchar comhshaoil ghníomhaíochtaí na Comhairle a laghdú.**

Tá an héifeachtúlacht fuinnimh feabhsaithe 41.8% ag an gComhairle suas go dtí mí na Nollag 2022. Tá MS Teams curtha ar fáil do gach ball foirne chun an gá atá le taisteal chomh fada le cruinnithe a laghdú. Tá pointí luchtaithe EV curtha ar fáil sna carrchlóis foirne ar fad. Tá Córais Bhainistíochta Comhshaoil bunaithe ag an gComhairle a bhfuil sé mar aidhm leo dramhaíl a laghdú agus an méid athchúrsála atá á dhéanamh in oifigí agus iostaí a mhéadú.

### **A chinntiú go bhfuil ár gcósta, trána agus uiscebhealaí á mbainistiú ar bhealach inbhuanaithe.**

Tá 88km de chósta Fhine Gall á bhainistiú agus á chothabháil ag an gComhairle. San áireamh anseo tá 3 inbhear chosanta mhóra agus 11 trá ainmnithe. Rinneadh monatóireacht leanúnach ar shamplaí de sháile i rith an tséasúir shnámha d'fhonn a chinntiú go raibh na ceanglais a bhaineann le Cáilíocht an Uisce Snámha á gcomhlíonadh. Rinneadh calafoirt agus cuanta ag Baile Brigín, Na Sceirí, Loch Sionnaigh agus An Ros a bhainistiú agus a chothabháil i rith na bliana agus cuireadh obair i gcrích ar na baoithe marcála agus ar na háiseanna loingseoireachta. Bunaíodh an SPC nua - Bainistíocht Mhuirí agus Chósta - in 2022.



# Tacú le Fás Geilleagrach Inbhuanaithe agus é a Chumasú

**Ceannaireacht chomhoibríoch a chothabháil i ndáil le forbairt scileanna amach anseo sa chontae.**

Sheol Grúpa Forfheidhmithe Straitéis Scileanna Fhine Gall leathanach gréasáin Scileanna ar shuíomh gréasáin na Comhairle i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara oideachais. Bunaíodh foghrúpaí sna hearnálacha lompair & Lóistíochta agus Tógála agus leanadh ar aghaidh leis an obair a bhaineann le scileanna a sholáthar sna hearnálacha seo, agus bunaíodh 2 fhoghrúpa nua a bhain le Scileanna agus Seirbhísí Glasa agus cuireadh tús leis an obair. Leagadh béim ar leith ar rannpháirtíocht scoileanna le Clár Meantóireachta do cheannairí gnó chun cabhrú le mic léinn ó scoileanna áitiúla smaoineamh ar roghanna gairme agus pleananna a dhéanamh le haghaidh Móraonach Scileanna Mic Léinn in 2023.

D'éirigh leis an gComhairle maoiniú a fháil ó Interreg chun páirt a ghlacadh i dTionscadal SKYLA - tionscadal atá dírithe ar fhorbairt scileanna amach anseo.

Lean an Chomhairle le cúrsaí a phlé le Fóram Scileanna Réigiúnach Bhaile Átha Cliath chun eolas agus faisnéis maidir le dúshláin nua a bheidh le sárú ag gnóthaí a roinnt, chun cúrsaí atá bunaithe cheana féin a oiriúnú lena gcur ar fáil ar líne agus chun printíseachtaí a athstruchtúrú chun ceanglais fostóirí a chomhlíonadh.

Ba é Empower a chur na cúrsaí ar líne atá ar fáil cheana féin ar fáil faoi SICAP.

## **Tacú le forbairt gheilleagrach inbhuanaithe Fhine Gall.**

Thacaigh an Chomhairle le gnóthaí trí thionscnamh 'Fine Gall Le Chéile' agus trí bheith ag comhoibriú le Comhlachas Fhine Gall agus trí Grúpa Forfheidhmithe Straitéis Scileanna Fhine Gall agus comhpháirtíocht DBEC.

## **Tacú le feidhmíocht, nuálaíocht, iomaíochas, táirgiúlacht agus rath gnó i bhFine Gall.**

Lean Tionscnamh Fhine Gall Inbhuanaithe ag tacú le bearta gnó inbhuanaithe.

Leanadh ar aghaidh le comhpháirtíocht Chonair Gheilleagrach Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste agus fuarthas Maoiniú Comhroinnte Oileáin chun Staidéar Féidearthachta a dhéanamh ar Mhoil Fiontraíochta Nuálaíochta i réigiún DBEC.

**Tacú le forbairt gheilleagrach áitiúil trí Fhine Gall a chur chun cinn mar shuíomh ar cheart infheistiú ann agus trí thionscnaimh beartais earnála a fhorbairt agus a chur chun feidhme.**

Plean Athnuachana 'Ár mBaile Brigín 2019 – 2025' a chur chun feidhme. Scartáladh O'Shea's ag Cuan Bhaile Brigín in 2022, réamhtheachtaí le haghaidh Shráid na Cé, Cuan & Purláin, cead pleanála Chuid 8 ón gComhairle, don scéim athraitheach, uailmhianach seo atá á maoiniú ag an gCiste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach agus ag Comhairle Contae Fhine Gall, chun spás cathartha nua oiriúnach do theaghlaigh a fhorbairt i dtimpeallacht choisithe nach bhfuil an iomarca tráchta inti.



**Tacú le forbairt gheilleagrach áitiúil trí Fhine Gall a chur chun cinn mar shuíomh ar cheart infheistiú ann agus trí thionscnaimh beartais earnála a fhorbairt agus a chur chun feidhme (ar lean).**

Cuireadh dearadh Chéim 2 i gcrích le haghaidh 2 – 4 Sráid Bhaile Átha Cliath chun Mol Cruthaitheach a fhorbairt ina bhfuil 8 spás oibre sholúbtha, clós, gailearaí, spásanna fiontraíochta agus ilmheáin ar aon dul le SMART Bhaile Brigín. Tá an Dréachtstraitéis Ríochta Poiblí agus Treoir Dearaidh agus pleananna Taistil Ghníomhaigh agus Iompair don bhaile curtha i gcrích. Cuireadh Plean Gníomhaíochta Comhtháite i gcrích mar chuid de rannpháirtíocht Bhaile Brigín i dTionscadal URBACT iPlace an AE, a dhírigh ar phoitéinseal fiontraíoch cruthaitheach an bhaile agus a chur lena thogra mar cheann scríbe do na hEalaíona. Leanadh ar aghaidh ag obair ar chlár oibre a bhain le gach sruth oibre den Straitéis Baile: an Geilleagar Áitiúil, Oideachas, Scileanna & Oiliúint, Sábháilteacht an Phobail, Imeachadh Pobail & Folláine & Ríocht Phoiblí & Comhfhorbairt Áite.



# Turasóireacht Inbhuanaithe a Fhorbairt & a Chumasú

## An togra agus an córas margafochta atá in úsáid sa chontae a threisiú.

Leanadh ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt le Fáilte Éireann chun Fine Gall a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta don mhargadh baile agus do chuairteoirí idirnáisiúnta fillteacha. Seoladh togra mór nua do Bhaile Átha Cliath i mí Márta 2022, Conair Chósta Bhaile Átha Cliath. Páirteach sa chonair seo tá Binn Éadair, Mullach Íde agus Na Sceirí. Ghlac Fine Gall páirt i bhfeachtais phoiblíochta de chuid Fháilte Éireann lena n-áirítear *Keep Discovering* agus An Geimhreadh i mBaile Átha Cliath. Leanadh ar aghaidh leis an obair in Na Sceirí - Baile Cinn Scríbe, agus leis an tionscadal a bhí bunaithe ar Thurasóireacht Bia, Cósta agus Garraithe Bhaile Átha Cliath, i rith na bliana.

Leanadh ar aghaidh ag tacú le grúpa forbartha turasóireachta áitiúla i rith 2022 agus bunaíodh tionscnaimh éagsúla a bhain le turasóireacht inbhuanaithe, conairí digiteacha, feachtais sna meáin shóisialta, imeachtaí agus comhoibriú maidir le braisliú táirgí agus eispéireas. Chomh maith leis sin, reáchtáil agus d'éascaigh an Chomhairle roinnt feachtas digiteach, roinnt feachtas sna meáin agus roinnt feachtas prionta. Cuireadh tús leis an obair a bhain le Straitéis Turasóireachta Fhine 2023 - 2029 a fhorbairt in 2022. Tá amlíne mhionsonraithe luaite leis an bpróiseas seo chun straitéis 10 mhí a chur i bhfeidhm, agus táthar ag súil leis an dréacht deiridh i Meitheamh 2023.

## Cruthú Cheann Scríbe Bia & Dí Fhine Gall a éascú.

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag obair leis an gcomhairleoir Líonra bia, Maria Brouder, agus le Fáilte Éireann chun tuilleadh forbairt a dhéanamh ar Líonra Bia agus Dí Fhine Gall. Bhí obair choiste an Líonra bunaithe ar phlean gníomhaíochta a forbraíodh i dteannta leis an gcomhairleoir i rith 2022 a raibh an méid seo a leanas i gceist leis - tuilleadh tacaíochta do bhia trí fheachtais dhigiteacha, meán sóisialta agus phrionta bhranda Chósta agus Garraithe Bhaile Átha Cliath, sraith imeachtaí líonraithe, cuairteanna eolais agus ceardlanna. Seoladh Líonra Bia agus Dí Fhine Gall go hoifigiúil i ndiaidh na paindéime ar an 16 Samhain in Áras an Chontae agus go gairid ina dhiaidh sin comhaontaíodh ar phlean gníomhaíochta le haghaidh 2023 a áirítear ann imeacht bia Fhine Gall ag Seó Contae Bhlasanna Fhine Gall.

Cuireadh tús freisin le Beartas Bia Fhine Gall 2022 a fhorbairt. Is é an aidhm atá leis an mbeartas seo tacú leis an tionscal bia Straitéis Turasóireachta Bia & Dí a fhorbairt a bheidh ailínithe le Straitéis Turasóireachta Fhine Gall (atá á fhorbairt faoi láthair), lena n-áirítear, forbairt leanúnach 'Cósta & Garraithe Bhaile Átha Cliath', cur chun feidhme & poiblíocht; eispéiris inbhuanaithe, indíolta bia & dí den chéad scoth a chruthú & a chothabháil; agus infheistíocht leanúnach i bhféilte agus imeachtaí bia agus dí.





## Tacú le tionscnaimh oidhreachta atá bunaithe ar thurasóireacht ag réadmhaoin Oidhreachta Fhine Gall.

In 2022, sheol Teach Dhroichead Nua dhá rogha turais nua le Turais Threoraithe sna Páirceanna agus Turais Threoraithe ar Fheirmeacha. Chomh maith leis sin, cruthaíodh agus rolladh amach clár oideachais i mbunscoileanna agus i meánscoileanna a bhí dírithe ar an gné 'thuas staighre/thíos staighre' den teach agus an nasc a bhí idir an teach agus an méid a bhí ar bun ar an bhFeirm Oidhreachta. Mar chuid d'imeacht nua bhí 'Abba an 21<sup>ú</sup> Céad' le feiceáil sa gharraí daingean, imeacht ar fhreastail 600 duine air. Forbraíodh turas fíorúil den Halla Mór i gCaisleán Mhullach Íde a tharraingt aird ar na gnéithe athchóirithe lena n-áirítear pictiúir agus bord proinne réitithe.

## Eispéiris cuairteoirí ag gach ní is díol spéise agus imeacht i bhFine Gall a fheabhsú agus a fhorbairt.

Rinneadh infheistíocht chaipitil leanúnach chun ár saoráidí Réadmhaoine Oidhreachta a chothabháil agus a uasghrádú i rith 2022 lena n-áirítear an Halla Mór i gCaisleán Mhullach Íde a athchóiriú agus cuireadh tús le hoibreacha caomhantais suntasacha ar an díon agus ar fhuinneoga ag Caisleán Ard Giolláin agus ag Teach Dhroichead Nua.

D'oibrigh an Chomhairle lena hOibríteoirí agus soláthraithe Caifé chun eispéiris cuairteoirí a fheabhsú.

Chuir an Chomhairle tús le tionscadal comhpháirteach le Iarnród Éireann a raibh sé mar aidhm leis Ionad Léirmhíniúcháin idirghníomhach do Leanaí a fhorbairt ag Músaem Iarnróid Chasaíne Mhullach Íde. Tá sé beartaithe é seo a sheoladh i Ráithe 2 de 2023.

Leanadh ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt le Fáilte Éireann i i rith 2022 ar roinnt tionscadal lena n-áirítear an Plean Forbartha Cósta, cuireadh obair i gcrích le Grúpaí Forbartha Turasoíreachta agus reáchtáladh feachtais mhargaíochta a raibh sé mar aidhm leo aird a tharraingt ar Fhine Gall.

Teach Dhroichead Nua – cuireadh tús leis an obair ar an seomra íoslach a mbeidh bailiúchán poircealláin Betty Cobbe ar taispeáint ann a bheidh le feiceáil mar chuid de thuras ar an teach agus tá sé beartaithe go mbeidh an seomra seo oscailte i Ráithe 1 de 2023. Forbraíodh spás gailearaí nua in íoslach Chaisleán Ard Giolláin a sheolfar in 2023 agus tabharfar deis d'ealaíontóirí áitiúla a saothar ealaíne a thaispeáint ansin.



# Bonneagar Straitéiseach a Sholáthar & a Chothabháil

Tailte a ghníomhachtú trí bhonneagar a sholáthar chun tacú le tithíocht a sholáthar, forbairt gheilleagrach agus pobail inbhuanaithe.

- Glacadh le Plean Ceantair Áitiúil Halla an Leasáin Thoir
- Cuireadh tús leis an obair ar Cháin Talamh Criosaithe

## Córas iompair inbhuanaithe a chur ar fáil do gach

- Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an obair ar Bhóthar Ceangail Ghoirt an Teampaill. Táthar ag leanúint ar aghaidh ag obair ar Acomhal Snugborough. Táthar ag díriú ar an bpríomhchonradh soláthair a bhaineann le hAscaill Thuirbhe.
- Táthar ag díriú ar sholáthar seirbhísí tógála do Bhóthar Anraí Mhic Raghnaill. Táthar ag díriú ar sholáthar seirbhísí do thionscadal Ongar-Chnoc an Sciobóil.

## Cláir oibre a sholáthar a fhorbraíonn agus a chothaíonn bonneagar straitéiseach, fisiciúil agus glas an chontae.

- Dul chun cinn maith déanta i ndáil le conarthaí réamhoibreacha agus talamh a fháil do Shlí an Mhóinéir Leathain. Reáchtáladh comhairliúcháin shuntasacha a bhain le Slí Chósta Fhine Gall agus Cill Fhionntain-Mullach Íde, agus tá doiciméid phleanála á n-ullmhú a bheidh le cur faoi bhráid an Bhoird Pleanála a bhaineann le hoibreacha atá le déanamh i gCill Fhionntain-Mullach Íde. Talamh faighte do Ghlasbhealach na Canálach Ríoga agus iarratas pleanála le déanamh in 2023.
- Tús curtha leis an bpróiseas tairisceana d'oibreacha atá le déanamh ag Ongar-Chnoc an Sciobóil agus Bóthar Anraí Mhic Raghnaill agus é mar aidhm conraitheoirí a cheapadh in 2023.
- Creataí comhairleoireachta tosaithe do Shord, Cionn Sáile agus Domhnach Bat, atá dírithe ar thionscadail éagsúla sna ceantair seo.
- Straitéis Shoirde Inbhuanaithe foilsithe ina moltar bonneagar iompair éagsúil do Shord.
- An chéad chéim de chomhairliúchán poiblí neamhrechtúil maidir le Tionscadal Forbartha Pháirc Réigiúnach
- Abhainn an Bharda curtha i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2022.
- Tionscadal Forbartha Páirce do Pháirc an Ráschúrsa i mBaile Dúill ceadaithe ag an mBord Pleanála.



# Daonlathas, Rialachas, Oscailteacht & Trédhearcacht

## a Fheabhsú

Seirbhís ar an gcaighdeán is airde agus is féidir a chur ar fáil dár gComhairleoirí agus Ionadaithe Tofa.

Reáchtáiltear cruinnithe na Comhairle (Comhairle Contae, Coiste Ceantair, Coistí um Beartais Straitéiseacha, etc.) ag caighdeán ard, rud a chiallaíonn gur féidir leis na Baill Thofa a bhfeidhmeanna daonlathacha agus reachtúla a chomhlíonadh. Craoltar cruinnithe na Comhairle agus an Choiste Ceantair ar an ngréasán rud a chiallaíonn gur féidir leis an bpobal féachaint ar na cruinnithe nuair atá siad agus tarlú agus bíonn clár agus miontuairiscí cruinnithe ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle. Lena chois sin, is féidir le Comhairleoirí, Teachtaí Dála agus Seanadóirí uiríoll a dhéanamh thar ceann a dtoghthóirí trí chóras CRM na Comhairle.

## Dea-rialachas, oscailteacht agus trédhearcacht a chinntiú laistigh den Chomhairle.

Pléann an Príomhfeidhmeannach, an Fhoireann Bhainistíochta agus na baill foirne cúrsaí ar bhealach dearfach agus oscailte leis an tSeirbhís Iniúchta Rialtais Áitiúil agus leis an gCoiste Iniúchta d'fhonn a chinntiú go gcloítear le dea-chleachtas i rialachas comparáideach i rith na bliana.

Tá an Chomhairle tiomanta do gach ceanglas reachtúil a bhaineann le SF, RGCS, Nochtuithe Cosanta agus soláthar poiblí a chomhlíonadh, agus eolas a chur ar fáil don phobal ar a suíomh gréasáin ar bhealach atá trédhearcach agus oscailte.

## A chinntiú go gcuirtear feidhmeanna daonlathacha na Comhairle i gcrích ar bhealach oscailte, eolasach agus éifeachtach.

Tá an Príomhfeidhmeannach agus an Fhoireann Bhainistíochta ag leanúint ar aghaidh ag obair i ndlúthchomhar leis na Baill Thofa agus le páirtithe leasmhara an Chontae e.g. gnóthaí, grúpaí pobail, etc.

Trí na Coistí um Beartais Straitéiseacha, tá na Baill Thofa ag leanúint ar aghaidh lena ról cinnteoireachta a chomhlíonadh i dteanna leis an nGrúpa Beartais Chorpáidigh trí chomhairle a chur ar agus cúnamh a thabhairt do Chomhairle Tofa chun beartas a bhunú, a fhorbairt agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais.

Leanadh ar aghaidh ag eagrú cruinnithe agus á gcaoladh ar an ngréasán ar mhaithe le trédhearcacht na feidhme daonlathaí a chinntiú.

## Eolas a roinnt le saoránaigh trí chlár chumarsáide éifeachtacha.

Tá clár fairsing de chumarsáid sheachtrach le fáil i Straitéis Chumarsáide na Comhairle a bhfuil sé mar aidhm leis tacú le gníomhaíochtaí na Comhairle agus aird a tharraingt ar an obair atá á déanamh againn ar son ár saoránach.

Chomh maith leis sin, tá an Chomhairle tiomanta do chinntiú go bhfuil á cuid faisnéise ar fáil i mBéarla sothuigte, soláite agus go bhfuil an fhaisnéis á haistriú go teangacha difriúla.



# Torthaí ar Ardchaighdeán a Sholáthar

**Seirbhísí a sholáthar ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla agus is féidir.**

Tá an Chomhairle ag leanúint ar aghaidh le raon leathan seirbhísí a chur ar fáil don phobal ar bhealach oscailte agus trédhearcach. Tá béim leanúnach á leagan ar sholáthar seirbhísí a fheabhsú ar fud na heagraíochta.

**Tacú le cultúr d'fhorbairt leanúnach inár ngníomhaíochtaí ar fad.**

Trí chultúr d'fheabhas leanúnach a chur chun feidhme, díríonn an Chomhairle ar na próisis go minic ar mhaithe le feabhsuithe a dhéanamh agus feidhmíocht a thomhas i gcomparáid le méadracht atá bunaithe ag leibhéil oibríochtúla agus straitéiseacha.

**Teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun ár n-áit oibre agus soláthar seirbhísí a chumasú agus a athrú.**

Tá Clár um Chlaochlú Digiteach san Áit Oibre bunaithe agus ag tacú le hoibríochtaí na Comhairle agus leis na seirbhísí atá á soláthar ag an gComhairle.

**Prionsabail a bhaineann le dea-dhearadh, soláthar, bainistíocht agus cinnteoireacht eolasach a chur i bhfeidhm i ndáil le gach tionscadal, clár agus soláthar seirbhísí.**

Tá an Chomhairle tiomanta do agus airdeallach ar na prionsabail a bhaineann le dea-dhearadh, soláthar, bainistíocht agus cinnteoireacht eolasach ar mhaithe le clár éifeachtach a sholáthar chun gach tionscadal, clár agus seirbhís a chur ar fáil.

**Oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh ar bhealach a chinntíonn cothroime agus éifeachtúlacht don phobal atá á chosaint agus á rialú.**

Tá an Chomhairle tiomanta do gach ceanglas reachtúil agus reachtach a chomhlíonadh nuair a bhíonn a feidhmeanna á soláthar aici agus do na ceanglais seo a chomhlíonadh ar an mbealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí agus is féidir.

**Dualgas na hEarnála Poiblí faoi Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, a chomhlíonadh.**

Tá an Chomhairle airdeallach ar a Dualgas Earnála Poiblí agus cuirtear cúrsaí oiliúna ar fáil don fhoireann trína Cláir Éagsúlachta agus Chomhionannais.



# Forbairt Eagraíochta & Foirne a Threisiú

Foireann oibre na todhchaí a fhorbairt trí bhaill foirne ar ardchaighdeán atá spreagtha a earcú, a choimeád agus a fhorbairt.

- Ag leanúint ar aghaidh le hearcú ball foirne cáilithe agus á chur in oiriúint ionas gur féidir tairbhe a bhaint as próisis ar líne. Creat Feidhmíochta agus Forbartha inniúlachtbhunaithe bunaithe don fhoireann ar fad. Cláir Shuntasacha Oiliúna agus Forbartha. An próiseas CBFF in úsáid chun
- bonn eolais a chur ar fáil do phleananna comharbais.
- 

Tacú le Sláinte, Sábháilteacht agus Folláine i measc ár mball foirne.

- Creat agus Cláir Sláinte, Sábháilteachta agus Folláine bunaithe.
- Leanadh ar aghaidh le Cláir Feasachta Sábháilteachta, Cigireachtaí & Iniúchtaí
- Sábháilteachta ag láithreáin oibre. Próiseas bainistíochta tinrimh réamhghníomhach
- bunaithe.

Acmhainn agus cumas na heagraíochta a fhorbairt.

- Próiseas CBFF á reáchtáil ar bhonn bliantúil.
- Is cuid lárnach de na nósanna imeachta earcaíochta agus den Chlár Oiliúna agus Forbartha é an Creat Inniúlachta.
- Nearth Deiseanna Oiliúna agus Forbartha tairgthe agus críochnaithe.

An eagraíocht a bhainistiú go héifeachtach.

Cinntítear go bhfuil an Chomhairle á bainistiú go héifeachtach trí struchtúr na Foirne Bainistíochta, a bhfuil an Príomhfheidhmeannach i gceannas air, agus a bhfuil cruinnithe Roinne agus foirne ag tacú leis mar aon leis an bpróiseas CBFF.



---

# **Strategic Policy Committee**

## **Programme Reports 2022**





# Gníomhú ar son na hAeráide, Bithéagsúlacht & an

**Cathaoirleach:** An Comhairleoir David Healy

**Comhaltaí den Chomhairle:** An Comhairleoir Mary McCamley, an Comhairleoir Aoibhinn Tormey, an Comhairleoir Ian Carey (Go dtí Feabhra 2022), an Comhairleoir Pamela Conroy (Feabhra 2022), an Comhairleoir Joe Newman, an Comhairleoir Paul Mulville

**Comhaltaí Seachtracha:** Seamus McGrath, Edward Stevenson, Sean Barry (Éirithe as a gcúraimí i mí Bealtaine 2022)

Dáta an Chruinnith	Téama/Saincheist Beartais	Nuashonrú Cruinnithe
29/03/2022	Cur i láthair maidir le 'Athbhreithniú Plean Athbhreithnithe Tímeallachta RMCEI 2021' déanta ag Deireadh na Bliana	
	Cur i Láthair maidir le Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta 2022 – 2030 déanta	
	Cur i láthair déanta maidir le hImscrúdú ar Straitéisí Monatóireachta chun Measúnú a dhéanamh ar Bhrú ar Cháilíocht an Uisce i mBaile Brigín	
	Aird tugtha ar rún maidir le Clubanna Carranna/Clubanna Roinnte Carranna	
27/06/2022	Cur i láthair déanta maidir le Tionscadal na Stáisiún Aimsire do Scoileanna	
	Cur i Láthair Déanta maidir le Tionscadal Athchúrsála Teicstílí Chomhairle Contae Fhine Gall	
	Glacadh le Rún maidir le Truailliú Solais	
	Aird Tarraingthe ar Rún maidir le Clár Oiliúna	
	Rún maidir le Dréachtphlean Deiridh Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Fhine Gall 2022 - 2030 Comhaontaithe	
25/10/2022	Cur i Láthair déanta maidir leis an bPlean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola	
	Cur i Láthair Déanta maidir leis an Athbhreithniú ar Phraghsáil agus Seirbhís Dramhaíl Théagartha Saor in Aisce a Sholáthar	
	Cur i Láthair déanta maidir leis an bPlean Bainistíochta Dramhaíola	
	Rún maidir le hIonaid Sonraí Glactha	



<b>Dáta an Chruinnith</b>	<b>Téama/Saincheist Beartais</b>	<b>Nuashonrú Cruinnithe</b>
25/10/2022	Rún maidir leis an Scéim Mhicrighiniúna Glactha	
	Rún maidir le hanailís ar uasghráduithe teaschaidéil agus fuinnimh Glactha	
20/12/2022	Cur i Láthair maidir le Dearbhú na gCathracha Ciorclacha Déanta	
	Cur i Láthair maidir le Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Fhine Gall Déanta	
	Aird tarraingthe ar an Tuarascáil maidir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide - Tuarascáil maidir le Dul Chun Cinn Bliantúil	
	Rún maidir leis an Úsáid atá á baint ag Comhairle Contae Fhine Gall as Gliofosáit glactha	
	Rún maidir le Scaradh Dramhaíl Tráchtála Glactha	
	Rún maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Glactha	







# Forbairt Pobail, Oidhreacht, Cultúr & Cruthaitheacht

**Cathairleach:** An Comhairleoir Joan Hopkins

**Comhaltaí den Chomhairle:** An Comhairleoir JK Onwumereh, an Comhairleoir John Walsh, an Comhairleoir Gráinne Maguire, an Comhairleoir Seána ÓRodaigh, an Comhairleoir Cathal Boland

**Comhaltaí Seachtracha:** Liz Madden (go dtí Meán Fómhair 2022). Abbi Wise

Dáta an Chruinnith	Téama/Saincheist Beartais	Nuashonrú Cruinnithe
03/03/2022	An Tuarascáil Chumhachtaithe maidir le Soláthar Seirbhísí Luathbhlianta i bhFine Gall Taifeadta	
	Tuarascáil Phlean Oibre SPC 2022 Taifeadta	
	Cur i Láthair Déanta maidir leis an mBeartas Ealaín Phoiblí i bhForbairtí Príobháideacha	
	Rún maidir le Tacaíocht do na Bailte Slachtmhara Glactha	
	Tuarascáil maidir le Costáil do Thionscadal Pobail Taifeadta	
28/09/2022	Cur i Láthair maidir le Nuashonrú na hOifige Oidhreachta Déanta	
	Cur i Láthair maidir le Straitéis Éire Ildánach Déanta	
	Foghrúpa - Tuarascáil maidir le Scéim Maoinithe do Shaoráidí Pobail Nach bhfuil faoi Úinéireacht na Comhairle Comhaontaithe	
	Foghrúpa - Tuarascáil maidir le Seirbhísí Cúraim Leanaí i bhFine Gall Comhaontaithe	
	Rún maidir le Ceachtanna Snámha Comhaontaithe	
13/12/2022	Cur i Láthair maidir le Nuashonrú Leabharlainne Déanta	
	Cur i Láthair maidir le Straitéis Forbartha Spóirt Fhine Gall 2022 – 2026 Déanta	
	Cur i Láthair maidir le Nuashonrú Dréachtstraitéis Éire Ildánach/Fhine Gall	
	Rún maidir le Mí na nGníomhartha Cineálta Fánacha i Mí Feabhra 2023 Comhaontaithe	





# Forbairt Gheilleagrach, Fiontar & Turasóireachta

**Cathaoirleach:** An Comhairleoir Tony Murphy (go dtí mí Meithimh 2022), an Comhairleoir Darragh Butler (ó mhí Iúil 2022)

**Comhaltaí den Chomhairle:** An Comhairleoir Pamela Conroy (go dtí Feabhra 2022), an Comhairleoir Ian Carey (ó mhí Feabhra 2022), an Comhairleoir Ted Leddy, an Comhairleoir Anthony Lavin, an Comhairleoir Siobhan Shovlin, an Comhairleoir Howard Mahony, an Comhairleoir Breda Hanaphy

**Comhaltaí Seachtracha:** Anthony Cooney, Eric Fleming, David Normoyle (go dtí Meitheamh 2022), Kesava Gollapalli (go dtí Bealtaine 2022) Yetunde Joyce (ó Mheitheamh 2022), Helen Keng Mobit (ó Mheitheamh 2022)

Dáta an Chruinnithe	Téama/Saincheist Beartais	Nuashonrú Cruinnithe
29/03/2022	Cur i Láthair maidir le hUllmhú Straitéis Turasóireachta 2023 - 2029 Déanta	
	Cur i Láthair maidir le Beartas Ithe Taobh Amuigh a Fhorbairt Déanta	
	Rún maidir le Baile Átha Cliath 15 a chur san áireamh nuair a bhíonn Turasóireacht i bhFine Gall á fógairt Taifeadta	
	Rún maidir le Margadh Nollag i gCaisleán Cnucha in 2022 Taifeadta	
22/06/2022	Cur i Láthair maidir le Nuashonrú Straitéis Turasóireachta Fine Gall Déanta	
	Cur i Láthair maidir le Nuashonrú Straitéis Scileanna Fine Gall Déanta	
	Cur i Láthair maidir le Tionscnaimh Urbact Déanta	
	Cur i Láthair maidir le Maoiniú Baile & Sráidbhaile Déanta	
13/09/2022	Cur i Láthair maidir le Nuashonrú Straitéis Scileanna Fine Gall Déanta	
	Cur i Láthair maidir le Nuashonrú Fine Gall Inbhuanaithe Déanta	
	Rún maidir le Beartas Bia Fine Gall Taifeadta	
14/12/2022	Cur i Láthair maidir le Nuashonrú an Phlean Fiontraíochta Réigiúnaí Déanta	
	Tuarascáil maidir le Tuarascáil Taighde ar Mhoil Fiontraíochta i mBaile Átha Cliath Taifeadta	



<b>Dáta an Chruinnithe</b>	<b>Téama/Saincheist Beartais</b>	<b>Nuashonrú Cruinnithe</b>
14/12/2022	Cur i Láthair maidir le Próiseas LECP Déanta	
	Cur i Láthair maidir le Nuashonrú na Straitéise Turasóireachta Déanta	
	Cur i Láthair maidir le Nuashonrú na Straitéise Bia Déanta	
	Tuarascáil Chlár SPC 2023 Comhaontaithe	





# Pleanáil, Iompar & Bonneagar Straitéiseach

**Cathaoirleach:** An Comhairleoir Brian Dennehy (go dtí Meitheamh 2022), an Comhairleoir Brian McDonagh (ó mhí Iúil 2022)

**Comhaltaí den Chomhairle:** An Comhairleoir Tania Doyle, an Comhairleoir Dean Mulligan, an Comhairleoir Punam Rane, an Comhairleoir Tom Kitt

**Comhaltaí Seachtracha:** Kieran O'Neill (go dtí Bealtaine 2022), Paul Arnold (ó Lúnasa 2022)

<b>Dáta an Chruinnithe</b>	<b>Téama/Saincheist Beartais</b>	<b>Nuashonrú Cruinnithe</b>
26/04/2022	Cur i Láthair maidir le Clár Oibre SPC 2022 Déanta	
	Nuashonrú Phlean Forbartha 2023-2029 Taifeadta	
	Nuashonrú Mórstaidéir/LAPanna Taifeadta	
	Nuashonrú maidir le Glasbhealaí/Rotharbhealaí Fhine Gall Taifeadta	
	Cur i Láthair maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Déanta	
	Cur i Láthair maidir le Reachtaíocht Forbairtí Cónaithe Mórscála Déanta	
21/06/2022	Nuashonrú Phlean Forbartha 2023-2029 Taifeadta	
	Nuashonrú Mórstaidéir/LAPanna Taifeadta	
	Nuashonrú maidir le Glasbhealaí/Rotharbhealaí Fhine Gall Taifeadta	
	Cur i Láthair maidir le Rialú Tógála Cuid B (Sábháilteacht Dóiteáin) agus Cuid M (Inrochtaineacht) Déanta	
	Cur i Láthair maidir le Clár na Láithreán Folamh Déanta	
	Rún maidir le hIdirchaidreamh le Bonneagar Iompair Éireann chun stádas na moltaí maidir leis an nasc beartaithe idir an N3 agus an N4 a dheimhniú, ar a dtugtar An Tuarascáil Scóipe, taifeadta	



<b>Dáta an Chruinnith</b>	<b>Téama/Saincheist Beartais</b>	<b>Nuashonrú Cruinnithe</b>
Dé hAoine, an 09 Meitheamh 2022	Cur i Láthair maidir le Comhairleoir Pleanála/Beartas Pleanála Muirí na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Déanta	
	Nuashonrú Phlean Forbartha 2023 - 2029 Fhine Gall Taifeadta	
	Nuashonrú Mórstaidéir/LAPanna Taifeadta	
	Nuashonrú maidir le Glasbhealaí/Rotharbhealaí Fhine Gall Taifeadta	
	Cur i Láthair maidir le Measúnú Riosca i gcás Tuilte Déanta	
	Cur i Láthair maidir le Clár na Láithreán Tréigthe Déanta	
28/11/2022	Nuashonrú Phlean Forbartha 2023 - 2029 Taifeadta	
	Nuashonrú Mórstaidéir/LAPanna Taifeadta	
	Nuashonrú maidir le Glasbhealaí/Rotharbhealaí Fhine Gall Taifeadta	
	Cur i Láthair maidir le Cáin Talamh Criosaithe Chónaithe Déanta	
	Rún maidir le Cáin Talamh Criosaithe Chónaithe Nua Taifeadta	
	Rún maidir le Láithreáin Thréigthe Taifeadta	





# Coiste um Beartas Straitéiseach Muirí & Cósta

**Cathaoirleach:** An Comhairleoir Eoghan O'Brien

**Comhaltaí den Chomhairle:** An Comhairleoir Adrian Henchy, an Comhairleoir Brian Dennehy, an Comhairleoir Robert O'Donoghue, an Comhairleoir Ann Graves, an Comhairleoir Paul Mulville, an Comhairleoir Tom O'Leary, an Comhairleoir Karen Power, an Comhairleoir Cathal Boland, an Comhairleoir David Healy **Comhaltaí Seachtracha:** Máire O'Brien (ó mhí Bealtaine 2022), James Magrane

Dáta an Chruinnith	Téama/Saincheist Beartais	Nuashonrú Cruinnithe
23/03/2022	Cur i Láthair maidir leis an gCreat Náisiúnta Pleanála Mara Déanta	
	Tuarascáil maidir le Cosaint Láithreán Natura 2000/SPCanna/SACanna Taifeadta	
	Rún maidir le Tograí Cosanta Cósta Taifeadta	
	Rún maidir le Comharthaí Oideachais Taifeadta	
30/06/2022	Rún maidir le Snámh san Uisce Oscailte Taifeadta	
	Cur i Láthair maidir le Togra Statkraft a bhaineann le Gaoth ón Talamh NISA Déanta	
	Rún maidir le Tionscadal Cosanta Cósta Inbhir Sheachtraigh Bhaile Roiséir Taifeadta	
	Rún maidir le seibhísí garda tarrthála ar Thránna Fhine Gall Taifeadta	
15/09/2022	Rún maidir le beart buan cosanta cósta Taifeadta - Port Reachrann agus An Ros	
	Cur i Láthair maidir leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta Fiadhúlra Déanta	
	Rún maidir le Tionscadal Cosanta Cósta Inbhir Sheachtraigh Bhaile Roiséir Taifeadta	
	Rún maidir le hOiliúint Snámhaithe i Rith na Bliana do Ghardaí Tarrthála Taifeadta	
30/11/2022	Rún maidir le Clubanna a Spreagadh Taifeadta	
	Rún maidir le Bearta Cosanta – Dumhcha – An Trá Theas Taifeadta	
	Rún maidir le Freagairt Chomhordaithe do Chreimeadh Cósta Taifeadta	





# Coiste um Beartas Straitéiseach Bainistíochta Muirí & Cósta

**Cathaoirleach:** An Comhairleoir Tom O'Leary

**Comhaltaí den Chomhairle:** An Comhairleoir Angela Donnelly (ó mhí Mhárta 2022), an Comhairleoir Aaron O'Rourke (go dtí mí Feabhra 2022), an Comhairleoir Ann Graves, an Comhairleoir Jimmy Guerin, an Comhairleoir Eoghan O'Brien, an Comhairleoir Karen Power

**Comhaltaí Seachtracha:** Raymond Ryan (go dtí mí na Bealtaine 2022), Doreen Keane (go dtí mí na Bealtaine 2022), Michael Lenehan (ó mhí na Bealtaine 2022)

Dáta an Chruinnith	Téama/Saincheist Beartais	Nuashonrú Cruinnithe
09/03/2022	Cur i Láthair maidir le Luchtú Feithiclí Leictreacha Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath Déanta Cur i Láthair maidir leis an bPlean Feidhmithe Bonneagair Déanta	
	Cur i Láthair maidir le Straitéis Taistil Ghníomhaigh Fhine Gall Déanta	
	Rún maidir le Stádas Phlean Taistil Ghníomhaigh na Sceirí Taifeadta	
	Rún maidir le Fáil Réidh leis na Geataí Aonfhir Taifeadta	
	Rún maidir le páirceáil busanna i Sord Taifeadta	
Dé hAoine, an 06 Iúil 2022	Cur i Láthair maidir le nuashonrú an SPC Iompair & Bonneagair maidir leis an gClár Oibreacha Déanta	
	Cur i Láthair maidir le Dréacht-Fhodhlíthe Rialú Chomhairle Contae Fhine Gall maidir le Fruiliú Rothar Sráide Gan Stáisiún	
	Cur i Láthair Bhliantúil an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre maidir le Figúirí an Chontae - Básanna agus Gortuithe Tromchúiseacha ar na Bóithre - Déanta	
	Nuashonrú maidir leis an Tuarascáil Oibre Taistil Ghníomhaigh Taifeadta	
	Rún maidir le fadhbanna i gceantar ina dtarlaíonn imbhuailtí bóthair go minic Taifeadta	
	Rún maidir le Cosáin Rothaíochta Cosanta i mBaile an Hartaigh agus Gleann na hAbhann Taifeadta	
Dé hAoine, an 09 Bealtaine 2022	Cur i Láthair maidir le hAthbhreithniú ar an mBeartas Leithroinnte Cuibhreann Déanta	
	Cur i Láthair maidir le hIonaid Athchúrsála Chúil Mhín agus Inbhir Déanta - Athbhreithniú ar Phraghsáil agus Soláthar Seirbhís Dramhaíl Théagartha Saor in Aisce	
	Rún Cur i Láthair Oibre maidir le Taisteal Gníomhach Taifeadta	



<b>Dáta an Chruinnith</b>	<b>Téama/Saincheist Beartais</b>	<b>Nuashonrú Cruinnithe</b>
06/12/2022	Cur i Láthair maidir le Clár Oibre 2022 agus Obair Bheartaithe Déanta Cur i Láthair maidir le Clár 2023 Cur i Láthair Déanta	
	Rún maidir le Bóthar Dáileacháin an Iarthair Taifeadta	
	Rún maidir le Formáid Léarscáile - Sonraí Tráchta do Chomhairleoirí agus don Phobal	







# Coiste um Beartais Straitéiseacha Tithíochta

**Cathaoirleach:** An Comhairleoir Robert O'Donoghue

**Comhaltaí den Chomhairle:** An Comhairleoir Brigid Manton, an Comhairleoir James Humphreys, an Comhairleoir Natalie Treacy, an Comhairleoir Daniel Whooley, an Comhairleoir John Burtchaell, an Comhairleoir Kieran Dennison, an Comhairleoir Adrian Henchy

**Comhaltaí Seachtracha:** Finbarr Geaney, Dayakar Reddy Komirelly, Oghenetano John Uwhumiakpor, Adeline O'Brien

Dáta an Chruinnithe	Téama/Saincheist Beartais	Nuashonrú Cruinnithe
28/03/2022	Cur i Láthair maidir le Clár Oibre SPC Tithíochta 2022 Déanta	
	Cur i Láthair maidir le Géarchéim Dídeanaithe agus Cóiríocht Éigeandála Déanta	
	Cur i Láthair maidir le Tithíocht do Chách agus an Plean um Sholáthar Tithíochta Déanta	
	Cur i Láthair maidir le <i>Housing First</i> agus Easpa Dídine Déanta	
	Rún maidir le maoiniú Chroí Cónaithe agus líon aisfheistithe Tithíochta Sóisialta Taifeadta	
	Rún maidir le Tuarascáil Riachtanas Tithíochta Taifeadta	
	Rún maidir le nuashonrú faoi thithíocht ghearrthéarmach a sholáthar Taifeadta	
	Rún maidir le stádas chonarthaí RAS a athlua ar an liosta tithíochta Taifeadta	
27/06/2022	Cur i Láthair maidir leis an Straitéis le haghaidh Tithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas 2021-2026 Déanta	
	Cur i Láthair maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um Sholáthar Tithíochta Déanta	
	Cur i Láthair maidir le Dréachtphlean Gníomhaíochta Easpa Dídine DRHE 2022 - 2024 Déanta	
	Cur i Láthair maidir le nuashonrú thairseach ar líne HAP Déanta	
	Rún maidir le nuashonrú tithíochta ag Ascaill Phort Reachrann Taifeadta	
	Rún maidir le Sásra Méadaithe agus Laghdaithe de réir a Athráinn Riachtanais Tithíochta Tionóntaí/Cónaitheoirí Taifeadta	
	Rún maidir le costáil aisfheistithe agus fiosrúcháin i ndáil le spriocanna Taifeadta	



<b>Dáta an Chruinnith</b>	<b>Téama/Saincheist Beartais</b>	<b>Nuashonrú Cruinnithe</b>
27/06/2022	Rún maidir le Tacaíocht Tithíochta do Chónaitheoirí atá beagán os cionn na Tairsí Tacaíochta Tithíochta Taifeadta	
27/09/2022	Cur i Láthair maidir le Tithíochta do Chách Déanta	
	Cur i Láthair maidir le Dréachtphleananna do Thithe Folmha 2022 - 2027	
	Cur i Láthair maidir le Measúnú Cíosa Déanta	
	Rún maidir le Díshealbhuíthe Tithíochta Taifeadta	
29/11/2022	Cur i Láthair bunaithe ar Nuashonrú maidir le soláthar Tithíochta Déanta	
	Cur i Láthair maidir leis an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil Déanta	
	Cur i Láthair maidir le Coincheap an Mhéid Chirt Déanta	
	Cur i Láthair maidir le Faisnéis faoi Chóiríocht Éigeandála i dTithe Folmha Déanta	
	Rún maidir le Cóiríocht Éigeandála Taifeadta	



---

## **Ballraíocht & Gníomhaíochtaí an Chomhchoiste Póilíneachta**



## Ballraíocht:

### 15 Chomhalta ón Údarás Áitiúil:

An Comhairleoir Adrian Henchy (Cathaoirleach – Cruinniú Mhárta 2022), an Comhairleoir Ian Carey (Cathaoirleach – ó Chruinniú Mheitheamh 2022), an Comhairleoir Grainne Maguire, an Comhairleoir John Walsh, an Comhairleoir Daniel Whooley, an Comhairleoir Anthony Lavin, an Comhairleoir Tony Murphy, an Comhairleoir Robert O'Donoghue, an Comhairleoir Ann Graves, an Comhairleoir Tania Doyle, an Comhairleoir Dean Mulligan, an Comhairleoir James Humphreys, an Comhairleoir JohnKingley Onwumereh, an Comhairleoir Pamela Conroy, an Comhairleoir Ted Leddy.

### Comhaltaí den Oireachtas:

Alan Farrell TD, Louise O'Reilly TD, Senator Lorraine Clifford-Lee, Duncan Smith TD, an Seanadóir Emer Currie.

### Ionadaithe PPN (Pobal):

Jossy Akwuobi (go dtí Meán Fómhair 2022), Myles Caulfield (go dtí Meán Fómhair 2022), Ray Smyth (go dtí Meán Fómhair 2022), Aisling Kelly (go dtí Meán Fómhair 2022), Pat Doyle (go dtí Meán Fómhair 2022), Tom O'Brien (go dtí Meán Fómhair 2022), Angela Rogers, John Fox (ó mhí na Nollag 2022)

5 x folúntas faoi láthair le haghaidh Ionadaithe PPN ar JPC Fhine Gall.

### An Garda Síochána:

An tArd-Cheannfort Mark Curran (DMR-N) agus an tArd-Cheannfort Finbarr Murphy (DMR-W).

**Comhairle Contae Fhine Gall:** AnnMarie Farrelly, Príomhfheidhmeannach; Mary T. Daly, Stiúrthóirí Seirbhísí, Oibríochtaí agus Seirbhísí Uisce; agus Liam Burke, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, an Roinn Tithíochta.

## Gníomhaíochtaí:

Tá Comhchoiste Póilíneachta Fhine Gall bunaithe faoi Acht an Gharda Síochána, 2005, agus is í feidhm an Chomhchoiste feidhmiú mar fhóram do chomhairliúcháin, plé agus moltaí maidir le nithe a bhfuil tionchar acu ar phóilíneacht cheantar riaracháin an Údaráis Áitiúil, agus go háirithe athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an méid seo a leanas –

- Leibhéil agus patrúin choireachta, mí-oird agus iompair fhrithshóisialta sa cheantar sin (lena n-áirítear patrúin agus leibhéil mhí-úsáide alcóil agus drugaí)
- Na fachtóirí atá mar bhonn le agus cur leis na leibhéil choireachta, mhí-oird agus iompair fhrithshóisialta sa cheantar.
- Tá sé seo á bhainistiú trí Chlár Oibre Bliantúil an Chomhchoiste Póilíneachta ina leagtar amach ceithre réimse straitéiseacha do chomhoibriú idir Comhairle Contae Fhine Gall agus An Garda Síochána.

In 2022, bhuail Comhchoistí Póilíneachta Fhine Gall le chéile ar na dátaí seo a leanas:

- An 11 Márta 2022 trí Microsoft Teams
- An 3 Meitheamh 2022 trí Microsoft Teams
- An 2 Meán Fómhair 2022 trí Microsoft Teams
- An 2 Nollaig 2022 trí Microsoft Teams



Reáchtaladh Cruinnithe Poiblí ar na dátaí seo a leanas, agus bhí

<b>Dáta/Lá</b>	<b>Am</b>	<b>Cea</b>	<b>Suíomh an</b>	<b>Tinreamh</b>
Dé Máirt An 27 Meán Fómhair 2022	7pm–8.30pm	Ceantar Bhaile Brigín  (Na Sceirí, An Ros, Lusca, An Aill, Baile Gháire, Baile an Ridire etc.)	Óstán Bracken Court, Baile Brigín	56
Dé Céadaoin, an 28 Meán Fómhair 2022	7pm–8.30pm	Baile Átha Cliath 15 Ceantar  (Baile Bhlainséir, Caisleán Cnucha, Mullach Eadrad, Ongar, Baile an Chairpintéaraigh, Cluain Saileach, Cúil Mhín, Baile an Tirialaigh)	Óstán Crowne Plaza, Baile Bhlainséir	70
Dé Céadaoin, an 5 Deireadh Fómhair 2022	7pm–8.30pm	Sord/Mullach Íde  (Sord, Seantrabh, Domhnach Bat, Port Reachrann, Mullach Íde/ Port Mearnóg)	<i>The Grand Hotel</i> , Mullach Íde	81
Déardaoin, an 20 Deireadh Fómhair 2022	7pm–8.30pm	Cill Fhionntain/Binn Éadair/Baile Dúill	Óstán Marine, Cill Fhionntain	44



---

# Staid Airgeadais



# Ráiteas an Chuntais Ioncaim

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

\* Is dréachtfhigiúirí iad seo agus cuirfear an tuarascáil bhliantúil in oiriúint ar feitheamh iad a cheadú

<b>Caiteachas</b>	<b>Dréacht 2022 €</b>	<b>2021 Iniúchta €</b>
Tithíocht & Foirgneamh	79934862	71,066,537
Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre	34,235,143	29,307,005
Uisce & Séarachas	17,261,184	16,248,409
Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha	24,259,274	23,045,917
Cosaint na Timpeallachta	45,289,429	44,244,490
Áineas & Conláistí	49,984,433	41,441,572
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Sábháilteacht	1,245,320	932,685
Ilghnéitheach	23,828,175	70,173,170
<b>Ollchaiteachas Iomlán</b>	<b>276,037,820</b>	<b>296,459,785</b>

<b>Ioncam</b>	<b>Dréacht 2022 €</b>	<b>2021 Iniúchta €</b>
Tithíocht & Foirgneamh	84028141	72,664,558
Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre	9684149	9,007,308
Uisce & Séarachas	19353548	22,908,789
Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha	7495298	8,833,835
Cosaint na Timpeallachta	10187381	7,677,340



# Ráiteas an Chuntais Ioncaim

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

\* Is dréachtfhigiúirí iad seo agus cuirfear an tuarascáil bhliantúil in oiriúint ar feitheamh

<b>Ioncam</b>	<b>Dréacht 2022 €</b>	<b>2021 Iniúchta €</b>
Áineas & Conláistí	4191423	3,697,660
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Sábháilteacht	478311	276,934
Ilghnéitheach	23816379	74,573,324
<b>Ioncam Iomlán</b>	<b>159234630</b>	<b>199,639,748</b>
<b>Glanchaiteachas</b>	<b>116803190</b>	<b>96,820,037</b>
<i>arna maoiniú ag:</i>		
Rátaí Contae	151,293,793	149,291,077
Cáin Mhaoine Áitiúil	8698895	7,503,957
Asbhaint a bhaineann le Pinsean	0	0
<b>Iomlán</b>	<b>159,992,688</b>	<b>156,795,034</b>
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe	43,189,498	59,974,997
Aistrithe ó/(chuig) Cúlchistí	(43,189,108)	(59,974,864)
Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don bhliain.	390	133
Iarmhéid Isteach @ an 1 Eanáir 2022	15,979,812	15,979,679
<b>Iarmhéid Deiridh @ an 31 Nollaig 2022</b>	<b>15,980,202</b>	<b>15,979,812</b>





# Ráiteas an Chuntais Chaipitil

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

*\* Is dréachtfhigiúirí iad seo agus cuirfear an tuarascáil bhliantúil in oiriúint ar feitheamh*

<b>Caiteachas (Níl Aistrithe Inmheánacha)</b>	<b>Dréacht 2022 €</b>	<b>2021 Iniúchta €</b>
Tithíocht & Foirgneamh	77247464	40,983,325
Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre	30018389	19,925,552
Uisce & Séarachas	1784980	1,254,302
Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha	35200627	20,908,076
Cosaint na Timpeallachta	1896080	1,368,078
Áineas & Conláistí	17769284	9,967,318
Seirbhísí Ilghnéitheacha	15317188	51,781,352
	<b>179,234,012</b>	<b>146,188,003</b>



# Ráiteas an Chuntais Chaipitil

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

\* Is dréachtfhigiúirí iad seo agus cuirfear an tuarascáil bhliantúil in oiriúint ar feitheamh

<b>Ioncam (Níl Aistrithe Inmheánacha san Áireamh)*</b>	<b>Dréacht 2022 €</b>	<b>2021 Iniúchta €</b>
Tithíocht & Foirgneamh	78653366	51,421,367
Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre	15472319	16,002,807
Uisce & Séarachas	1236787	996,826
Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha	68907915	61,965,549
Cosaint na Timpeallachta	1950000	7,969,693
Áineas & Conláistí	5042484	5,558,657
Seirbhísí Ilghnéitheacha	11576302	27,955,709
	<b>182,839,173</b>	<b>171,870,608</b>
<b>Barrachas/(Easnamh) don</b>	<b>3605161</b>	<b>25,682,605</b>
<b>Iarmhéid (Dochar)/Sochar ag an @ 1 Eanáir 2022</b>	<b>262152603</b>	<b>236,469,998</b>
<b>Iarmhéid (Dochar)/Sochar @ an 31 Nollaig 2022</b>	<b>265,757,764</b>	<b>262,152,603</b>

\*Seachas aistrithe inmheánacha, lena n-áirítear aistrithe chuig agus ón



---

## **Tuarascálacha Soláthar Seirbhíse**



# Údarás Inniúil Torainn Aerfort

<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
<p>A chinntiú go ndéantar measúnú ar an torann atá á chruthú ag gníomhaíocht aerárthaí in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus foráil a dhéanamh chun cur chuige cothromaithe ICAO a chur chun feidhme áit a bhfuil fadhb fuaimne sainaitheanta.</p>	<p>Rinne ANCA measúnú tionchair iomlán ar thorann aerárthaí d'Aerfort Bhaile Átha Cliath i rith 2022 de réir fhorálacha Alt 9 d'Acht um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil, 2019. Mar thoradh ar an bpróiseas, bunaíodh cuspóir laghdaithe torainn d'Aerfort Bhaile Átha Cliath a raibh cinneadh rialála ag tacú leis.</p>
<p>A chinntiú go bhfuil impleachtaí torainn aerárthaí iarratas pleanála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath á meas.</p>	<p>Rinne ANCA measúnú ar impleachtaí torainn aerárthaí gach iarratas pleanála ar fhorbairt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i rith 2022. Cuireadh naoi n-iarratas pleanála faoi bhráid ANCA i rith 2022 agus eisíodh tuarascáil reachtúil chuig an Údarás Pleanála maidir le gach iarratas laistigh den tréimhse ceithre seachtaine a bhí forordaithe in Alt 34B(1) (a)(ii) d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.</p>
<p>Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht agus éifeachtacht beart maolaithe torainn agus srianta oibriúcháin atá i bhfeidhm in Aerfort Bhaile Átha Cliath.</p>	<p>Tá oibleagáid reachtúil ar Údarás an Aerfoirt tuarascáil a ullmhú maidir le bearta maolaithe torainn a bheith á gcomhlíonadh agus srianta oibriúcháin ar úsáideoirí an aerfoirt. Rinne ANCA iniúchadh ar an tuarascáil chomhlíontachta don bhliain roimhe sin i rith 2022 agus foilsíodh an tuarascáil thosaigh agus an fhaisnéis bhreise a lorgaíodh ar shuíomh gréasáin ANCA chun críche cigireachta poiblí.</p> <p>I rith 2022, rinne ANCA measúnú éifeachtachta ar bhearta maolaithe torainn a bhí i bhfeidhm in Aerfort Bhaile Átha Cliath don bhliain roimhe seo i gcomparáid leis na torthaí a bhunaigh an cuspóir laghdaithe torainn. Tá an tuarascáil seo ar fáil ar shuíomh gréasáin ANCA agus is féidir cóip den tuarascáil a íoslódáil freisin.</p>
<p>Eolas a Roinnt le Pobail.</p>	<p>Lean ANCA ar aghaidh ag obair le hÚdarás an Aerfort i rith 2022 ar líonra níos mó de mhonatóirí torainn aerárthaí pobail a chur ar fáil. Choimisiúnaigh Údarás an Aerfoirt ceithre mhonatóir bhreise i rith 2022.</p> <p>Tá na sonraí ó na monatóirí seo ar fáil ar thairseach ghréasáin poiblí.</p> <p>Cuireadh sonraí bliantúla maidir le nochtadh torainn aerárthaí don bhliain iomlán roimhe sin ar fáil ar shuíomh gréasáin ANCA ionas go bhféadfaí scrúdú a dhéanamh ar nochtadh torainn aerárthaí nó incháilitheacht le haghaidh deontas inslithe baile, leibhéal réadmhaoin aonair san áireamh.</p>



# Ailtirí

Cuspóir Soláthar Seirbhíse	Tuarascáil Mheasúnaithe 2022
<p>Seirbhís Ailtireachta ghairmiúil a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais na gcliantranna agus Thionscnaimh na Comhairle.</p>	<p>Tá Seirbhísí Ailtireachta agus comhairle curtha ar fáil do ranna éagsúla sa chomhairle i rith 2022 agus do chineálacha éagsúla tionscadail.</p> <p>I measc na seirbhísí a táirgeadh bhí staidéir féidearthachta, measúnú láithreáin, próisis toilithe reachtúla, tairiscintí agus conarthaí a riar, soláthar, pleanáil agus rialú costais, dearadh uirbeach agus intí, agus deontais chaomhantais a bhfuil sé mar aidhm leo an oidhreacht thógtha a chosaint a riar.</p> <p>Cuireadh seirbhísí ar fáil le haghaidh cineálacha éagsúla tionscadail lena n-áirítear forbairtí nua, síntí, athchóiriú, seirbhísí caomhantais agus cothabhála. Cuireadh seirbhísí ar fáil do go leor cineálacha foirgnimh - tithíocht, foirgnimh phoiblí, oifigí, foirgnimh stairiúla agus dearadh na ríochta poiblí.</p>
<p>Cabhrú le ceistanna a bhaineann le cosaint na hoidhreachta tógtha lena n-áirítear an Oifig Caomhantais Ailtireachta a bhainistiú agus measúnú agus riar tacaíochtaí deontais agus Tionscnamh de chuid na Comhairle.</p>	<p>Tá clár oibre forbartha ag an Oifig Chaomhantais ina gcuimsítear Deontais - scéim infheistíochta na hOidhreachta Tógtha a riar, Ciste na nDéanmhas Stairiúil agus an deontas <i>Stitch in time</i>, Tuarascálacha pleanála mar chomhairlí inmheánach don Roinn Pleanála, páirt a ghlacadh i gcruinnithe réamhpleanála, obair a bhaineann le hoidhreacht ailtireachta an chontae mar chuid den athbhreithniú ar an bplean forbartha, ionchur i gclár Shéadchomharthaí/Dhéanmhas i mBaol FCC, ionchur i dtionscnaimh Athraithe Aeráide a bhaineann leis an timpeallacht thógtha stairiúil, freagairtí ar cheistanna agus ar fhiosrúcháin ó na Baill Thofa, comhfhreagras/ríomhphoist ón bpobal agus ó dhaoine eile a fhreagairt.</p>
<p>Labhairt le ranna Rialtais ábhartha maidir le ceaduithe buiséid, riar scéimeanna deontais agus beartas maidir leis an timpeallacht thógtha a bhaineann leis an gComhairle.</p>	<p>D'oibrigh Roinn na nAiltirí le ranna rialtais ábhartha trí chliantanna na comhairle i ndáil le gach tionscadal caipitil agus scéim deontais maoinithe.</p>
<p>A chinntiú go gcomhlíonann tionscadail tógála atá coimisiúnaithe ag an gComhairle ceanglais reachtúla a bhaineann le Pleanáil, Sláinte agus Sábháilteacht, Rialú Tógála agus cosaint na Timpeallachta agus na hOidhreachta.</p>	<p>Tá gach ceanglas rialála a bhaineann le Pleanáil, Sláinte agus Sábháilteacht, Rialú Tógála agus cosaint na Timpeallachta agus na hOidhreachta comhlíonta. Chomh maith leis sin, tá tacar éifeachtach rialuithe bunaithe chun comhlíonadh leanúnach a chinntiú.</p>



<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
<p>Seirbhísí cothabhálacha timthriallacha agus pleanáilte éifeachtúla a bhainistiú agus a chur chun feidhme don stoc tithíochta atá i bhFine Gall faoi láthair agus deisiúcháin athligin stoc ratha agus nua a bhainistiú go héifeachtach lena n-áirítear plean gníomhaíochta um athrú aeráide na comhairle a chur chun feidhme.</p>	<p>Cuireadh cláir chothabhála pleanáilte agus freagrúla timthriallacha i gcrích i stoc tithíochta na comhairle i rith na bliana, lena n-áirítear coirí agus fuinneoga agus doirse nua a shuiteáil agus cláir Aisfheistithe a chur i gcrích. Rinneadh deisiúcháin athligin ar go leor réadmhaoine ar fud an chontae. Cuireadh feabhsuithe próisis i bhfeidhm ar gach</p>
<p>Buiséid thógála a bhainistiú agus éilimh chonraitheoirí ar íocaíocht a phróiseáil go héifeachtúil agus go cothrom.</p>	<p>Bainistíodh buiséid le haghaidh tionscadal caipitil agus cothabhála don chliantroinn. Cuireadh ceanglais CWMF agus OCP i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí rialaithe costais. Oibríodh i ndlúthpháirt le CPU.</p>



*Minnows Place, Minnows Green, Forbairt Tithíochta Pháirc Avondale*

# Forbairt Pobail & Spóirt

Cuspóir Soláthar Seirbhíse	Tuarascáil Mheasúnaithe 2022
<p>Tacaíocht fhorbarthach agus bhainistíochta a chur ar fáil do Choistí Saoráidí Deonacha Chomhairle Contae Fhine Gall.</p>	<p>Lean an Oifig Forbartha Pobail le tacaíocht riaracháin agus airgeadais a chur ar fáil do 35 Ionad Pobail i rith 2022. Cinntíonn an tacaíocht leanúnach go bhfuil saoráidí faoi úinéireacht na Comhairle, agus saoráidí a bhfuil an Chomhairle ag tacú leo, á n-oibriú agus á mbainistiú ag caighdeán ard, agus go bhfuil aird á tabhairt ar inbhuanaitheacht agus ar inrochtaineacht don phobal trí chéile.</p> <p>Tacaíonn agus forbraíonn Líonra Saoráidí Pobail Fhine Gall, a sholáthraíonn struchtúr tacaíochta líonraithe do bhainisteoirí, baill foirne agus oibrithe deonacha, saoráidí pobail ar fud chontae Fhine Gall. Tacaíonn Líonra Saoráidí Pobail Fhine Gall leis an obair atá á déanamh ag 31 saoráid phoiblí agus ionad pobail a bhfuil baint ag Comhairle Contae Fhine Gall leo.</p>
<p>Leanúint ar aghaidh le cothabháil agus le hathchóiriú seansaoráidí a bhainistiú.</p>	<p>Tá an Oifig Forbartha Pobail, le tacaíocht ó Roinn na nAiltirí, ag leanúint ar aghaidh ag obair ar na moltaí a sainaitníodh trí shuirbhéanna riochtaithe a raibh sé mar aidhm leo díriú ar obair chothabhála a dhéanamh ar shaoráidí poiblí níos sine i bhFine Gall.</p> <p>I rith 2022, próiseáladh maoiniú Deontais luach €71k le haghaidh saoráidí nach raibh faoi úinéireacht na comhairle faoi Scéim Deontais Oibreacha Feabhais na Saoráidí Nach bhFuil faoi Úinéireacht na Comhairle chun tacú le costais athchóirithe chaipitil sna saoráidí sin.</p>
<p>Tacaíochtaí do chlár gníomhaíochtaí Pobail &amp; Dheonacha.</p>	<p>I rith 2022, chuir an Oifig Forbartha Pobail maoiniú deontais luach €250K ar fáil chun tacú le Tionscadail don Samhradh agus d'Oíche Shamhna, Maoiniú Gníomhaíochtaí agus Scéimeanna Maoinithe Speisialta cosúil le hAnás Míosta, tionscadail idirghlúine agus tacaíocht do Chumainn Cónaitheoirí.</p> <p>Cuireadh maoiniú ar fáil freisin do Chomhairle Oibrithe Deonacha na hÉireann chun tacú le Clár na nOibrithe Deonacha Pobail agus leis an obair leanúnach a bhaineann le pobail a nascadh trí obair dheonach.</p>
<p>Líonra Rannpháirtíochta Pobail Fhine Gall.</p>	<p>I rith 2022, chláraigh 62 grúpa comhaltaí nua le líonra PPN rud a chiallaíonn go bhfuil 667 comhalta páirteach sa líonra anois.</p> <p>I rith na bliana, sholáthair an Oifig Forbartha Pobail tacaíocht leanúnach don PPN trí roinnt ceardlann Ionduchtaithe agus PPN a eagrú agus trí nuachtlitreacha míosúla a dháileadh ar chomhaltaí chun eolas a roinnt leo agus feasacht a ardú.</p>



<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
Líonra Rannpháirtíochta Pobail Fhine Gall.	I mí na Bealtaine, thacaigh an Oifig Forbartha Pobail le PPN Fhine Gall chun an chéad Chruinniú Iomlánach a raibh cead ag daoine freastal air ón 2019 a reáchtáil. D'fhreastail breis is 75 comhalta PPN ar an gcruinniú seo agus toghadh ceathrar comhaltaí Rúnaíochta nua.
Beartas um Imeascadh Imirceach agus um Chomhtháthú Sóisialta.	<p>In 2022, lean an Roinn Pobail leis an bhFóram um Imeascadh Imirceach chun a chuid oibre a fhorbairt ar mhaithe le tacú le himeascadh agus idirchultúrachas faoi na 5 Cholún Straitéiseacha atá leagtha amach i Straitéis um Imeascadh Imirceach agus um Chomhtháthú Sóisialta 2019 – 2024.</p> <p>Thacaigh an Roinn Pobail le tionscadail cosúil le Ag Spreaigh le Teaghlaigh as Tíortha i gCéim – Tionscadal Litearthachta na nImirceach, Seirbhís Tacaíochta na nImirceach dar teideal 'Cultúr', Ranganna Béarla Cambridge. Tionscadal SALAAM (Tionscadal na gComhghuaillíochtaí Inbhuanaithe i gCoinne an Fhuatha Fhrithmhoslamaigh) i rith 2022.</p>
Comhairle na nÓg Fhine Gall.	<p>Cuireadh tacaíocht leanúnach ar fáil do Chomhairle na nÓg Fhine Gall i rith 2022 chun cabhrú le taighde a fhorbairt a bhí dírithe ar ábhar roghnaithe na ngrúpaí le haghaidh 2022, 'Feabhsaigh an Curaclam Scoile chun eolas maidir le ciníochas, gnéasacha agus fuath ban a roinnt le mic léinn'.</p> <p>Rinneadh Foráil Mhaoinithe chun an tacaíocht atá á cur ar fáil a fheabhsú agus chun rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a mhéadú.</p> <p>I mí na Samhna, reáchtáladh Cruinniú Cinn Bliana Chomhairle na nÓg i Sord. Bhí 90 duine óg i láthair ar an lá as 23 scoil i bhFine Gall.</p>
Leanúint ar aghaidh ag tacú leis an obair atá á déanamh ag Comhghuaillíocht Aoisbhách Fhine Gall, leanúint ar aghaidh ag tacú leis an obair atá á déanamh ag Aoisbhá Éireann.	<p>Éascaíodh cruinnithe 10 nduine chun tacú leis an obair atá á déanamh ag an gComhairle Daoine Breacaosta.</p> <p>I mí Bealtaine, thacaigh an fhoireann Aoisbhách le heagrú an chéad Chomhdháil Bhliantúil de chuid Chomhairle Daoine Breacaosta Fhine Gall (OPC), ó 2019. D'fhreastail 100 toscaire ar an gcomhdháil.</p> <p>Éascaíodh cruinnithe a raibh 4 dhuine i láthair acu chun tacú leis an obair atá á déanamh ag an gComhaontas Aoisbhá.</p>





<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
<p>Leanúint ar aghaidh ag tacú leis an obair atá á déanamh ag Comhghuaillíocht Aoisbhách Fhine Gall, leanúint ar aghaidh ag tacú leis an obair atá á déanamh ag Aoisbhá Éireann.</p>	<p>Bunaíodh foireann idir-rannach Aoisbhá Fhine Gall i dteannta le hionadaithe ó Oibríochtaí, EETCD, Taisteal Gníomhach, Tithíocht, Ailtirí, Pleanáil &amp; Straitéiseach, Cumarsáid agus Pobail chun Gníomhaíochtaí Aoisbhácha a ailíniú ar fud na heagraíochta d'fhonn a chinntiú gur áit iontach í Fine Gall le taitneamh a bhaint aisti agus dul in aois go maith inti.</p> <p>Tacaíodh le 2 Imeacht Eolais do Dhaoine Breacaosta i gceantar Bhaile Átha Cliath 15.</p> <p>I rith sheachtain an Aosithe Shláintiúil reáchtáil an fhoireann Aoisbhách "Lá 'Bain Triail As'" a raibh sé mar aidhm leis léargas a thabhairt ar an méid is féidir a dhéanamh, íomhá dhearfach de dhaoine níos sine a chruthú agus daoine níos sine a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus "athnascadh" i ndiaidh Covid.</p>
<p>Leanadh ar aghaidh le haidhmeanna Ráiteas Straitéise Spóirt Fhine Gall 2019-2021 a chur chun feidhme, agus cuireadh tús leis an bpróiseas a bhaineann le Straitéis nua le haghaidh 2023-2027 a fhorbairt.</p>	<p>Sholáthair an Oifig Spóirt – trí Oifigigh Forbartha Spóirt FCC' agus a naoú Oifigeach NGB Cómhaoinithe, 1,195 clár, ar léirigh 65,583 rannpháirtí spéis iontu.</p> <p>Seo a leanas cuid de na buaicphointí 'spriocdhírithé':</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cúrsaí cumhdaigh.</li> <li>• 'Seachtain Amuigh Faoin Aer do Mhná' i mí Lúnasa – Tionscnamh de chuid Spóirt Éireann, ina tugadh deis do mhná páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht 'nua'.</li> </ul> <p>D'eagraigh Oifig Spóirt FCC 'seisiún' laethúil difriúil, lena n-áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Snorcláil / Treodóireacht / Rothaíocht / 'Léargas ar Thrí-Atlan' / Rámhaíocht</li> <li>• 'Seachtain Dianaclaíochta', seachtain a bhí dírithe ar dheis a thabhairt do rannpháirtithe faoi mhíchumas triail a bhaint as gníomhaíocht nua. D'eagraigh Oifig Spóirt FCC imeachtaí laethúla lena n-áirítear Treodóireacht / Cadhcáil / Rothaíocht - Trishaw / Baineadh triail as trealamh sa ghiom áitiúil i bPáirc na Mílaoise.</li> <li>• Fuinnmhiú &amp; Aclaíocht – in 12 scoil, tugadh deis do 480 cailín sna déaga triail a bhaint as gníomhaíochtaí 'nua' a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le roghanna stíl mhaireachtála dearfacha.</li> <li>• Léargas tosaigh ar (agus leanúint ar aghaidh le) Cispheil Oíche Aoine Bhaile an Phléimeannaigh, imeacht a mheall go leor daoine agus a d'éascaigh cainéil chumarsáide neamhfhoirmiúla idir an Garda Pobail agus spriocghrúpa 'ar deacair dul i bhfeidhm air'.</li> <li>• D'éascaigh an Oifig Spóirt an 'chéad' imeacht 'élite' Eitpheil Trá ar Thrá Bhaile Brigín - agus mar thoradh air seo beidh líon 'poiblí' ar fáil i mí Aibreáin agus i rith an tsamhraidh in 2023.</li> <li>• Eagraíodh 'Sociaball' i Ráithe 4 i mBaile Lotrail - imeacht a bhfuil sé mar aidhm leis mná a d'imir cispheil blianta ó shin a spreagadh chun an cluiche a imirt arís i dtimpeallacht spráúil, agus tá níos mó rannpháirtithe ag triail ar an imeacht seachtain i ndiaidh seachtaine.</li> </ul>



<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
<p>Leanadh ar aghaidh le haidhmeanna Ráiteas Fhís Spóirt Fhine Gall 2019-2021 a chur chun feidhme, agus cuireadh tús leis an bPróiseas a bhaineann le Straitéis nua le haghaidh 2023-2027 a fhorbairt.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Aird a tharraingt ar 'Liathróid Láimhe Oilimpeach' i scoileanna - léargas tosaigh ar 'Spórt Mionlaigh' a bhfuil go leor spéise á léiriú ag go leor pobal 'nua' ann.</li> <li>• 'Bain Triail as Cluichí Raoin &amp; Faiche' - idirghabháil bhunscoile eile a bhfuil sé mar aidhm léi lúthchleasaíocht a spreagadh agus aird múinteoirí, agus scoileanna, a tharraingt ar an gcoincheap go leanúnach.</li> </ul> <p>Tosaíodh ag obair le Comhairligh ar 'Straitéis Spóirt' 2023-2027 FCC.</p> <p>Chomh maith leis sin, chuir an Oifig Spóirt tús leis an bpróiseas a bhain le Comhairleach a fhostú chun oibriú ar 'Iniúchadh Spóirt agus Saoráidí Áineasa' do Chomhairle Contae Fhine Gall agus 10km lasmuigh de theorainneacha na Comhairle.</p> <p>I mí Lúnasa, d'éascaigh an Oifig Spóirt Lá Gníomhaíochta Lasmuigh ar an Trá agus Gníomhaíochtaí Spóirt Uisce i mBaile Brigín agus ghlac breis is 1,500 duine páirt in imeachtaí an lae.</p> <p>Ghlac 40 leanbh bunscoile páirt sa chlár 'MarathonKids' clár a bhfuil sé mar aidhm leis tacú le hacláíocht leanúnach i mbunscoileanna. Lena chois sin, bhain 42 bunscoil tairbhe as imeachtaí reathaíochta 'Craobhchomórtas Lúthchleasaíochta' Chomhairle Contae Fhine Gall.</p> <p>Cuireadh Trealamh Spóirt, luach €102,942, ar fáil do bhreis is 44 grúpa chun cabhrú leo trealamh a cheannach chun críche uasghrádaithe agus chun ballraíocht a mhéadú agus cur ar chumas clubanna oibriú le daoine óga. Anuas air sin, Deontais Spóirt Óige ar 24 club, luach €950 euro an ceann, agus Scéim Deontais a chosain €22,800 ar fad.</p>



*Iar-imreoir Idirnáisiúnta le hÉirinn, Keith Andrews, ag labhairt le céimithe Chúrsa Idirbhliana Peile agus Aclaíochta 21/22*





*Blaiseadh de Lá Spraoi Teaghlaigh na hÚcráine - an 4 Meán Fómhair 2022*





*Léargas ar Lá Idirnáisiúnta na mBan 2022*



*Blaiseadh d'Imeacht Spóirt an Aosaíthe Shláintiúil - an 27 Meán Fómhair 2022*





*Babhláil Bhaile an Bhaspailigh – Imeacht*



*Lá na hAfraice*



# Seirbhísí Corparáideacha

Cuspóir Soláthar Seirbhíse	Tuarascáil Mheasúnaithe 2022
Soláthar agus trédhearcacht éifeachtach próiseas daonlathach laistigh den Chomhairle a chinntiú.	<p>Lean an Príomhfheidhmeannach agus a foireann ag obair i ndlúthchomhar leis na Baill Thofa agus le Páirtithe Leasmhara an Chontae (e.g. gnóthaí, grúpaí pobail, etc.)</p> <p>Trí na Coistí um Beartais Straitéiseacha, lean na Baill Thofa lena ról rialachais agus maoirseachta a chomhlíonadh.</p> <p>Leanadh ar aghaidh ag eagrú cruinnithe agus á gcraoladh ar an ngréasán ar mhaithe le trédhearcacht na feidhme daonlathaí a chinntiú.</p>
D'fhonn a chinntiú go bhfuil seirbhísí maithe do chustaiméirí á gcur ar fáil san eagraíocht ar fad.	<p>Páirteach san Aonad Cúraim do Chustaiméirí tá gníomhairí oile a bhfuil sé mar aidhm acu fiosrúcháin a réiteach mar an chéad pointe teagmhála don chustaiméir. I rith na paindéime, bhí an Chomhairle oscailte agus ag soláthar seirbhíse don phobal agus in 2022 dhéileáil ár nGníomhairí le:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• 164,396 glao gutháin</li> <li>• 8,880 ríomhphost</li> <li>• 21,917 fiosrúchán ó dhaoine</li> </ul>
Cairt do Chustaiméirí agus seirbhísí maithe do chustaiméirí a chur ar fáil.	De réir Chairt Shaoránaigh na Comhairle, próiseáladh agus freagraíodh gach gearán a fuarthas ar bhealach tráthúil i rith 2022.
Chun cumarsáid inmheánach agus sheachtrach éifeachtach a chinntiú agus chun tacú le gníomhaíochtaí na	De réir Straitéis Cumarsáide na Comhairle, cuireadh clár fairsing de chumarsáid inmheánach agus sheachtrach i bhfeidhm chun tacú le gníomhaíochtaí na Comhairle agus chun níos mó airde a tharraingt ar an obair atá á déanamh againn dár saoránaigh.
Tacú le húsáid na Gaeilge tríd an Scéim Teanga a chur chun feidhme.	Ghlac Baill leis an gCeathrú Scéim Teanga Gaeilge le haghaidh 2021 - 2024, scéim atá le cur chun feidhme ar fud na Comhairle.
D'fhonn a chinntiú go bhfuil gach foirgneamh Corparáideach á fheabhsú, á chothabháil agus á chosaint ag an gcaighdeán is airde agus is féidir.	<p>I rith 2022, chinntigh an Fhoireann Saoráidí Foirgnimh go raibh gach Foirgneamh Corparáideach á chothabháil agus á chosaint ag an gcaighdeán is airde.</p> <p>Tá ról lárnach ag an bhfoireann i ngealltanais na Comhairle maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a chomhlíonadh agus feabhsú leanúnach trí Chóras Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001:2018 na Comhairle.</p>





*Cruinniú na nÓg*

# Seirbhísí

Cuspóir Soláthar Seirbhíse	Tuarascáil Mheasúnaithe 2022
<p>Tacú le réitigh nuálacha trí an nGréasán, GIS, CRM, Anailísíocht Sonraí, BPI, Sonraí Oscailte agus Bainistíocht Eolais.</p>	<p>Rinneadh feabhsuithe leanúnacha ar chóras bainistíochta sreafa oibre an Plean Forbartha lena n-áirítear mapáil ar chaighdeán níos airde agus athruithe ar an gcomhéadan úsáideora.</p> <p>Cuireadh tús le tionscadal a bhfuil sé mar aidhm leis tacú le CRM a asnamh chuig Dynamics 365. Oibreoidh foireann an tionscadail le baill foirne na Comhairle agus déanfaidh siad pleananna chun comhéadan móibíleach nua a bhunú, mar aon le sreafaí oibre agus gnéithe tuairiscithe feabhsaithe nua sa chóras nua in 2023.</p> <p>Sholáthair agus thacaigh an roinn le roinnt Deaiseanna PowerBi, Aipeanna Power agus réitigh Dataverse ar fud na heagraíochta. Uasghrádaíodh bonneagar, ardán GIS, SQL agus Enterprise Service Business.</p>
<p>Dea-chleachtas i rialachas TF a chur chun feidhme.</p>	<p>In 2022, lean na Seirbhísí Digiteacha ar aghaidh leis an gclár rannpháirtíochta le gach Roinn sa Chomhairle chun athbhreithniú a dhéanamh ar chórais, ceanglais tionscadail agus caighdeán seirbhíse.</p>
<p>Cur chun feidhme agus bainistíocht bonneagair atá riachtanach do chórais agus seirbhísí TF.</p>	<p>Bainistíodh agus uasghrádaíodh freastalaí agus bonneagar líonra na Comhairle in 2022 d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad ag feidhmiú go hiontaoifa. I rith na bliana bhí an infhaighteacht freastalaí cothrom le 99.40% agus bhí an infhaighteacht líonra cothrom le 99.99%.</p> <p>I measc na nuashonruithe bonneagair a rinneadh bhí Uasghráduithe ar an Lasc Líonra in Iostaí agus Brainsí Leabharlainne; Rolladh Amach Seomraí Cruinnithe Foirne in Áras an Chontae, Sord agus in Oifigí na Cathrach, Baile Bhlainséir; Coimisiúnaíodh an dara Nasc Idirláithreáin 10GB (Áras an Chontae – Oifigí na Cathrach); Leanadh ar aghaidh le WiFi a Rolladh Amach.</p>
<p>Seirbhís tacaíochta éifeachtach a chur ar fáil dár bhFoireann agus Comhairleoirí agus baill den phobal.</p>	<p>In 2022, dhéileáil an deasc freastail le 13,994 ticéad ón bhfoireann agus seoladh Catalóg Seirbhísí Nua don fhoireann.</p> <p>Logáil Comhairleoirí 112 glao. Cuireadh Tacaíocht TF ar fáil do Chomhairleoirí lena n-áirítear i rith cruinnithe ar líne de chuid na Comhairle agus cruinnithe maidir leis an bPlean Forbartha agus cuireadh tacaíocht ar an láthair ar fáil do Chomhairleoirí ionas go bhféadfaí aird a thabhairt ar scaradh sóisialta i rith cruinnithe de chuid na Comhairle.</p>
<p>Córais shlána TF a anailísiú, a dhearadh agus a úsáid chun tacú le próisis ghnó.</p>	<p>Sholáthair agus thacaigh Seirbhísí Digiteacha le 70 iarratas, a raibh sé mar aidhm leo próisis ghnó a éascú. Uasghrádaíodh an Córas Bainistíochta Airgeadais Agresso chuig Milestone 7.</p> <p>Bunaíodh Spydus mar an Córas Bainistíochta Leabharlainne nua. Ascnaíodh Córas Cásbhainistithe na Roinne Dlí (Keyhouse) chuig réiteach atá á óstáil ag soláthraí.</p> <p>Rinneadh dul chun cinn maidir leis an tionscadal Tithíochta NEC, atá le críochnú in 2023. Uasghrádaíodh córas pleanála APAS chuig SR7 mar chuid den obair leanúnach a bhaint leis an gclár oibreacha ePlanning. Cuireadh iarratais feidhmiúlachta ligin ar bhonn roghnach i bhfeidhm.</p>





<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
Ailtireacht Fiontraíochta a úsáid d'fhonn a chinntiú go n-úsáidtear ailtireacht córas teicneolaíochta chuí i Straitéis Chorporáideach na Comhairle chun a spriocanna a	Rinneadh Measúnuithe Tionchair Cosanta Sonraí ar chórais nua agus nuashonraithe.
D'fhonn ionchais a bhaineann le saol atá ag éirí níos digítí a chomhlíonadh agus eispéireas daoine atá ag idirghníomhú leis an gComhairle a fheabhsú.	Bunaíodh comhlacht rialtais roinne chun feabhsú inbhuanaithe, leanúnach agus dea-chleachtas i ndáil le Bainistíocht Doiciméad Corporáideach a chinntiú. Bhí sé seo mar bhonn le córas Bainistíochta Doiciméad Corporáideach nua SharePoint a bhunú do gach roinn sa Chomhairle. Rolladh amach Córas Orduithe Príomhfheidhmeannaigh nua sa Chomhairle in 2022. Maidir le tionscadal a bhfuil sé mar aidhm leis córas CRM na Comhairle a ascnamh chuig Dynamics 365 leanadh ar aghaidh ón gCéim Fionnachtana chuig an gCéim Feidhmithe, agus i rith na céime seo soláthrófar Tairseach Comhairleoirí nuashonraithe agus caighdeánófar na próisis atá in úsáid ag seirbhísí na Comhairle.
Clár TF agus Saolré Tionscadail agus Acmhainní gaolmhara na Comhairle a bhainistiú.	Cuireadh 26 tionscadal i gcrích in 2022. Cuireadh céim a trí agus céim a ceathair den Phlean Forbartha i gcrích. Chuir Seirbhísí Digiteacha tacaíocht ar fáil do chruinnithe na Comhairle. Cuireadh bearta tacaíochta ar fáil do Chraoladh ar an nGréasán, Vótáil Leictreonach, GIS, Córais Bhainistíochta agus Tuairiscithe Cruinnithe (RMAS).
Fís, straitéis agus clár fiontair a bhunú agus a chothabháil d'fhonn a chinntiú go bhfuil sócmhainní agus teicneolaíochtaí faisnéise á gcosaint go cuí.	Tugadh tús áite do Shlándaíl TF mar gheall ar bhagairt níos mó ó chibearchoirpigh a raibh iarracht á déanamh acu tairbhe a bhaint as an gcur isteach a d'eascair as Covid agus as an ngéarchéim sa Úcráin. Tá Bearta Slándála breise á bhfeabhsú go leanúnach.



*Imeacht Spás  
Saothair i Leabharlann*

# Forbairt Gheilleagrach, Fiontair, Turasóireachta & Chultúrtha

Cuspóir Soláthar Seirbhíse	Tuarascáil Mheasúnaithe 2022
<p>Tacú le geilleagar áitiúil láidir agus le gnóthaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.</p>	<p>Lean Tionscnamh Fhine Gall Inbhuanaithe ag tacú le bearta gnó inbhuanaithe. I rith 2022, thosaigh an Chomhairle ag obair le DCU agus DAA chun dlús a chur le nuálaíocht i dtionscadail inbhuanaithe chomhoibríocha.</p>
<p>Raon tacaíochtaí a chur ar fáil do ghnóthaí áitiúla i bhFine Gall.</p> <p>Tacú le fiontraíochta, le gnólachtaí nuathionscanta agus micreaghnóthaí agus gnóthaí beaga atá bunaithe cheana féin a fhorbairt.</p> <p>Dlús a chur le cruthú fostaíochta agus tacaíochtaí inrochtana ar ardchaighdeán a chur ar fáil do smaointe gnó nua.</p>	<p>Íocadh deontais luach €1.13m le 214 gnó i gceantar Fhine Gall mar chuid den Scéim Cúnaimh do Ghnólachtaí Beaga.</p> <p>Thug SBASC deontais do ghnóthaí nach bhfuil incháilithe do Scéim Tacaíochta Srianata COVID an Rialtais (CRSS), Deontas Leanúnachais Ghnó Fáilte Ireland nó scéimeanna deontais earnálacha díreacha eile.</p> <p>Lean trí Ionad Fiontraíochta na Comhairle le páirt a ghlacadh in ConnectedHubs.ie agus ag tacú le gnóthaí nuathionscanta agus le gnóthaí atá ag fás trí spás fiontraíochta, spás cianoibre agus tacaíochtaí gaolmhara a chur ar fáil agus chomh maith leis fuarthas maoiniú Bailte &amp; Sráidbhailte chun feachtas margaíochta bunaithe ar an mol cianoibre a fhorbairt.</p> <p>In 2022, lean Oifig Fiontair Áitiúil Fhine Gall le gníomhaíochtaí ón bPlean Forbartha Fiontair Áitiúil (OFÁ) a chur chun feidhme. Soláthraíonn na gníomhaíochtaí seo tacaíocht agus scileanna do ghnóthaí i bhFine Gall chun deis a thabhairt dóibh fostaíocht a chruthú agus a mhéadú ar fud an Chontae.</p> <p>In 2022, thosaigh go leor gnóthaí ag feidhmiú mar is iondúil arís agus leag OFÁ Fhine Gall níos mó béime ar iarrachtaí cabhrú le gnóthaí forbairt i margaí easpórtála, leagadh béim ar níos mó comhoibríthe agus réachtáladh níos mó imeachtaí líonraithe.</p> <p>Ceadaíodh cúnamh deontais luach €1,299,053 le haghaidh 166 gnó i bhFine Gall le haghaidh scéimeanna cúnaimh deontais éagsúla agus Dearbháin Trádála Ar Líne. Ag deireadh 2022, thuiriscigh na gnóthaí seo go raibh 206 post breise cruthaithe, fianaise ar sheasmhacht gheilleagar Fhine Gall. Chuir cliant 3055 áit in áirithe le haghaidh Cúrsaí Oiliúna/Imeachtaí Líonraithe/Imeachtaí/Seimineáir Ghréasáin ar líne agus pearsanta.</p> <p>D'éirigh thar cionn leis an tSeachtain Fiontair Áitiúil, ghlac breis is 900 gnó páirt ann. Eagraíodh clinicí gnó agus sannacháin mheantóireachta do 1,264 cliant. Ceadaíodh 111 Dearbhán Trádála Ar Líne. Cuireadh 14 cúrsa 'Do Ghnó Féin a Chur ar Bun' ar fáil do 179 fiontraí uailmhianach.</p>



<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
<p>Raon tacaíochtaí a chur ar fáil do ghnóthaí áitiúla i bhFine Gall.</p> <p>Tacú le fiontraíocht, le gnólachtaí nuathionscanta agus micreaghnóthaí agus gnóthaí beaga atá bunaithe cheana féin a fhorbairt.</p> <p>Dlús a chur le cruthú fostaíochta agus tacaíochtaí inrochtana ar ardchaighdeán a chur ar fáil do smaointe gnó nua.</p>	<p>Bunaíodh Líonra Gnó Fhine Gall i mí Mheán Fómhair 2022 agus tá breis is 100 gnó páirteach ann. Seoladh Clár Easpórtálaí Fhine Gall i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus ghlac 13 ghnó páirt i gclár 4 mhodúl a bhfuil sé mar aidhm leis a láithreach easpórtála a fhorbairt. Tá Líonra Fiontraíochta Ban bríomhar bunaithe i bhFine Gall agus d'fhreastail neart daoine ar na himeachtaí líonraithe ráithiúla a eagraíodh i rith na bliana.</p>
<p>Clár atá dírithe ar Fhorbairt Pobail agus Gheilleagrach Áitiúil a chur chun feidhme agus a bhainistiú, (SICAP) agus LEADER ina measc.</p>	<p>D'éirigh go maith le Clár SICAP Fhine Gall, a raibh buiséad de €1.39 milliún ar fáil dó mar aon le buiséad breise a fuarthas chun cabhrú le Dídeanaithe ón Úcráin.</p> <p>Tá maoirseacht á déanamh ar an gClár LEADER ag Grúpa Gníomhaíochta Áitiúil (LAG) LEADER Cheantar Tuaithe Bhaile Átha Cliath, grúpa a bhfuil ionadaithe ó LCDCanna Bhaile Átha Cliath Theas, Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin páirteach ann. In 2022, ceadaíodh 25 tionscadal LEADER a raibh luach €1,090,918 luaite leo, agus bhí 89% de na tionscadail lonnaithe i bhFine Gall.</p>
<p>Ceannaireacht chomhoibríoch a chothú i measc páirtithe leasmhara sa Phobal Áitiúil agus i bhForbairt Gheilleagrach.</p>	<p>Treoirínte don Phlean Áitiúil Geilleagrach &amp; Pobail (LECP) nua eisithe agus é beartaithe tús a chur leis an bpróiseas in 2023.</p> <p>Fuair an Chomhairle maoiniú do thionscadal rannpháirtíochta pólótach le haghaidh LECP nua.</p> <p>Ceapadh Comhordaithe Nua do Chlár Éire na Sláinte.</p> <p>Fuair an Chomhairle Maoiniú Oileáin Chomhroinnte chun Staidéar Féidearthachta a dhéanamh faoi Mhoil Nuálaíochta atá lonnaithe feadh Chonair Gheilleagrach Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste.</p> <p>Sheol Grúpa Straitéis Scileanna Fhine Gall leathanach gréasáin Scileanna. Lean foghrúpaí atá bunaithe cheana féin lena gcuid oibre agus bunaíodh dhá foghrúpa nua atá dírithe ar Scileanna agus Seirbhísí Glasa. D'éirigh leis an gComhairle maoiniú Interreg a fháil le haghaidh scileanna mar chuid de Thionscadal SKYLA. Chomh maith leis sin, d'oibrigh an Chomhairle le scoileanna chun Clár Meantóireachta Gairme a fhorbairt agus tá sé beartaithe Móraonach Scileanna Mac Léinn a eagrú in 2023.</p>



<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
<p>Ceannaireacht chomhoibríoch a chothú i measc páirtithe leasmhara sa Phobal Áitiúil agus i bhForbairt Gheilleagrach.</p>	<p>D'éirigh le An Ros páirt a ghlacadh i dTionscnamh Bailte Spráíula URBACT, cuireadh na sráideanna ar fáil le haghaidh imeachtaí spráíula agus cuireadh spás poiblí ar fáil mórthimpeall an bhaile chun imeachtaí spráíula a reáchtáil i rith na bliana.</p> <p>Chomh maith leis sin, fuair an Chomhairle maoiniú do 2 Thionscadal CERV AE, tionscadal amháin maidir le Scileanna Glasa agus tionscadal eile maidir le hlonchuimsiú le haghaidh 2023.</p>
<p>Plean Athnuachana 'Ár mBaile Brigín 2019 – 2025' a chur chun feidhme.</p>	<p>Bronnadh maoiniú luach €24,438,875 ar an gComhairle faoin gCiste um Athnuachan &amp; Forbairt Uirbeach (URDF) chun Plean Athbheochana 'Ár mBaile Brigín 2019 – 2025' a chur chun feidhme.</p> <p>Leagadh O'Shea's ag Cuan Bhaile Brigín go talamh in 2022. Rinneadh é seo mar chuid den ullmhúchán d'athfhorbairt Shráid na Cé, an Chuain agus a Purlán.</p> <p>Cheadaigh Comhairle Contae Fhine Gall Pleanáil Chuid 8 don scéim chlaochlaitheach agus uailmhianach seo.</p> <p>Beidh an scéim seo á maoiniú ag URDF agus ag Comhairle Contae Fhine Gall agus beidh spás cathartha teaghlaigh nua á fhorbairt i gceantar coisithe nach mbeidh mórán tráchta ann. Cuireadh Céim 2 - an chéim dearaidh i gcrích le haghaidh 2 – 4 Sráid Bhaile Átha Cliath, áit a mbeidh Mol Cruthaitheach nua á fhorbairt ina mbeidh 8 spás oibre sholúbtha. Chomh maith leis sin, forbrófar clós, gailearaí, STEAM, spás fiontair agus spásanna ilmheáin nua d'Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaíona agus Matamaitic (STEAM) de réir uailmhianta SMART Bhaile Brigín.</p> <p>Tá Dréachtstraitéis Ríochta Poiblí agus Treoir Dearaidh, agus plean Taistil Ghníomhaigh agus Iompair do Bhaile Brigín curtha i gcrích. Cuireadh Plean Gníomhaíochta Comhtháite i gcrích mar chuid de rannpháirtíocht Bhaile Brigín i dTionscadal URBACT iPlace an AE, a dhírigh ar phoitéinseal fiontraíoch agus cruthaitheach an bhaile agus a chur lena thogra mar cheann scríbe do na hEalaíona.</p> <p>Leanadh ar aghaidh ag obair ar chláir oibre a bhain le gach sruth oibre den Straitéis Baile, eadhon an Geilleagar Áitiúil, Oideachas, Scileanna &amp; Oiliúint, Sábháilteacht an Phobail, Imeascadh Pobail &amp; Folláine agus an Ríocht Phoiblí &amp; Comhforbairt Áite.</p>
<p>An togra agus an córas margáíochta atá in úsáid don earnáil turasóireachta sa chontae a threisiú.</p>	<p>Lean EETCD ag comhoibriú le Fáilte Éireann i ndáil le treisiú leanúnach thairiscint turasóireachta Fhine Gall agus le feachtas margáíochta atá bunaithe ar an gceantar.</p> <p>I measc na bpríomhthionscadal a forbraíodh bhí Conair Chósta Bhaile Átha Cliath, seoladh ceann de phríomhthairiscintí Fháilte Éireann do Bhaile Átha Cliath i mí Márta 2022, Turasóireacht Bia / Conair Bia Fhine Gall, Bailte Cinn Scríbe, an Scéim 'Ag Ithe Taobh Amuigh', cinn scríbe turasóireachta inbhuanaithe agus turais eolais mórthimpeall ar Fhine Gall a eagrú do lucht an mheáin as thar lear agus le foireann 'Buail le Chéile in Éirinn' Fháilte Éireann.</p>



<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
<p>An togra agus an córas margaíochta atá in úsáid don earnáil turasoíreachta sa chontae a threisiú.</p>	<p>Chomh maith leis sin, leanadh ar aghaidh ag obair le hocht ngrúpa forbartha turasoíreachta atá lonnaithe mórthimpeall an Chontae ar thionscnaimh éagsúla a bhfuil sé mar aidhm leo an earnáil turasoíreachta a fhorbairt ag cinn scríbe aonair agus oibriú i gcomhpháirt lena chéile trí Chonair Chósta Bhaile Átha Cliath a fhorbairt, mar aon le scéalta agus eispéiris éagsúla freisin.</p> <p>Straitéis Turasoíreachta 2023 – 2029</p> <p>I mí Bealtaine 2022 eisíodh tairiscint le haghaidh seirbhísí comhairleoireachta chun Straitéis Turasoíreachta do Chomhairle Contae Fhine Gall 2023-2029 a fhorbairt. Bunaithe ar na haighneachtaí a fuarthas, roghnaíodh comhairleoir chun straitéis turasoíreachta a fhorbairt.</p> <p>Cuireadh tús leis an bpróiseas i mí Mheán Fómhair tráth a ndearnadh athbhreithniú agus iniúchadh ar thírdhreach turasoíreachta Fhine Gall, bunaíodh bonnlíne gheilleagrach, spriocanna fáis agus PTFanna gaolmhara agus reáchtáladh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara. D'eagraigh comhairleoir amháin 12 agallamh duine le duine, 6 fhócasghrúpa agus suirbhé amháin le páirtithe leasmhara ón tionscal. Cuireadh an doiciméad ina bhfuil cur síos déanta ar na príomhthorthaí faoi bhráid na foirne inti ag tús mhí na Nollag.</p> <p>Tá amlíne mhionsonraithe sonraithe - 10 mhí chun an Straitéis a fhorbairt, agus táthar ag súil go mbeidh an dréacht deiridh ar fáil i mí Meithimh 2023.</p>



<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
<p>Cruthú cheann scríbe bia agus dí Fhine Gall a éascú.</p>	<p>Lean an Chomhairle ar aghaidh ag obair le Comhairleoir Líonra margaíochta agus bia agus le Fáilte Éireann chun tuilleadh forbairt a dhéanamh ar Líonra Bia agus Dí Fhine Gall.</p> <p>Ainneoin gur lean Coiste an Líonra ag obair ar phlean gníomhaíochta a forbraíodh i dteannta le Comhairleoir i rith 2021 agus 2022, seoladh an Líonra go hoifigiúil, i ndiaidh na paindéime, ar an 16 Samhain 2022 in Áras an Chontae.</p> <p>Deis líonraithe a bhí anseo do ghnóthaí ma aon le deis labhairt le baill den Choiste, eolas a fháil faoi na pleananna spéisiúla atá déanta le haghaidh 2023 agus faoi na buntáistí is féidir le gnó bia a bhaint as páirt a ghlacadh sa Líonra. Lean Comhairle Contae Fhine Gall ar aghaidh le hacmhainní a chur ar fáil do na feachtais dhigiteacha, meán sóisialta agus phrionta éagsúla a raibh sé mar aidhm leo aird a tharraingt ar Bhia Fhine Gall trí bhranda Chósta agus Gharraithe Bhaile Átha Cliath.</p> <p>Cuireadh tús freisin le Straitéis Bia nua d'Fhine Gall a fhorbairt in 2022. Is é an aidhm atá leis an straitéis seo tacú leis an tionscal bia trí Straitéis Turasóireachta Bia &amp; Dí a fhorbairt a bheidh ailínithe le Straitéis Turasóireachta Fhine Gall atá á fhorbairt faoi láthair, lena n-áirítear: forbairt leanúnach 'Cósta &amp; Garraithe Bhaile Átha Cliath', cur chun feidhme &amp; poiblíocht; eispéiris inbhuanaithe, indíolta bia &amp; dí den chéad scoth a chruthú &amp; a chothabháil, agus infheistíocht leanúnach i bhféilte agus imeachtaí bia agus dí.</p> <p>Forbrófar 2 phríomhshnáithe fhorluiteacha mar chuid den straitéis;</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Tairiscint Thurasóireacht Bia &amp; Dí Fhine Gall a Fhorbairt</li> <li>• Earnáil Bhia agus Dí Fhine Gall a fhorbairt</li> </ul> <p>Tá an straitéis á fhorbairt ag comhairleoir, meantóir margaíochta agus oiliúnóir do Fáilte Éireann agus OFÁna agus ag Éascaitheoir Líonra Bia Fhine Gall freisin, de réir mar a fhoráiltear i gclár Fháilte Éireann, 'líonraí bia den chéad scoth a chruthú'.</p> <p>Nollaig 2022 - Tionscnamh an Tionscadail/Scóipeáil/Sainaithe Páirtithe Leasmhara.</p> <p>Táthar ag súil go mbeidh an beartas bia forbartha i mí Meithimh 2023.</p>
<p>Tacú le tionscnaimh Oidhreachta atá bunaithe ar thurasóireacht ag Réadmhaoin Oidhreachta Fhine Gall.</p>	<p>In 2022, sheol Teach Dhroichead Nua dhá rogha turais nua le Turais Threoraithe sna Páirceanna agus Turais Threoraithe ar Fheirmeacha. Chomh maith leis sin, cruthaíodh agus rolladh amach clár oideachais i mbunscoileanna agus i meánscoileanna a bhí dírithe ar an gné 'thuas staighre/thíos staighre' den teach agus ar an nasc a bhí idir an teach agus an méid a bhí ar bun ar an bhFeirm Oidhreachta.</p> <p>Mar chuid d'imeacht breise nua bhí 'Abba an 21<sup>ú</sup> Céad' le feiceáil sa gharraí daingean, imeacht ar fhreastail 600 duine air.</p>



<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
Tacú le tionscnaimh Oidhreachta atá bunaithe ar thurasóireacht ag Réadmhaoín Oidhreachta Fhine Gall.	<p>Forbraíodh turas fóirúil den Halla Mór i gCaisleán Mhullach Íde a tharraing aird ar na gnéithe athchóirithe lena n-áirítear pictiúir agus bord proinne réitithe.</p> <p>Reáchtáladh feachtais shuntasacha mhargaíochta in 2022 trí úsáid a bhaint as na meáin chlóite, an raidió agus na meáin shóisialta chun aird a tharraingt ar Chasaíne Mhullach Íde, Caisleán Mhullach Íde agus Teach Dhroichead Nua.</p>
Eispéiris cuairteoirí ag gach ní is díol spéise agus imeacht i bhFhine Gall a fheabhsú agus a fhorbairt.	<p>Rinneadh infheistíocht Chaipitil leanúnach chun ár saoráidí Réadmhaoine Oidhreachta a chothabháil agus a uasghrádú i rith 2022 lena n-áirítear an Halla Mór i gCaisleán Mhullach Íde a athchóiriú agus cuireadh tús le hoibreacha caomhantais suntasacha ar an díon agus ar fhuinneoga ag Caisleán Ard Giolláin agus ag Teach Dhroichead Nua.</p> <p>D'oibrigh an Chomhairle lena hOibríteoirí agus soláthraithe Caifé chun eispéiris cuairteoirí a fheabhsú. Chuir an Chomhairle tús le tionscadal comhpháirteach le Iarnród Éireann a raibh sé mar aidhm leis Ionad Léirmhíniúcháin idirghníomhach do Leanaí a fhorbairt ag Músaem Iarnróid Chasaíne Mhullach Íde. Tá sé beartaithe é seo a sheoladh i Ráithe 2 de 2023.</p> <p>Leanadh ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt le Fáilte Éireann i rith 2022 ar roinnt tionscadal lena n-áirítear an Plean Forbartha Cósta, cuireadh obair i gcrích le Grúpaí Forbartha Turasóireachta agus reáchtáladh feachtais mhargaíochta a raibh sé mar aidhm leo aird a tharraingt ar Fhine Gall.</p> <p>Teach Dhroichead Nua – cuireadh tús leis an obair ar an seomra íosláigh a mbeidh bailiúchán poircealláin Betty Cobbe ar taispeáint ann a bheidh le feiceáil mar chuid de thuras ar an teach agus tá sé beartaithe go mbeidh an seomra seo oscailte i Ráithe 1 de 2023.</p> <p>Forbraíodh spás gailearaí nua in íoslach Chaisleán Ard Giolláin a sheolfar in 2023 agus tabharfar deis d'ealaíontóirí áitiúla a saothar ealaíne a thaispeáint ansin.</p>
Plean Forbartha Ealaíon Fhine Gall 2019-2025 a chur chun feidhme.	Leanadh ar aghaidh le Plean Forbartha Ealaíon Fhine Gall 2019-2025 a chur chun feidhme in 2022 agus leis an gclár ealaíon poiblí dar teideal 'Bonneagar' agus leis na scéimeanna deontas, coimisiún agus sparánachtaí, lena n-áirítear tacú le Ceathrú Cultúrtha Shoird agus leis an tionscadal athbheochana "Ár mBaile Brigín".
An Creat-chomhaontú Ocht mBliana leis an gComhairle Ealaíon a chur chun feidhme.	<p>In 2022 leanadh ar aghaidh ag obair ar na gníomhaíochtaí atá sonraithe sa chreat-chomhaontú ocht mbliana i dteannta leis an gComhairle Ealaíon. Seo a leanas an dá réimse a bhfuil comhaontú déanta ina leith:</p> <p><b>a) Taighde &amp; Forbairt</b> – tá an Oifig Ealaíon ag leanúint ar aghaidh ag obair le foireann forbartha SCQ ar an tsaoráid phoiblí agus ar an tsamhail amharclainne nua.</p> <p><b>b) Acmhainn a Fhorbairt</b> - Tá tacar taighde bunaithe ag an bhfoireann Ealaíon maidir le conas is fearr is féidir leis an gComhairle a huailmhianta seirbhíse poiblí a chomhlíonadh i réimse na nEalaíon agus an Chultúir, i réimse chleachtas na n-ealaíon poiblí agus óige agus oideachas.</p>



<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
<p>Cur chun feidhm an Cláir Éire Ildánach i bhFine Gall a chomhordú.</p>	<p>Leithdháileadh buiséad de €319,215 in 2022 le haghaidh 49 tionscadal/tionscnamh cruthaitheach difriúil a bhain le 3 shruth maoinithe ar leith Pobail Ildánacha, Cruinniú na nÓg agus an Clár Comórtha Céad Bliain.</p> <p>Bhí an Clár Comórtha dírithe ar shochraid Frank Lawless agus leagadh béim ar leith ar a ról mar Réabhlóidí Éireannach agus mar TD as Baile Átha Cliath Thuaidh. Eagraíodh taispeántas, gearrscannán agus imeacht seolta.</p> <p>Reáchtáladh Cruinniú na nÓg, lá náisiúnta na hÉireann do ghníomhaíochtaí cruthaitheacha do leanaí ar an 11 Meitheamh agus eagraíocht Conair Scéalaíochta nua in An Ros, lá spraoi sráide, imeachtaí i leabharlanna agus tionscadail ealaíon lena n-áirítear Spás Saothair, <i>Playscape</i> agus <i>Daily Cloud</i>.</p> <p>Mar thoradh ar an maoiniú a cuireadh ar fáil do Chruthaitheacht i measc daoine níos sine, reáchtáladh 50 ceolchoirm Cúraim Covid in árais chúraim ar fud Fine Gall i rith 2022.</p>
<p>Ionad Cathartha &amp; Cultúrtha Shoid.</p>	<p>I rith 2022, cuireadh soláthairtí agus ceapacháin le comhairliúchán i gcrích chun an fhoireann dearaidh a bhunú atá riachtanach chun tionscadal SCQ a chur i gcrích. Tá an fhoireann dearaidh iomlán ag obair ar a ndearadh agus é mar aidhm acu a ndearadh a fhorbairt ó choincheap tosaigh agus obair ullmhúcháin don phróiseas pleanála a dhéanamh. I rith 2022, shínigh an tOifigeach Ealaíon pleananna d'amharclann 'Black Box' agus gailearaí nua leis na Comhairligh. Leanfar leis an obair seo in 2023 agus tá sé beartaithe an obair phleanála don chomhairliúchán poiblí agus do phróiseas tairisceana an tionscadail a dhéanamh in 2023.</p>





# Timpeallacht, Athrú Aeráide & Taisteal Gníomhach

Cuspóir Soláthar Seirbhíse	Tuarascáil Mheasúnaithe 2022
Pleananna Réigiúnacha Bainistíochta Dramhaíola an Oirthir agus Lár na Tíre 2015-2021 a chur chun feidhme.	Tá meastóireacht déanta ar an bplean 5 bliana atá in úsáid faoi láthair sula ndéanfar athbhreithniú ar an phlean. Ar fáil <a href="#">anseo</a> .
Iarchúram ar líonadh talún stairiúil agus dúnta.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Táthar ag leanúint le líonadh talún ceadúnaithe dúnta a bhainistiú - Baile Amhlaoibh, Dún Sinche, Neimhead, Barr na gCaorach.</li> <li>Táthar ag leanúint leis an gClár Oibreacha Caipitil do Bhaile Amhlaoibh agus tá tús curtha le roinnt oibreacha – uasghrádú oibreacha leictreachais chun críche láisteáit a bhailiú.</li> <li>Leandadh ar aghaidh ag obair ar chomhaontuithe Dearaidh, Scagtha agus Urthrá maidir le balla cosanta do Líonadh Talún Oidhreachta <i>Brooks End</i>.</li> </ul>
Monatóireacht a dhéanamh ar Thruailliú Aeir agus Torainn.	<p>Tuairiscítear Cigireachtaí agus Gníomhaíochtaí Comhshaoil a bhaineann leis an ngníomhaíocht seo don EAP i dTuarascáil Dul Chun Cinn Tosaíochtaí Náisiúnta Feidhmithe 2022 atá ar fáil <a href="#">anseo</a>.</p> <p>Áirítear raon leathan gníomhaíochtaí sa tuarascáil seo lena n-áirítear gearáin, cigireachtaí pleanáilte agus gníomhaíochtaí ceadaithe/ceadúnaithe. Déanfaidh EPA meastóireacht ar an tuarascáil seo agus ar thuarascálacha eile ó Údaráis Áitiúla eile níos faide anonn sa bhliain. Rinneadh 558 cigireacht aeir/teorainn gnáthaimh agus neamhghnáthaimh in 2022.</p>
Rialachán Dramhaíola a Fhorfheidhmiú.	<p>Tuairiscítear Cigireachtaí agus Gníomhaíochtaí Comhshaoil a bhaineann leis an ngníomhaíocht seo don EAP i dTuarascáil Dul Chun Cinn Tosaíochtaí Náisiúnta Feidhmithe 2022 atá ar fáil <a href="#">anseo</a>. Áirítear raon leathan gníomhaíochtaí sa tuarascáil seo lena n-áirítear gearáin, cigireachtaí pleanáilte agus gníomhaíochtaí ceadaithe/ceadúnaithe. Déanfaidh EPA meastóireacht ar an tuarascáil seo agus ar thuarascálacha eile ó Údaráis Áitiúla eile níos faide anonn sa bhliain. Rinneadh 1,432 cigireacht dramhaíola gnáthaimh agus neamhghnáthaimh in 2022 i gcomparáid leis sprioc - 1,208 cigireacht.</p> <p>Tionscadal Feithiclí a bhfuil a Ré Caite – bhí 81 láithreán mídhleathach glanta agus dúnta faoi dheireadh 2022. Tá ELVanna á dtógáil ón sé láithreán atá fágtha agus tá caingne dlí bunaithe i ndáil le dhá láithreán.</p>
Seirbhís rialaithe madraí agus capall a reáchtáil.	Tá an tSeirbhís Maorachta Madraí, atá i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2021, i mbun gníomhaíochtaí forfheidhmithe faoi Acht um Rialú Madraí, 1986. In 2022, eisíodh 455 fineáil a bhain le cionta madraí.



<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
Seirbhís rialaithe madraí agus capall a réachtáil.	<p>Reáchtáil maoir madraí tionscadal píolótach de sheiceálacha ceadúnas madraí, ó dhoras go doras, ag 12,500 teach i bhFine Gall agus d'eisigh siad 10 bhfógra lae d'úinéirí madraí a chuireann ceadúnais ar fáil laistigh de 10 lá. In 2022, ceannaíodh 10,417 ceadúnas madraí agus bhí an t-ioncam ó dhíol ceadúnas cothrom le €315,020.</p> <p>Bíonn na Maoir Madraí i mbun patróil ag páirceanna agus trána agus bhí siad ag obair taobh le EETCD ag roinnt imeachtaí a réachtáladh amuigh faoin aer i bhFine Gall.</p> <p>In 2022, cuireadh 154 madra seachráin isteach san ionad dídine agus tugadh 51 madra do na maoir. Thóg úinéirí 70 madra ar ais agus aimsíodh ionaid chónaithe nua do 136 madra trí ionaid tarrthála nó trí chabhair ón bpobal.</p> <p>Cuireadh tús le tionscadal Leas Ainmhithe ag Líonadh Talún Dhún Sinche i gcomhpháirt le DAFM agus le DSPCA agus réachtáladh dhá imeacht bailithe capall ina dhiaidh sin i mí Bealtaine agus Lúnasa 2022. Sainaitníodh 128 capall a raibh úinéirí acu. Ní raibh micrishlis acu agus cuireadh cóir leighis chun déileáil le seadáin ar gach capall. Coilleadh 11 stail mar chuid den tionscadal mar iarracht pórú measctha a laghdú.</p> <p>In 2022, gabhadh 11 chapall ón ríocht phoiblí. Aimsíodh ionaid chónaithe nua do 9 gcapall agus cinneadh dhá chapall a eatanóisiú.</p>
Seirbhís Maoir Bruscair a Sholáthar.	<p>Tá an tseirbhís seo á soláthar de réir na nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola, 1997 – 2009. In 2022, leagadh níos mó béime ar dhumpáil mhídhleathach agus rinneadh patról laethúil ag áiteanna sainaitheanta. Rinneadh 3,387 patról/imscrúdú bruscair gnáthaimh in 2022. Lean na maoir bruscair ar aghaidh le patróil a dhéanamh i rith an deiridh seachtaine in 2022 freisin. Chomh maith leis sin, réachtáil siad feachtais feasachta maidir leis na bealaí cósta, ar mhaithe le heolas a roinnt le saoránaigh maidir lena bhfreagrachtaí mar úinéirí madraí - salachar a madraí a ghlanadh agus gan aon bhruscar a fhágáil ina ndiaidh riamh.</p> <p>Leanadh ar aghaidh le tionscadal píolótach na gcarr tréigthe in 2022 agus tuairiscíodh go raibh 383 feithicil tréigthe. I ndiaidh imscrúdú a dhéanamh, cinneadh go raibh 13 charr tréigthe agus baineadh ó na láithreacha éagsúla iad ina dhiaidh sin.</p>



<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
<p>Uiscí Dromchla, Screamhuisce agus Uisce Cósta a Chosaint.</p>	<p>Tuairiscítear Cigireachtaí agus Gníomhaíochtaí Comhshaoil a bhaineann leis an ngníomhaíocht seo don EAP i dTuarascáil Dul Chun Cinn Tosaíochtaí Náisiúnta Feidhmithe 2022 atá ar fáil <a href="#">anseo</a>. Áirítear raon leathan gníomhaíochtaí sa tuarascáil seo lena n-áirítear gearáin, cigireachtaí pleanáilte agus gníomhaíochtaí ceadaithe/ceadúnaithe. Déanfaidh EPA meastóireacht ar an tuarascáil seo agus ar thuarascálacha eile ó údaráis áitiúla eile níos faide anonn sa bhliain. Rinneadh 850 cigireacht uisce/fuíolluisce gnáthaimh agus neamhghnáthaimh in 2021.</p>
<p>Clár Feasachta Comhshaoil a bhunú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tacaíodh leis na 145 scoil atá páirteach i gClár na Scoileanna Glasa, agus bronnadh 23 Brat Ghlas Nua ar Scoileanna Fhine Gall in 2022.</li> <li>• Cuireadh obair i gcrích le hÚdaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath, Oifig Phlean Dramhaíola Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre agus <i>Composting Ireland</i> chun Clár Múirínithe na Scoileanna a rolladh amach, Clár a bhunaíonn agus fhóirdheonaíonn múiríniú agus dramhbhia i scoileanna. Bronnadh duais REPAK ar an tionscadal sa chatagóir inbhuanaitheachta.</li> <li>• Rolladh amach clár bhruscair cosúil le 'Cairde Bailithe Bruscair' i scoileanna náisiúnta agus cuireadh bailitheoirí bruscair ar fáil trí 6 mhól na nIonad Pobail. Tá an tionscnamh 'Cairde Bailithe Bruscair' bunaithe i 40 rang nua i mbunscoileanna anois, sa bhreis ar an 80 rang gníomhaíoch 'Cairde Bailithe Bruscair' atá bunaithe cheana féin.</li> <li>• Cuireadh obair i gcrích le hÚdaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath, An Taisce agus grúpaí eile ar mhaithe le Seachtain Ghlantacháin Pobail Bhaile Átha Cliath a réachtáil i mí Mheán Fómhair.</li> <li>• Cuireadh maoiniú luach €20k ar fáil do 15 tionscadal Frithbhruscair &amp; Frithghraifítí i bpobail ar fud an chontae.</li> <li>• I gcomhpháirt le sé hIonad Pobail, cuireadh trealamh bruscair ar fáil do dhaoine aonair agus do phobail i bhFine Gall. Spreag Seachtain Ghlantacháin Bhaile Átha Cliath roinnt grúpaí chun obair ghlantacháin a dhéanamh. Chomh maith leis sin, cuireadh trealamh bruscair ar fáil do Ghrúpaí agus Scoileanna Pobail.</li> <li>• Tá Tionscadal Uirlisí Fhine Gall ag tacú leis an obair seo, Tionscadal a chiallaíonn gur féidir le daoine uirlisí a fhágáil in Ionaid Athchúrsála, ansin glantar iad, deisítear iad agus dáiltear iad i measc an phobail arís.</li> <li>• Reáchtáladh gradaim Thionscadal 'Fine Ghall Glas', agus bronnadh a chéad réalta ar an 32 Ionad Pobail i bhFine Gall a chuir an chéim Dramhaíola i gcrích. Is é an aidhm atá leis an gclár seo tacú le bainisteoirí ionaid a gcuid seirbhísí a chur ar fáil ar bhealach níos inbhuanaithe.</li> <li>• Reáchtáladh feachtais phromóisin leanúnacha i gcomhpháirt leis an Rannóg Cumarsáide a bhí dírithe ar bhruscar, timpeallachtaí trá agus muirí, dramhbhia, bithéagsúlacht agus feasacht chomhshaoil ghinearálta.</li> <li>• Eagraíodh ceardlanna faoi gharraíodóireacht inbhuanaithe don phobal.</li> </ul>



<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
Clár Feasachta Comhshaoil a bhunú.	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Reáchtáladh ceardlanna cur crann i 3 mheánscoil agus i 5 bhunscoil i bhFine Gall i mí na Nollag. Reáchtáladh trí lá cur crann Pobail i gCaisleán Cnucha, Mullach Íde agus Tailte Theach Dhroichead Nua.</li> <li>• Léirigh pobail éagsúla i bhFine Gall neart spéise sa tionscnamh múirínithe múirín duillí pobail. Ghlac 26 pobal páirt sa chlár. Forbraíodh 136 cás múirín duillí i mbreis is 50 suíomh. Cuireadh cúrsaí oiliúna ar fáil mar chuid de 17 gceardlann.</li> <li>• Mar chuid de na tionscnaimh ReUse a reáchtáladh leis an <i>Rediscovery Centre</i>, cuireadh 325 5L de phéint ar fáil do ghrúpaí pobail i bhFine Gall in 2022 a bhí le húsáid i gceantair phoiblí.</li> </ul>
Scéimeanna Cosaint ar Thuilte a chur chun feidhme i gcomhar le ONP.	Trá trí scéim cosaint ar thuilte (Mullach Íde, Port Mearnóg & Na Sceirí) bunaithe le ONP. Tá Athbhreithniú Inmharthanachta Scéime á dhéanamh ag ONP orthu seo faoi láthair.
Comhordaíodh an Plean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide.	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tá struchtúir rialachais agus tuairiscithe bunaithe. Oibríonn an Comhordaitheoir um Gníomhú ar son na hAeráide le ceannairí ó gach Roinn inmheánach, agus le comhghleacaithe ó Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath, CARO, Codema agus páirtithe leasmhara eile chun Plean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide 2019-2024 a chur i bhfeidhm. Ghlac an Chomhairle leis an bPlean i mí Bealtaine 2019 agus táthar ag leanúint ar aghaidh leis na gníomhaíochtaí. Tá nuashonruithe rialta curtha ar fáil don SPC um Gníomhú ar son na hAeráide, Bithéagsúlachta agus Comhshaoil. Cuireadh an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn an Phlean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide 2022 faoi bhráid SPC, CPG agus na Comhairle.</li> </ul>
Ionaid Fág Anseo a chur ar fáil le haghaidh buidéal gloine.	Tá an Chomhairle freagrach as dhá ionad fónas poiblí (Inbhear agus Cúil Mhín), líonra de 60 Ionad Fág Anseo d'athchúrsáil ghloine ar fud an Chontae mar aon le 29 láthair ina bhfuil Ionad Fág Anseo Teicstílí. In 2022, bailíodh agus athchúrsáladh 5775.16 tona de ghloine ó Ionaid Fág Anseo Fhine Gall. Bailíodh 219 tona de theicstílí ó Ionaid Fág Anseo Teicstílí.



<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
Lánaí Rothaíochta Cosanta – bainistíodh dearadh & tógáil roinnt tionscadal lánaí rothaíochta cosanta.	Cuireadh thart ar 30km de shaoráidí rothaíochta i gcrích le haghaidh na scéimeanna seo a leanas; <ul style="list-style-type: none"> <li>• Baile an Hartaigh/Baile an Huntaigh</li> <li>• Gleann na hAbhann/Ráth Aingil</li> <li>• Baile Dúill/Binn Éadair</li> <li>• Bealach Chrónáin/Bóthar Bhaile Breacáin</li> </ul>
Feabhsuithe i mBailte & Sráidbhailte – athbhreithnithe soghluaisteachta agus tionscadail ríochta poiblí a leag béim ar Thaisteal Gníomhach.	Táimid ag leanúint ar aghaidh le Plean Taistil Ghníomhaigh a fhorbairt le haghaidh cuid dár mBailte & Sráidbhailte; <ul style="list-style-type: none"> <li>• An tSráid Nua Mullach Íde</li> <li>• Baile an Ridire</li> <li>• Na Sceirí</li> </ul>
Nascacht/Tréscailteacht – athbhreithniú & feabhsú an bhonneagair reatha chun tacú le nascacht fhoriomlán d'úsáideoirí Taistil Ghníomhaigh.	Táimid ag leanúint ar aghaidh ag fáil iarratas éagsúil ar fheabhsuithe tréscailteacht agus nascachta ó pháirtithe leasmhara éagsúla as ar fud an chontae. Tá na hiarratais seo á dtaifeadadh chun críche meastóireachta trí anailís ilchritéir. Ansin, tá athbhreithniú á dhéanamh ar na tionscadail ag ranna éagsúla chun a fháil amach cibé acu an féidir nó nach féidir modh seachadta oiriúnach a shainiú.
Pleanáil straitéiseach – Straitéis Taistil Ghníomhaigh a ullmhú agus a chur chun feidhme.	Tá an Straitéis Taistil Ghníomhaigh ullmhaithe agus curtha faoi bhráid SPC.
An Oifig um Shábháilteacht ar Bhóithre – an clár 'Bealaí Níos Sábháilte chun na Scoile' a chur i bhfeidhm, clár a spreagann aistriú córa iompair i measc lucht scoile. Maoir scoile a bhainistiú.	Babhta 1 – Tráinse 1 – Tá na tionscadail seo a leanas á dtógáil faoi láthair: <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ag Foghlaim le Chéile an Rois/Lusca</li> <li>• Ag Foghlaim le Chéile Theach Chainnigh/Scoil Náisiúnta San Beinidict</li> <li>• Scoileanna Sóisearacha agus Sinsearacha Chois Bá</li> </ul> <p>Babhta 1 – Tráinse 2 – tá na scoileanna fágtha ag leanúint ar aghaidh leis na hardchéimeanna dearaidh agus é mar aidhm acu tús a chur leis na hoibreacha tógála i rith 2023.</p> <p>Fógraíodh scoileanna Bhabhta 2 ag deireadh 2022. Tá An Taisce ag bainistiú na hoibre ullmhúcháin atá á déanamh don phlean forbartha, agus tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Fhine Gall tús a chur leis na hoibreacha ar an láthair i rith 2023.</p>
Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre Fhine Gall a ullmhú agus a fhoilsiú.	Tá athbhreithniú á dhéanamh ar Phlean um Shábháilteacht ar Bhóithre Fhine Gall faoi láthair i ndiaidh Straitéis Bóithre RSA 2021-2030 <i>Vision Zero</i> a eisiúint.



## Cuspóir Soláthar Seirbhíse

Athrú Soghluaisteachta & Iompraíochta – rolladh amach Tionscadal Taistil Ghníomhaigh & Imeachtaí éagsúla chun aird a tharraingt air agus tacú le haistriú córa iompair.

## Tuarascáil Mheasúnaithe 2022

Reáchtáil an Fhoireann Taistil Ghníomhaigh roinnt imeachtaí inmheánacha agus seachtracha chun aird a tharraingt air agus chun tacú le haistriú córas iompair:

- Cláir & Tionscnaimh
- Cúrsa chun Cabhrú le Daoine Faoi Mhíchumas Foghlaim Conas Rothaíocht
- Grúpaí Siúil
- Cúrsaí Rothaíochta d'Aosaigh
- Rothaíocht do Gach Aois
- Seoladh Roinnt Rothar le haghaidh Rothar Leictreach i bhFine Gall agus tá Tier ceaptha mar oibríteoir



*Tionscadal na Stáisiún Aimsire do*



*An Feachtas 'Cuir Solas ar Do Rothar'*



*Rothair Leictreacha*



# Airgead

Cuspóir Soláthar Seirbhíse	Tuarascáil Mheasúnaithe 2022
Bainistiú Fiach Gníomhach (Rátaí/PEL/NPPR).	In 2022, bailíodh 98.1% de na Rátaí Tráchtála (lena n-áirítear tarscaoileadh rátaí). Bailíodh €0.904m mar thoradh ar Thobhach Réadmhaoine na Bliana Iontrála (PEL), muirear a bhaineann le gach réadmhaoín nua crochta nó tógtha ar feitheamh measúnú a dhéanamh ar rátaí tráchtála. In 2022 bailíodh €1.05m mar thoradh ar mhuirear na hÁite Cónaithe Príobháideach Neamhphríomha (NPPR).
Bainistiú Cuntas Iníoctha agus Eis-sreafaí Airgid Thirim Bainistithe Cisteáin.	Phróiseáil Cuntais Iníoctha íocaíochtaí luach €455.2m i rith 2022. Rinneadh an bainistiú cisteáin agus an sreabhadh airgid a bhainistiú go gníomhach i rith na bliana.
Rinneadh na hÉilimh Dlíteanais agus na Polasaithe Árachais a Bhainistiú go héifeachtach.	Rinne an Chomhairle gach éileamh in aghaidh na Comhairle a bhainistiú agus a imscrúdú go réamhghníomhach. Leanamar ar aghaidh le cúrsaí a bhain leis na polasaithe árachais atá bunaithe a phlé lenár n-árachóirí.
A chinntiú go bhfuil athbhreithniú agus monatóireacht á déanamh ar Bhuiséid.	Déantar athbhreithniú rialta ar bhuiséid chuntais ioncaim agus ar an bPlean Caipitil i dteannta le gach roinn.
Cuirtear Clár Caipitil 3 Bliana i dToll a Chéile.	Cuireadh Plean Caipitil 2023-2025 os comhair na gComhairleoirí i mí Dheireadh Fómhair 2022.
Cuireadh Buiséad Bliantúil i dtoll a chéile.	Cuireadh Buiséad 2023 os comhair na Comhairle ar an 8 Samhain 2022.
Cuireadh Ráiteas Airgeadais Bhliantúil i dtoll a chéile.	Cuireadh Ráitis Airgeadais 2021 i gcrích i mí Márta 2022 agus síníodh Tuarascáil an Iniúcháin i mí Mheán Fómhair 2022.
Dea-chleachtas agus luach ar airgead a chinntiú i ndáil le soláthar.	<p>Reáchtáil an Láraonad Soláthair (CPU) na próisis soláthair atá sainaitheanta sa Phlean Soláthair Bhliantúil i rith 2022. Cuireadh tús le 323 soláthar a raibh luach measta de €253.26m luaite leo agus bronnadh 270 conradh a raibh luach €81.38m luaite i rith na bliana.</p> <p>Chomh maith leis sin, rinne an CPU monatóireacht agus tuairisciú ar chomhlíontacht agus ar fheidhmíocht soláthair ar fud na heagraíochta agus roinneadh an t-eolas cuí leis an bhFoireann Bhainistíochta Shinsearach.</p>





# Seirbhísí

Cuspóir Soláthar Seirbhíse	Tuarascáil Mheasúnaithe 2022
<p>Tithíocht á cur ar fáil ag Comhairle Contae Fhine Gall de réir na Straitéise Tithíochta agus Tithíocht do Chách.</p>	<p>Cuireadh 1,191 aonad tithíochta sóisialta ar fáil in 2022 trí fhoirgnimh a fháil, a thógáil, a léasú agus sruthanna HAP.</p> <p>Socraíodh sprioc d'Fhine Gall - 404 aonad a chur ar fáil i rith 2022 trí thithe nua a thógáil agus aonaid tithíochta sóisialta a léasú i rith 2022. Faoi dheireadh na bliana, bhí an sprioc sáraithe agus bhí 525 aonad curtha ar fáil faoi na sruthanna seo.</p> <p>Seoladh Gníomh Tithe Folmha na Comhairle i mí na Nollag 2022.</p> <p>Seoladh Scéim Deontais Réadmhaoin Fholamh Chroí Cónaithe i mí Iúil 2022. Fuarthas ocht n-iarratas in 2022, tá oibreacha ar siúl ag 3 réadmhaoin agus tá 16 úinéir réadmhaoine eile i mbun cúrsaí a phlé leis Rannóg na dTithe Folmha agus é mar aidhm leanúint ar aghaidh chuig an gcéim iarratais fhoirmiúil.</p> <p>Cuireadh tús leis na hoibreacha ar an láthair mar chuid de Chéim 1 d'athchóiriú 14 theachín fholmha ag Ospidéal Íde, Port Reachrann.</p>
<p>Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean a Sholáthar agus a Bhainistiú de réir Phlean Gníomhaíochta Easpa Dídine Bhaile Átha Cliath 2022 – 2024.</p>	<p>Rinneadh dul chun cinn leanúnach i ndáil le cur chun feidhme chuspóirí Phlean Gníomhaíochta Easpa Dídine 2022-2024.</p> <p>I rith 2022, chuir an Fhoireann Easpa Dídine 748 measúnú easpa dídine i gcrích, a bhain le 380 teaghlach agus 368 teaghlach ina raibh daoine aonair nó lánúin.</p> <p>Cabhraíodh le 364 teaghlach áiteanna cónaithe a aimsiú trí:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• 172 Tionóntacht Tithíochta Sóisialta</li> <li>• 192 Tionóntacht Easpa Dídine - HAP</li> </ul> <p>Tá rannpháirtíocht agus comhoibriú leanúnach ar siúl le páirtithe leasmhara éagsúla maidir le soláthar seirbhísí do dhaoine gan dídean.</p>
<p>An Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta a Riar.</p>	<p>Leanadh ar aghaidh le HAP a riar in 2022 trí thairseach iarratais nua ar líne. Bhunaigh Comhairle Contae Fhine Gall 382 tionóntacht in 2022 agus tá breis is 3,600 tionóntacht bunaithe ó bunaíodh HAP in 2017.</p>



<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
Stoc Tithíochta/Folúntais/Tithe Fíolmha a Bhainistiú agus a Chothabháil.	<p>Lean an Chomhairle ar aghaidh le bainistíocht eastáit agus le seirbhís chothabhála tithíochta a chur ar fáil do bhreis is 6,400 tionóntacht, a raibh stoc leathan tithíochta i gceist leo.</p> <p>Fuarthas 13,620 iarratas cothabhála freagartha in 2022, laghdú 9% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Ghlac an Rannóg Bainistíochta Eastáit le 1,556 gearán a bhain le líomhaintí maidir le hiompar frithshóisialta, figiúr arb ionann é agus méadú de 14.7% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.</p> <p>Bhí an ráta folúntais a bhí luaite le stoc na comhairle in 2022 cothrom le 1.7%.</p>
Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019 - 2024 a chur chun feidhme.	Tá dul chun cinn déanta maidir le cur chun feidhme chuspóirí an Chláir Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024, táthar ag leanúint ar aghaidh leis na hoibreacha athchóirithe agus le cóiríocht a sholáthar de réir riachtanas phobal an Lucht Siúil i gceantar riaracháin Fhine Gall.
Rochtain ar Chóiríocht Phríobháideach ar Cíos ar Ardchaighdeán a chur ar fáil trí Chlár Iniúchtaí Bliantúil.	<p>Ar aon dul leis an Straitéis d'Earnáil na Cóiríochta Príobháidí ar Cíos, tá spriocanna cigireachta bliantúla sonraithe ag DHLGH do gach údarás áitiúil. Tá na spriocanna seo bunaithe ar an gcéatadán réadmhaoine atá cláraithe le RTB. In 2022, bhí 20,824 tionóntacht cláraithe le RTB i gceantar riaracháin Fhine Gall.</p> <p>Tá sprioc cigireachta bhliantúil de 25% sonraithe ag DHLHG le haghaidh na dtionóntachtaí cláraithe seo.</p> <p>Mar chuid de Chlár Cigireachta Bliantúil na Comhairle, rinneadh 6,113 cigireacht ar réadmhaoín príobháideach atá ar cíos in 2022.</p>
Réitigh Thithíochta Oiriúnacha agus Leordhóthanacha a chur ar fáil do Dhaoine faoi Mhíchumas.	<p>In 2022, ceadaíodh 480 iarratas a fuarthas ón earnáil príobháideach don Scéim Oiriúnaithe Tithe do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas agus cuireadh deontais luach €2.7m ar fáil.</p> <p>Tríd an Scéim Deontais Oiriúnaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas, ghlac an Chomhairle le 71 iarratas nua in 2022. Cuireadh oibreacha i gcrích ar 51 mioníarratas oiriúnaithe agus cuireadh tús leis na hoibreacha a bhain le hiarratas sínte amháin.</p> <p>I measc na mionoibreacha oiriúnaithe a rinneadh bhí cithfholcadáin boinn leibhéalta, rampaí, cathaoireacha staighre agus greimráillí a chur ar fáil. Fuair an Roinn Tithíochta maoiniú de thart ar €240,000 ó DHLGH chun tacú leis na hoibreacha seo.</p>



## Cuspóir Soláthar Seirbhíse

## Tuarascáil Mheasúnaithe 2022

Tacú le Tithíocht Tionóntacht Mheasctha, Ar Ardchaighdeán agus Inacmhainne a Sholáthar.

Lean an Chomhairle le dlús a chur le roinnt scéimeanna tionóntacht mheasctha ar fud an chontae in 2022. San áireamh san fhorbairt tionóntacht mheasctha atá beartaithe a fhorbairt ag Goirt an Teampall, Mullach Eadrad tá 1,000 aonad tithíochta sóisialta agus inacmhainne. Ceadaíodh an phleanáil Chuid 8 don chéad chéim d'fhorbairt 300 teaghais agus Páirc Líneach an Oirthir in 2022.

Leanadh ar aghaidh leis na hoibreacha ag forbairt Dhún Eimhire i Lusca áit a bhfuil an Chomhairle ag tógáil 39 teach inacmhainne agus 12 teach sóisialta, ceann de na chéad scéimeanna tithíochta sóisialta agus inacmhainne forbartha faoi Bheartas Tithíocht do Chách an Rialtais.

In 2022, leanadh ar aghaidh leis an bpróiseas tairisceana do scéim tionóntachta measctha ag Baile Hae Mór, An Ros, a raibh sé mar aidhm leis 52 teach inacmhainne agus 10 dteach sóisialta a thógáil.



Ó chlé go deas: An tAire Tithíochta, Darragh O'Brien TD, Príomhtheicneolaí Ailtireachta FCC, Orla Harte, Stiúrthóir Tithíochta FCC Robert Burns agus Príomhfheidhmeannach FCC AnnMarie Farrelly



*Forbairt Scéim Tithíocht Inacmhainne  
Dhún Eimhire, Lusca, Co. Bhaile Átha*



# Dlí

<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
Seirbhísí dlí a chur ar fáil don Phríomhfheidhmeannach agus do gach Roinn sa Chomhairle.	Cuirtear seirbhísí dlí ar fáil don Phríomhfheidhmeannach agus do Ranna na Comhairle nuair a iarrtar a leithéid.



# Leabharlanna

Cuspóir Soláthar Seirbhíse	Tuarascáil Mheasúnaithe 2022
Plean Forbartha Leabharlainne 2018 - 2023 a chur chun feidhme.	Leanadh ar aghaidh le cuspóirí Phlean Forbartha Leabharlainne Fhine Gall 2018 - 2023 a chur chun feidhme in 2022 trí 42 ghníomh.
Spásanna ar ardchaighdeán atá fáilteach agus inrochtana a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais úsáideoirí leabharlainne.	<p>Cuireadh tús leis an obair ar an láthair a bhain le hathchóiriú agus síneadh a chur le Leabharlann na Sceirí i mí Márta 2022. Tá leabharlann shealadach oscailte ar Shráid an Teampaill fad a bheidh na hoibreacha á ndéanamh.</p> <p>D'oibrigh Roinn na Leabharlann le foireann dearaidh a raibh Ailtire i gceannas uirthi chun pleananna mionsonraithe a fhorbairt don Leabharlann Contae nua atá le forbairt i gCeathrú Chultúrtha Shoird.</p> <p>I Meán Fómhair, osclaíodh Leabharlann Bhaile Dúill mar an chéad 'Mo Leabharlann Oscailte' i bhFine Gall. Ciallaíonn seirbhís 'Mo Leabharlann Oscailte' go bhfuil síneadh curtha leis na huaireanta oscailte, agus go bhfuil an leabharlann oscailte idir 8:00am - 10:00pm, 365 lá sa bhliain.</p> <p>Cuireadh síneadh leis na huaireanta oscailte a raibh baill foirne i láthair i leabharlann Bhaile Dúill, an Rois agus sa leabharlann shealadach in Na Sceirí i rith 2022.</p>
A chinntiú go bhfuil foireann oilte, eolasach agus dírithe ar chustaiméirí ag obair sna leabharlanna.	I rith 2022, d'fhreastail an fhoireann ar chúrsaí oiliúna oiriúnacha, ghlac siad páirt i bhforbairt ghairmiúil leanúnach agus cuireadh tacaíocht ar fáil dóibh ionas go bhféadfaidís tairbhe a bhaint as deiseanna oideachais ábhartha tríú leibhéal.
Riachtanais athraitheacha úsáideoirí leabharlainne a aithint agus a chomhlíonadh, de réir ár mBeartas Forbartha Bailiúcháin.	<p>I mí Márta 2022, roghnaíodh Córas Bainistíochta Leabharlainne nua a bheadh in úsáid i leabharlanna poiblí in Éirinn. Ceadaíonn samhail chuibhreannas Spydus taifid bhibleagrafacha, iasachtaí agus áirithintí ón 30 údarás leabharlainne, rud a chinntíonn go bhfuil rochtain éasca agus thapa ag patrúin leabharlainne Fhine Gall ar na milliúin leabhar ar fud na tíre.</p> <p>D'fhoilsigh Taisclann Dhigiteach na hÉireann bailiúchán grianghraf dar teideal 'Fingal and the Fight for Irish Freedom' - an chéad bhailiúchán de chuid Leabharlanna Chontae Fhine Gall atá foilsithe ag DRI. San áireamh sa bhailiúchán saibhir seo tá ábhar a bailíodh i rith Laethanta Earraí Cuimhneacháin a reáchtáladh i bhFine Gall in 2015 agus 2016.</p> <p>Mar chuid de thionscadal pólótach, cuireadh bréagáin agus acmhainní oideachais agus forbarthacha éagsúla ar fáil le tógáil ar iasacht ó na Leabharlanna seo a leanas - Baile Brigín, Baile Bhlainséir, Baile Gháire agus Mullach Íde.</p>



<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
<p>Ról na leabharlann sa phobal mar phríomhphointí chun teicneolaíocht faisnéise agus seirbhísí digiteacha a rochtain a threisiú.</p>	<p>I mí Aibreáin 2022, sheol na Leabharlanna an Spás Saothair ag Leabharlann Bhaile Bhlainséir - saoráid ilúsáide, chruthaitheach agus oideachais ina bhfuil raon trealamh le fáil lena n-áirítear ríomhairí glúine, printéir 3-T, gearrthóir vinile agus bogearraí dearaidh.</p> <p>I mí Feabhra, sheol Leabharlanna Fhine Gall a ríomhsheirbhís is déanaí – LOTE (Teangacha Seachas Béarla). Tá breis is 1,500 pictiúrleabhar digiteach i mbreis is 50 teanga ar fáil ar an ardán siamsúil, ionchuimsitheach agus oideachasúil seo.</p> <p>Chomh maith leis sin, cuireadh Pinn Léitheora ar fáil a léann focail agus línte iomlána téacs os ard chun tacú le léitheoireacht neamhspleách. Baineann daoine a bhfuil disléicse orthu, a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta nó fuaimnithe acu, iad siúd atá ag foghlaim teangacha nó iad siúd a bhfuil fadhbanna radhairc acu tairbhe as na pinn léitheoirí seo, ar píosaí teicneolaíochta cabhracha iad.</p> <p>Chomh maith leis sin, in 2022 thosaigh na Leabharlanna ag tairiscint rochtain saor in aisce ar neart acmhainní ginealais atá ar fáil trí FamilySearch.</p> <p>Tá breis is 6 bhiliún ainm inchuardaithe sa tseirbhís ghréasáin seo a bhfuil an-tóir uirthi mar aon le 2 bhiliún íomhá de thaifid stairiúla ghinealais.</p>
<p>An pobal a spreagadh chun barr a chumais a bhaint amach agus deis rannpháirtíochta a thabhairt do gach saoránach trí chlár nuálach imeachtaí agus gníomhaíochtaí i leabharlanna.</p>	<p>I measc bhuaicphointí fhéilire imeachtaí 2022 tá Féile na Scríbhneoirí, Féile Staire Fhine Gall agus Féile Litríochta Leanaí. Chomh maith leis sin, reáchtáil Leabharlanna imeachtaí faoi scáth Éire na Sláinte, Ceart Léitheoireachta, <i>Work Matters</i> agus cláir de chuid <i>Europe Direct</i>.</p>



*Veain shoghluaiste Leabharlanna Fhine Gall i gCaisleán Cnucha*

<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
<p>Poiblíocht a dhéanamh ar Leabharlanna bhFine Gall mar spásanna daonlathacha, ionchuimsitheacha agus dinimiciúla, atá oscailte do gach duine atá ag obair agus ina gcónaí sa Chontae.</p>	<p>I rith 2022, mar chuid de straitéis meán sóisialta na Leabharlann sceidealaíodh teachtaireachtaí, postálacha agus ábhar laethúil eile a chur ar fáil ar ardáin éagsúla, chun aird a tharraingt ar ghníomhaíochtaí agus ar chlár ar líne.</p>
<p>A chinntiú go mbíonn Leabharlanna Fhine Gall sofheicthe agus ábhartha in intinn an phobail trí chomhoibriú agus comhpháirtíochtaí.</p>	<p>In 2022, i gcomhpháirt le ranna eile na Comhairle agus eagraíochtaí seachtracha, d'fháiltíomar roimh phobal na hÚcráine inár leabharlanna agus chuireamar spásanna ar fáil dóibh chun bualadh lena chéile, freastal ar ranganna Béarla agus leabhair ina dteanga dhúchais féin a léamh. Chomh maith leis sin, i Leabharlann Bhaile Bhlainséir reáchtáladh taispeántas grianghraf comhoibríoch idir grianghrafadóirí de bhunadh na hÉireann agus na hÚcráine.</p> <p>Anuas air sin, d'oibríomar i gcomhpháirt le Grúpa NOW, fiontar sóisialta a thacaíonn le daoine a bhfuil deacrachtaí foghlama acu agus a bhfuil uathachas orthu, chun seirbhís Chárta agus Aip Jam a bhunú i ngach leabharlann i bhFine Gall. Is bealach discréideach é seo chun a chur in iúl do dhaoine eile go bhfuil 'Díreach Nóiméad' (JAM) / cúnamh ag teastáil i gcásanna áirithe.</p>
<p>A chinntiú go bhfuil Clár Éire Ildánach á reáchtáil i bhFine Gall.</p>	<p>Leithdháileadh buiséad de €319,215 in 2022 le haghaidh 49 tionscadal/tionscnamh cruthaitheach difriúil a bhain le 3 shruth maoinithe ar leith Pobail Ildánacha, Cruinniú na nÓg agus an Clár Comórtha Céad Bliain</p> <p>Bhí an Clár Comórtha dírithe ar shochraid Frank Lawless agus leagadh béim ar leith ar a ról mar Réabhlóidí Éireannach agus mar TD as Baile Átha Cliath Thuaidh. Eagraíodh taispeántas, gearrscannán agus imeacht seolta.</p> <p>Reáchtáladh Cruinniú na nÓg, lá náisiúnta na hÉireann do ghníomhaíochtaí cruthaitheacha do leanaí ar an 11 Meitheamh agus eagraíocht Conair Scéalaíochta nua in An Ros, lá spraoi sráide, imeachtaí i leabharlanna agus tionscadail ealaíon lena n-áirítear Spás Saothair, <i>Playscape</i> agus <i>Daily Cloud</i>.</p> <p>Mar thoradh ar an maoiniú a cuireadh ar fáil do Chruthaitheacht i measc daoine níos sine, reáchtáladh 50 ceolchoirm Cúraim Covid in árais chúraim ar fud Fhine Gall i rith 2022.</p>
<p>Dul i gcomhairle maidir le Straitéis Éire Ildánach nua do thréimhse an chlár sínte 5 bliana - 2023-2027.</p>	<p>Reáchtáladh comhairliúchán suntasach in 2022 le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha chun bonn eolais a chur ar fáil do straitéis 2023 - 2027.</p>







Seoladh Leabhar do Phobal na hÚcráine i Leabharlann Dhomhnach Bat



Seoladh na Conaire Scéalaíochta i Leabharlanna Fine Gall

# An Roinn Oibríochtaí

Cuspóir Soláthar Seirbhíse	Tuarascáil Mheasúnaithe 2022										
<p>Bainistíocht &amp; Cothabháil Bóithre Réigiúnacha &amp; Áitiúla, Bainistíocht Tráichta, Sábháilteacht ar Bhóithre.</p>	<p>Tá 65km de Bhóithre Náisiúnta, lena n-áirítear mótarbhealaí, sa Chontae. Tá an Chomhairle freagrach as 264km de bhóithre réigiúnacha agus 1011km de bhóithre áitiúla sa Chontae a bhainistiú. Déantar obair chothabhála lena n-áirítear draenáil dromchla, deisiú agus athsholáthar bóithre agus cosán, bainistíocht tráichta agus soilse poiblí a chur ar fáil trí Chlár Oibreacha agus trí na cláir chothabhála bhliantúla a chuirtear ar fáil ó na hIostaí i gCúil Mhín, Fancourt agus Sord. Lean an Chomhairle lena stoc de 32,900 soilse poiblí a bhainistiú agus tá breis is 90% tiontaithe mar chuid den Chlár Éifeachtúlachta Fuinnimh LED.</p> <table border="1" data-bbox="584 862 1469 1126"> <tr> <td>Próiseáladh na hiarratais seo a leanas i rith 2022:</td> <td>2022</td> </tr> <tr> <td>Ceadúnas Cead Slí/ Cumarsáide/ Oscailt Bóthair</td> <td>2400</td> </tr> <tr> <td>Teastas Tógáil i gCúram</td> <td>2,057</td> </tr> <tr> <td>Ceadúnas Ualach Neamhghnách</td> <td>490</td> </tr> <tr> <td>Dúnadh Bóthair Sealadach</td> <td>590</td> </tr> </table>	Próiseáladh na hiarratais seo a leanas i rith 2022:	2022	Ceadúnas Cead Slí/ Cumarsáide/ Oscailt Bóthair	2400	Teastas Tógáil i gCúram	2,057	Ceadúnas Ualach Neamhghnách	490	Dúnadh Bóthair Sealadach	590
Próiseáladh na hiarratais seo a leanas i rith 2022:	2022										
Ceadúnas Cead Slí/ Cumarsáide/ Oscailt Bóthair	2400										
Teastas Tógáil i gCúram	2,057										
Ceadúnas Ualach Neamhghnách	490										
Dúnadh Bóthair Sealadach	590										
<p>Bainistíocht &amp; Cothabháil Páirceanna Réigiúnacha, Spásanna Oscailte, Páirceanna Imeartha &amp; Saoráidí Áineasa.</p>	<p>Tá an Chomhairle ag leanúint ar aghaidh le breis is 5000 acra (2000 Ha) de spásanna oscailte poiblí a bhainistiú agus a chothabháil ag a páirceanna réigiúnacha, áitiúla agus comharsanachta agus 4 láithreán cuibhrinn ina bhfuil breis is 800 cuibhreann. Laistigh de na páirceanna agus spásanna oscailte, tá an méid seo a leanas á chur ar fáil againn;</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• 54 áit súgartha</li> <li>• 179 páirc imeartha féir</li> <li>• 8 saoráid imeartha uile-aimsire</li> <li>• 6 pháirc cruicéid</li> <li>• 19 Limistéar Ilúsáide Cluichí (MUGA)</li> <li>• 4 pháirc scátála</li> <li>• 1 chonair BMX</li> <li>• 8 gcúirt leadóige phoiblí</li> <li>• 10 gcúirt búilé</li> <li>• 33 suíomh ar leith do threalamh aclaíochta d'aoisigh.</li> </ul>										



Cuspóir Soláthar Seirbhíse	Tuarascáil Mheasúnaithe 2022
<p>Bainistíocht &amp; Cothabháil Cuanta, Bainistíocht Bruscair, Ionaid Adhlactha a Chur ar Fáil, Leithris Phoiblí.</p>	<p>Tá 88km de chósta Fhine Gall á chothabháil ag an Roinn Oibríochtaí lena n-áirítear 11 trá ainmnithe atá le fáil i mBaile Brigín, Na Sceirí Theas, Loch Sionnaigh, An Ros Thuaidh agus Theas, Port Reachrann, Domhnach Bat, Mullach Íde, Port Mearnóg, Cill Fhionntain, Trá an Choinicéir, Claremont agus Binn Éadair.</p> <p>Fostaíodh 35 garda tarrthála idir Meitheamh agus tús Mheán Fómhair 2022. Rinneadh monatóireacht leanúnach ar shamplaí de sháile i rith an tséasúir shnáimha d'fhonn a chinntiú go raibh na ceanglais a bhaineann le Cáilíocht an Uisce Snámha á gcomhlíonadh.</p> <p>Rinneadh calafoirt agus cuanta ag Baile Brigín, Na Sceirí, Loch Sionnaigh agus An Ros a bhainistiú agus a chothabháil i rith na bliana agus cuireadh obair i gcrích ar na baoithe marcála agus ar na háiseanna loingseoireachta ag Cuan na Sceirí. Chomh maith leis sin, cheap an Chomhairle Máistir Cuan d'fhonn a chinntiú go bhfuil na 4 Chuan á mbainistiú ag an gcaighdeán is airde agus is féidir.</p> <p>Lean na foirne Bruscair agus Glantacháin lena gcláir thimthriallacha agus freagartha sa ríocht phoiblí ar fud an Chontae agus thacaigh siad leis an obair atá á déanamh ag Grúpaí na mBailte Slachtmhara agus ag oibríthe deonacha eile.</p>
<p>Tacú le himeachtaí móra tráchtála agus pobail mar is cuí.</p>	<p>Reáchtáladh líon suntasach imeachtaí inár bpáirceanna réigiúnacha agus spásanna oscailte agus sa ríocht phoiblí i rith 2022 mar thoradh ar shrianta a bhain le Covid 19.</p> <p>Ainneoin gur thacaigh an Roinn Oibríochtaí le neart imeachtaí in 2022, tá blaiseadh le fáil sa liosta seo a leanas ar na himeachtaí móra a reáchtáladh ar fud an Chontae:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Féile Chuan an Rois</li> <li>• Ceolchoirmeacha Mhullach Íde</li> <li>• Regatta na Sceirí</li> <li>• Rinc Scátála Oighir <i>Cool Running</i> Pháirc na Mílaoise</li> <li>• Féile Shráidbhaile Chaisleán Cnucha</li> <li>• Margadh an Domhnaigh i bPáirc San Cairtróna</li> <li>• Mórshiúlta Lá Féile Pádraig i mbailte ar fud an chontae</li> </ul> <p>Áirítear an méid seo a leanas i mbainistíocht imeachtaí tráchtála agus spóirt nuair a cheadaítear a leithéid:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Imeachtaí roimh agus i ndiaidh imeachtaí</li> <li>• Bailíochtú doiciméad agus ceadanna imeachta a eisiúint</li> <li>• Iarratas ar dhúnadh bóthair sealadach</li> <li>• Bainistíocht Bruscair</li> <li>• Comhairle ghairmiúil maidir le bainistíocht tráchta</li> <li>• Comhairle maidir le sábháilteacht sluaite a bhainistiú</li> </ul>





*150 bosca bruscair cliste nua néata grianchumhachtaithe curtha ar fáil i bhFine Gall*



*Daoine ag baint taitnimh as ceolchoirm a reáchtáladh mar chuid de shraith gigeanna an tsamhraidh i gCaisleán Mhullach Íde*



# Seirbhísí do Dhaoine

Cuspóir Soláthar Seirbhíse	Tuarascáil Mheasúnaithe 2022
<p>Tacú le cultúr bainistíochta agus forbartha feidhmíochta éifeachtach a fhorbairt agus a leabú san eagraíocht.</p>	<p>Tá Córas Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha á chur chun feidhme a bhfuil creataí inniúlachta, plean oiliúna bliantúil agus Clár Breisoideachais, a bhfuil cúnamh airgeadais ar fáil lena aghaidh mar ghnáthphróiseas gnó, ag tacú leis.</p>
<p>Clár a chur chun feidhme a thacaíonn le folláine, comhionannas agus éagsúlacht san áit oibre.</p>	<p>Tarraingíonn an tOifigeach Foirne Folláine nuacheaptha, aird ar ghníomhaíochtaí folláine foirne go rialta agus tríd an Straitéis Folláine freisin, agus an fóram foirne - Líonra Ghine Gall agus Líonra de ghrúpaí sóisialta neamhfhoirmiúla atá bunaithe ag baill foirne. Tá Comhionannas agus Éagsúlacht comhtháite i bpróiseas gnó na heagraíochta.</p>
<p>Chun oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as infhaighteacht agus scileanna acmhainní daonna na Comhairle.</p>	<p>Tá folúntais foirne á líonadh ar bhonn tráthúil agus tá clár soghluaisteachta dinimiciúil bunaithe a éascaíonn baill foirne a imlonnú ag féachaint do cheanglais oibríochtúla agus aidhmeanna forbartha gairme. Cuireadh clár oiliúna bliantúil i bhfeidhm ar líne agus ar bhonn pearsanta. Bhí córas bainistíochta tinrimh réamhghníomhach bunaithe freisin.</p>
<p>Chun tacú le timpeallacht oibre atá sábháilte agus sláintiúil.</p>	<p>Tá córas sábháilteachta réamhghníomhach agus dinimiciúil i bhfeidhm le haghaidh cigireachtaí sábháilteachta, iniúchadh sábháilteachta agus iniúchadh timpistí. Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar bhaill foirne freastal ar chúrsaí oiliúna sábháilteachta ar bhonn struchtúrtha agus rialta.</p>



Móraonach Post  
2022



# Bonneagar Pleanála & Straitéiseach

<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
<p>Bonneagar straitéiseach (fisiciúil &amp; glas) a chur ar fáil sa Chontae.</p>	<p>Dul chun cinn maith déanta i ndáil le conarthaí réamhoibreacha agus talamh a fháil do Shlí an Mhóinéir Leathain. Reáchtáladh comhairliúcháin shuntasacha a bhain le Slí Chósta Fhine Gall agus Cill Fhionntain-Mullach Íde, agus tá doiciméid phleanála á n-ullmhú a bheidh le cur faoi bhráid an Bhoird Pleanála a bhaineann le hoibreacha atá le déanamh i gCill Fhionntain-Mullach Íde. Talamh faighte do Ghlasbhealach na Canálach Ríoga agus iarratas pleanála le déanamh in 2023. Tús curtha leis an bpróiseas tairisceana d'oibreacha atá le déanamh ag Ongar-Cnoc an Sciobóil agus Bóthar Anraí Mhic Raghnaill agus é mar aidhm conraitheoirí a cheapadh in 2023. Creataí comhairleoireachta tosaithe do Shord, Cionn Sáile agus Domhnach Bat, atá dírithe ar thionscadail éagsúla sna ceantair seo. Foilsíodh Straitéis Shoid Inbhuanaithe, ina moltar bonneagar iompair éagsúil do Shord. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an obair ar Bhóthar Ceangail Ghoirt an Teampaill. Táthar ag leanúint ar aghaidh ag obair ar Acomhal Snugborough.</p> <p>Leanadh ar aghaidh ag obair ar shaoráid Pháirc Uile-Aimsire Ghleann na hAbhann agus cuireadh tús le forbairt Mhol Áineasa Bhaile an Phóirtéaraigh agus an chéad chéim de Mhol Áineasa Pháirc Réigiúnach Bhrí Mhór.</p> <p>Cuireadh oibreacha athchóirithe ar cheithre theach gloine oidhreachta i nDiméin Ard Giolláin i gcrích. Leanadh leis an bpróiseas soláthair atá ag tacú le huasghrádú Pháirc Bhéal Átha Liag, Páirc Shráidbhaile na hAille, Spás Poiblí Bhaile Gháire agus Páirc Súgartha Chuan Bhinn Éadair. Leanadh ar aghaidh leis an obair a bhain le hiniúchadh ar shaoráidí spraoi poiblí a fhorbairt i bhFine Gall de réir an bheartais a bhfuil glactha leis dar teideal "Spás Spraoi, Beartas Spraoi d'Fhine Gall".</p> <p>Cuireadh tú leis an obair ullmhúcháin a bhain le Tionscadal Forbartha Pháirc Réigiúnach Abhainn an Bharda. Leanadh leis na hoibreacha ag bealach isteach an Tí Gheata ag Caisleán Bhrí Mhór. Fuarthas cead pleanála ón mBord Pleanála do Pháirc an Ráschúrsa, Tionscadal Forbartha Bhaile Dúill. Leanadh ar aghaidh leis na pleananna do Pháirc Bhaile Roisér (Líonadh Talún Bhaile Amhlaoihbh) roimhe seo.</p>
<p>Tacú le Rialacháin Tógála agus le Rialacháin maidir le Táirgí Tógála agus iad a Fhorfheidhmiú.</p>	<p>In 2022, chuir 2,935 foirgneamh nua fógraí tosaithe ar fáil trí chóras BCMS agus rinneadh athbhreithniú teicniúil deisce ar bhreis is 50% díobh ag an gcéim deiridh den phróiseas. Anuas air sin, dhéileáil an Chomhairle le 275 Teastas Sábháilteachta Dóiteáin agus 189 Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas. Rinne an tÚdarás Rialaithe Tógála breis is 400 cigireacht ar an láthair.</p> <p>Is é Rialú Tógála an tÚdarás Faireachais Margaidh do Tháirgí Tógála i gceantar Fhine Gall. In 2022 bhí an Sprioctháirge comhiomlánaithe agus rinne foireann Fhine Gall, le cúnamh ón Údarás Náisiúnta Rialaithe Tógála cigireacht ar chairéil i gceantar Fhine Gall. Lena chois sin, tionscnaíodh gníomh forfheidhmithe i gcoinne soláthraí amháin cruach réamhdhéanta nach raibh an Caighdeán Náisiúnta Comhchuibhithe á chomhlíonadh aige.</p>



<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
A chinntiú go ndéantar gníomh oiriúnach i ndáil le forbairt neamhúdaraíthe.	Cigireachtaí agus gníomh forfheidhmithe leanúnach. Eisíodh 228 litir rabhaidh agus 29 fógra forfheidhmithe. Cuireadh 3 chás nua faoi bhráid na Roinne Dlí i rith 2022, rud a chiallaíonn go bhfuil an Roinn Dlí ag déileáil le 19 gcás forfheidhmithe nó go bhfuiltear ag déileáil leo ag céimeanna éagsúla den chóras dlí.
A chinntiú go bhfuil cinntí pleanála trédhearcach agus go bhfuil cinneadh á dhéanamh maidir leo de réir pleanáil chúí agus forbairt inbhuanaithe.	Cinneadh déanta maidir le cinntí pleanála de réir ceanglas reachtúil. Fuarthas 1,303 iarratas pleanála, rinneadh 1,210 cinneadh. Cuireadh 20 iarratas SHD faoi bhráid an Bhoird Pleanála, ceadaíodh 2 SHD, aistarraingíodh ceann amháin agus diúltaíodh do cheann amháin. Cuireadh 6 iarratas ar Fhorbairt Chónaithe Mhórscála (LRD) faoi bhráid Chomhairle Contae Fhine Gall agus ceadaíodh 2 chinneadh LRD i rith 2022.
Próiseas Reachtúil Tógáil i gCúram a Bhainistiú.	Rinneadh athbhreithniú ar an mbeartas Tógáil i gCúram agus nuashonraíodh na sonraíochtaí atá le fáil ann. Tá an Chomhairle anois ag glacadh le faisnéis ar líne agus le CCTV ó Fhorbróirí trí Sharepoint. Rinneadh 12 eastát a Thógáil i gCúram in 2022.



*Scéim Rothaíochta agus Siúil - Cill Fhionntain go Mullach Íde*

<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
<p>Ullmhú/athbhreithniú an Phlean Forbartha Contae - leag amach an straitéis agus na cuspóirí d'fhorbairt inbhuanaithe an Chontae.</p>	<p>Leanadh ar aghaidh le próiseas an Phlean Forbartha in 2022. Cuireadh an dara agus an tríú babhta de chomhairliúchán poiblí i gcrích i mí Bealtaine agus i mí na Nollag i mbliana. Tá sé beartaithe Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir le hAthruithe Ábhartha a eisiúint chuig baill i mí Eanáir 2023, agus tá sé beartaithe glacadh leis an bPlean i mí Feabhra 2023. Táthar ag súil go mbeidh Plean Forbartha Fhine Gall 2023 – 2029 i bhfeidhm i mí Aibreáin 2023.</p>
<p>Cuireadh córais iompair inbhuanaithe ar fáil do gach saoránach.</p>	<p>Glacadh le Plean Caipitil 2023-2025 ina gcuimsítear raon scéimeanna a bhfuiltear ag obair orthu faoi láthair lena n-áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Slí an Mhóinéir Leathain: tá na conarthaí réamhoibreacha á bhforbairt faoi láthair;</li> <li>• Slí Chósta Fhine Gall: comhairliúchán maidir leis an mbealach is dealraithe a roghnófar curtha i gcrích.</li> <li>• Cill Fhionntain-Mullach Íde - comhairliúchán maidir leis an mbealach is dealraithe a roghnófar curtha i gcrích, doiciméid phleanála á n-ullmhú le cur faoi bhráid an Bhoird Pleanála in 2023.</li> <li>• Talamh faighte do Ghlasbhealach na Canálach Ríoga agus iarratas pleanála le déanamh in 2023.</li> <li>• Ongar-Cnoc an Sciobóil - tús curtha leis an tairiscint agus é beartaithe conraitheoir a cheapadh in 2023.</li> <li>• Bóthar Anraí Mhic Raghnaill: tús curtha leis an tairiscint agus é beartaithe conraitheoir a cheapadh in 2023.</li> <li>• Creataí comhairleoireachta tosaithe do Shord, Cionn Sáile agus Domhnach Bat, atá dírithe ar thionscadail éagsúla sna ceantair seo.</li> <li>• Straitéis Shoird Inbhuanaithe foilsithe ina moltar bonneagar iompair éagsúil do Shord.</li> <li>• Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an obair ar Bhóthar Ceangail Ghoirt an Teampaill.</li> <li>• Táthar ag leanúint ar aghaidh ag obair ar Acomhal Snugborough.</li> </ul>






<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
Tacú le Bithéagsúlacht agus í a chosaint.	Cuireadh comhairliúchán poiblí i gcrích maidir le Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Fhine Gall nua agus leanadh le hoibreacha de réir Phlean Bithféir Chuan Bhaile Átha Cliath.
Tacú le hAtógáil Éireann.	<p>Forbairt chónaithe leanúnach, Nollaig 2022:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Tá 67 láithreán cónaithe gníomhach ina bhfuil 2,933 aonad á dtógáil. Tógadh 2,083 aonad i rith an 12 mhí go dtí deireadh Ráithe 4 2022. Tá 49 láithreán neamhghníomhach ann agus d'fhéadfaí 7,262 aonad eile a chur ar fáil.</li> <li>Táthar ag leanúint leis na hoibreacha tógála ag Páirc Hans. Tá seacht n-iarratas pleanála déanta ar thailte SDZ faoi láthair, agus tá cúig cinn de na láithreáin seo gníomhach. Go dtí seo, tá 1,568 aonad Áitithe/ Críochnaithe ar thailte SDZ ó bunaíodh an scéim. Ceadáíodh Iarratas Pleanála amháin an ráithe seo - iarratas a bhaineann le 174 Árasán.</li> <li>Ag An Seanbhaile/Baile na Móna (MUHDS/LIHAF), tá sé láithreán ghníomhacha ar na tailte seo. Bhí 254 aonad á dtógáil i Ráithe 4 2022.</li> <li>I nDomhnach Bat (MUHDS/LIHAF), mhéadaigh an ghníomhaíocht tógála idir Ráithe 3 2022 agus Ráithe 4 2022. Tá deich n-iarratas pleanála déanta a bhaineann le Domhnach Bat, agus tá sé iarratas fós gníomhach. As measc na gceithre iarratas pleanála atá fós le tosú, is Iarratas SHD é ceann amháin díobh.</li> <li>In An Choill Thuaidh - Seantrabh, táthar ag leanúint leis an obair thógála ar cheithre láithreán gníomhacha, agus is SHD é ceann acu, agus cuireadh tús le hIarratas Pleanála nua amháin i Ráithe 4 2022. Tá sé chead ar marthain a bhfuil 294 aonad luaite leo nach bhfuil tosaithe fós agus tá 381 aonad ar fad ceadaithe nach bhfuil tosaithe a bhaineann le deich gcead atá luaite leis an gceantar seo.</li> <li>Sráidbhailte Tuaithe: Tá 10 nIarratas Pleanála Ceadaithe, agus is SHD é ceann amháin acu. Tá naoi gcinn de na hIarratais gníomhach i gcúig Shráidbhaile i bhFine Gall agus tá sé beartaithe tús a chur le hIarratas Pleanála nua amháin i Ráithe 4.</li> </ul>
Beartas Bainistíochta Cósta a fhorbairt.	Leanadh ar aghaidh ag obair ar Thionscadal Píolótach Fhine Gall d'Oibreacha Monatóireachta Cósta i gcomhar le ONP agus le pleananna a ullmhú d'Oibreacha Cosanta Cósta ag Inbhear Seachtrach Bhaile Roiséir.



<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
<p>Tacú le hoidhreacht thógtha agus chultúrtha an Chontae agus í a chosaint.</p>	<p>Lean an Oifig Oidhreachta ag tacú le próiseas an Phlean Forbartha. Maidir leis na Comhaid Phleanála, ullmhaíodh tuarascálacha Comhairlí le haghaidh:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• 132 Cead Pleanála</li> <li>• 6 LRD</li> <li>• 18 SHD</li> <li>• 27 Comhlíontacht</li> </ul> <p>Tionscadail Bhoneagair; Athbhreithniú ar dhoiciméid, ionchur agus comhairle thrasrannach do thionscadail bhonneagair Fhine Gall lena n-áirítear Ceathrú Cultúrtha Shoird, Páirce Réigiúnach Abhainn an Bharda, Ár mBaile Brigín agus Slí Chósta Fhine Gall.</p> <p>Ainmniú Forbairtí; Lorgaíodh 30 tuarascáil chomhlíontachta a raibh coinníollacha ainmnithe luaite leo ón Oifigeach Oidhreachta in 2022. San áireamh sa phróiseas tá idirchaidreamh le cumainn stairiúla, Coimisiún na Logainmneacha, taighde agus meastóireacht.</p> <p>Leanadh ar aghaidh le treoir maidir le hainmniú a fhorbairt d'fhorbróirí.</p> <p>Chomh maith leis sin, tá an Ciste Séadchomharthaí Pobail i bhFhine Gall á riar ag an Oifigeach Oidhreachta do Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Cuireadh maoiniú ar fáil do roinnt tionscadal in 2022, ag Séipéal Mhearnóg, Port Mearnóg, Séipéal San Cairtróna, Cionn Iúir, Túrtheach an Rois, Túir Cholm Cille, Sord, Coill an Mhóta, An Aill, Túrtheach Bhaile an Ridire agus Séipéal Mhuire, Gleann Meáin, An Seanbhaile.</p> <p>Leanadh ar aghaidh ag obair ar na tionscadail seo a leanas in 2022 freisin: Tionscadal Tuíodóireachta Fhine Gall 2022, Tochailt ag Droim Meánach 2022, Oidhreachtaí Choinbhleacht 1914-1945 agus Oidhrecht Fhine Gall X Aeráid.</p> <p>Lean an Lónra Oidhreachta ar aghaidh lena chuid oibre, agus an Fóram Oidhrecht agus eagraíodh roinnt imeachtaí don tSeachtain Oidhreachta.</p>





*Raon reatha uile-aimsire nua a thógáil mar aon le páirc spóirt shintéisigh 3G ag Páirc Bhaile an Phóirtéaraigh, Caisleán Cnucha*

# Seirbhísí Uisce

<b>Cuspóir Soláthar Seirbhíse</b>	<b>Tuarascáil Mheasúnaithe 2022</b>
Seirbhísí Uisce/SLV/ASP a chur ar fáil.	Is é Uisce Éireann an fónas poiblí atá freagrach as Seirbhísí Uisce, lena n-áirítear; <ul style="list-style-type: none"> <li>• Táirgeadh agus dáileadh uisce</li> <li>• Bailiú fuíolluisce</li> <li>• Tá an Chomhairle ag leanúint ar aghaidh le seirbhísí cóireála agus diúscairthe a chur ar fáil de réir Chomhaontú ar Leibhéal Seirbhíse 2022 idir Uisce Éireann agus Comhairle Contae Fhine Gall.</li> </ul>
Líonra Uisce Dromchla Fhine Gall a Chothabháil.	Tá an Chomhairle freagrach as forbairt, bainistíocht agus cothabháil Líonra Uisce Dromchla Fhine Gall agus tá foráil déanta don obair seo i mbuiséad loncainm agus Caipitil Fhine Gall do 2022. I rith 2022, lean an Chomhairle ar aghaidh le hoibreacha nua, le cothabháil agus deisiúcháin leanúnacha, lena n-áirítear díriú ar cheantair ar leith sa Chontae nach mór iarracht a dhéanamh tuilte iontu a chosc.



*Éicileithris nua suiteáil ag Gairdín Shackleton, D15*

---

# Appendices



# Comhaltaí den Chomhairle

## TOGHLIMISTÉAR BHAILE BRIGÍN

**Gráinne Maguire,**  
(Neamhpháirtí),  
90 Sráid Dhroichead Átha,  
Baile Brigín, Co. Bhaile  
Átha Cliath Fón Póca: 087  
9436650  
Ríomhphost:  
Grainne.Maguire@  
cllrs.fingal.ie

**Tony Murphy,**  
(Neamhpháirtí),  
20 Sráid Dhroichead Átha,  
Baile Brigín, Co. Bhaile  
Átha Cliath Fón Póca: 086  
8140994  
Ríomhphost:  
Tony.Murphy@cllrs.  
fingal.ie

**Seána Ó'Rodaigh,**  
(Páirtí an Lucht Oibre),  
f/ch Comhairle Contae  
Fhine Gall, An  
Phríomhshráid, Sord, Co.  
Bhaile Átha Cliath  
Fón Póca: 085 8313801  
Ríomhphost:  
Seana.ORodaigh@  
cllrs.fingal.ie

**Tom O'Leary,**  
(Fine Gael),  
4 Teach an Chuain, Sráid  
Thomáis Uí Láimhín, Na  
Sceirí, Co. Bhaile Átha  
Cliath  
Fón Póca: 087 2459897  
Ríomhphost:  
Tom.OLeary@cllrs.  
fingal.ie

## BAILE BHLAINSEIR - MULLACH EADRAD

## TOGHLIMISTÉAR

**John Burtchaell,**  
(Comhar Críostaí)  
5 Corrán an tSaidléara,  
Mullach Eadrad, Baile Átha  
Cliath 15  
Fón Póca: 087 1029372  
Ríomhphost:  
John.Burtchaell@cllrs.  
fingal.ie

**JK Onwumereh,**  
(Fianna Fáil),  
f/ch Comhairle Contae Fhine  
Gall, Bóthar an Gharráin,  
Baile Bhlainséir, Baile Átha  
Cliath 15  
Fón Póca: 089 9642783  
Ríomhphost:  
Jk.Onwumereh@cllrs.  
fingal.ie

**Breda Hanaphy,**  
(Sinn Féin),  
20 Corrán na Coirre Duibhe,  
Baile Bhlainséir, Baile Átha  
Cliath 15  
Fón Póca: 087 1620917  
Ríomhphost:  
Breda.Hanaphy@cllrs.  
fingal.ie

**Mary McCamley,**  
(Páirtí an Lucht Oibre),  
147 Gleann Chaisléan an  
Churraigh,  
Mullach Eadrad, Baile Átha  
Cliath 15  
Fón Póca: 087 6501441  
Ríomhphost:  
Mary.McCamley@cllrs.

## TOGHLIMISTÉAR CHAISEÁN CNUCHA

**Siobhan Shovlin,**

f/ch Comhairle Contae Fhine  
Gall, Bóthar an Gharráin, Baile  
Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15  
Fón Póca: 087 3984778  
Ríomhphost:  
Siobhan.Shovlin@cllrs.  
fingal.ie

**Ted Leddy,**  
(Fine Gael),  
f/ch Comhairle Contae Fhine  
Gall, Bóthar an Gharráin, Baile  
Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15  
Fón Póca: 087 3276630  
Ríomhphost:  
Ted.Leddy@cllrs.fingal.  
ie

**Howard Mahony,**  
(Fianna Fáil),  
10 Bealach Bhramlaí, Caisleán  
Cnucha, Baile Átha Cliath 15  
Fón Póca: 087 0506146  
Ríomhphost:  
Howard.Mahony@cllrs.  
fingal.ie

**Pamela Conroy,**  
(An Comhaontas Glas),  
f/ch Comhairle Contae Fhine  
Gall, Bóthar an Gharráin, Baile  
Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15  
Fón Póca: 086 8462891  
Ríomhphost:  
Pamela.Conroy@cllrs.  
fingal.ie

**Natalie Treacy,**  
(Sinn Féin),  
9 Gleann Shruethán na Giúise,  
Mullach Eadrad, Baile Átha  
Cliath 15  
Fón Póca: 085 1285493  
Ríomhphost:  
Natalie.Treacy@cllrs.  
fingal.ie

**John Walsh,**



## TOGHLIMISTÉAR BHINN ÉADAIR-MHULLACH ÍDE

**Eoghan O'Brien,**  
(Fianna Fáil),  
4 Céide an Mhuilinn,  
Lána Mhic Coitil, Cionn Sáile, Co. Bhaile Átha Cliath  
Fón Póca: 086 8580562  
Ríomhphost:  
Eoghan.OBrien@cllrs.fingal.ie

**Joan Hopkins,**  
(Na Daonlathaithe Sóisialta)  
f/ch Comhairle Contae Fhine Gall, An Phríomhshráid, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath  
Fón Póca: 083 1031541  
Ríomhphost:  
Joan.Hopkins@cllrs.fingal.ie

**Jimmy Guerin,**  
(Neamhpháirtí),  
27 Plásóga Thormanby, Binn Éadair, Co. Bhaile Átha Cliath  
Fón Póca: 086 0143346  
Ríomhphost:  
Jimmy.Guerin@cllrs.fingal.ie

**David Healy,**  
(An Comhaontas Glas),  
54 Páirc Evora, Binn Éadair, Co. Bhaile Átha Cliath  
Fón Póca: 087 6178852  
Ríomhphost:  
David.Healy@cllrs.fingal.ie

**Anthony Lavin,**  
(Fine Gael),  
28 Bóthar Chalfont, Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath  
Fón Póca: 087 9931329  
Ríomhphost:  
Anthony.Lavin@cllrs.fingal.ie

**Aoibhinn Tormey,**  
(Fine Gael),  
f/ch Comhairle Contae Fhine Gall, An Phríomhshráid, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath  
Fón Póca: 087 7546258  
Ríomhphost:

## TOGHLIMISTÉAR ONGAR

**Tania Doyle,**  
(Neamhspleách),  
f/ch Comhairle Contae Fhine Gall, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15  
Fón Póca: 085 780 9292  
Ríomhphost:  
Tania.Doyle@cllrs.fingal.ie

**Tom Kitt,**  
(Fianna Fáil),  
48 Coill an Chaisleáin, Cluain Saileach, Baile Átha Cliath 15  
Fón Póca: 086 1995801  
Ríomhphost:  
Tom.Kitt@cllrs.fingal.ie

**Angela Donnelly,**  
(Sinn Féin) (Márta 2022)  
f/ch Oifig Shinn Féin, Aonad 1, Taobh na Páirce, Céim 2, Sráidbhaile Mhullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15  
Fón Póca: 087 6730137  
Ríomhphost:  
Angela.Donnelly@cllrs.fingal.ie

**Daniel Whooley,**  
(An Comhaontas Glas),  
f/ch Comhairle Contae Fhine Gall, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15  
Fón Póca: 087 3978024

Baile Átha Cliath 15  
Fón Póca: 087 2595949  
Ríomhphost:  
Kieran.Dennison@cllrs.fingal.ie

**Aaron O'Rourke,**  
(Sinn Féin)(go dtí Feabhra 22)

## TOGHLIMISTÉAR AN ROIS-LUSCA

**Cathal Boland,**  
(Neamhpháirtí),  
*Stone Cottage*, Lána Dhriseoige, An Seanbhaile, Co. Bhaile Átha Cliath  
Fón Póca: 086 2577672  
Ríomhphost:  
Cathal.Boland@cllrs.fingal.ie

**Brian Dennehy,**  
(Fianna Fáil),  
85 Bóthar an Chainéil, An Ros, Co. Bhaile Átha Cliath  
Fón Póca: 085 2298201  
Ríomhphost:  
Brian.Dennehy@cllrs.fingal.ie

**Adrian Henchy,**  
(Fianna Fáil),  
3 Somerton, Bóthar Phort Reachrann, Domhnach Bat, Co. Bhaile Átha Cliath  
Fón Póca: 087 6814485  
Ríomhphost:  
Adrian.Henchy@cllrs.fingal.ie

**Paul Mulville,**  
(Na Daonlathaithe Sóisialta)  
An Coinicéar, Port Reachrann, Co. Bhaile Átha Cliath  
Fón Póca: 086 3787395  
Ríomhphost:  
Paul.Mulville@cllrs.



## **TOGHLIMISTÉAR SHOIRD**

### **Darragh Butler,**

(Fianna Fáil),  
17 Clós an Ghoirt Aird, Sord,  
Co. Bhaile Átha Cliath  
Fón Póca: 087 9595378  
Ríomhphost:  
Darragh.Butler@cllrs.  
fingal.ie

### **Ian Carey,**

(An Comhaontas Glas),  
Teach an Chaorthainn,  
Crois an Bhaile Nua, Cúil  
Chaoith, An Barda, Co.  
Bhaile Átha Cliath  
Fón Póca: 086 3074004  
Ríomhphost:  
Ian.Carey@cllrs.fingal.  
ie

### **Ann Graves,**

(Sinn Féin),  
f/ch Comhairle Contae  
Fhine Gall, An  
Phríomhshráid, Sord, Co.  
Bhaile Átha Cliath  
Fón Póca: 087 2724359  
Ríomhphost:  
Ann.Graves@cllrs.  
fingal.ie

### **Brigid Manton,**

(Fianna Fáil),  
43 Páirc Gharrán na Giúise,  
Sord, Co. Bhaile Átha Cliath  
Fón Póca: 086 2476596  
Ríomhphost:  
Brigid.Manton@cllrs.  
fingal.ie

### **Dean Mulligan,**

(Neamhspleáigh ar son an  
Athraithe), f/ch Comhairle  
Contae Fhine Gall, An  
Phríomhshráid, Sord, Co.  
Bhaile Átha Cliath  
Fón Póca: 087 9666260  
Ríomhphost:

Ríomhphost:  
Joe.Newman@cllrs.  
fingal.ie

### **James Humphreys,**

(Páirtí an Lucht Oibre)  
f/ch Comhairle Contae  
Fhine Gall, An  
Phríomhshráid, Sord,  
Co. Bhaile Átha Cliath  
Fón Póca: 083 8560832





# Comhaltacht na Comhairle de Bhuanchóistí na Comhairle

## COISTÍ CEANTAIR

### Baile Brigín/An Ros-Lusca/Sord

Comhaltaí de Thoghlimistéir Bhaile Brigín, an Rois-Lusca agus Shoord. **Cathaoirleach an Cheantair:** Ceapadh an Comhairleoir Gráinne Maguire in ionad an Chomhairleoir Tony Murphy Iúil 2022

### Baile Bhlainséir-Mullach Eadrad/ Caisleán

**Cnucha/Ongar** Comhaltaí de Thoghlimistéir Bhaile Blainséir-Mhullach Eadrad, Chaisleán Cnucha agus Ongar. **Cathaoirleach an Cheantair:** Ceapadh an Comhairleoir Mary McCamley in ionad an Comhairleoir Pamela Conroy, Iúil 2022

### Binn Éadair-Mullach Íde

Comhaltaí Thoghlimistéar Bhinn Éadair-Mhullach Íde **Cathaoirleach an Cheantair:** Ceapadh an Comhairleoir David Healy in ionad an Comhairleoir Eoghan O'Brien, Iúil 2022

## AN COISTE EAGRAITHE AGUS NÓSANNA IMEACHTA

**Méara:** An Comhairleoir Howard Mahony - Meitheamh 2022 – Nollaig 2022

## SPC UM FHORBAIRT POBAIL, OIDHREACTH, CULTÚR & CRUTHAITHEACTH

Na comhairleoirí seo a leanas - Joan Hopkins (Cathaoirleach), John Walsh, Grainne Maguire, Seána ÓRodaigh, JK Onwumereh, Cathal Boland

**Ainmnithe Neamhthofa:** Abbi Wise, Liz Madden (suas go dtí MF 2022)

## SPC BAINISTÍOCHTA IOMPAIR & BONNEAGAIR

